

Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

Eagrán Speisialta *

24 Samhain 2009



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsíú éigeantach

RIALACHÁIN

- ★ Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle 1
- ★ Rialachán (CE) Uimh. 1108/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 i réimse na n-aeradróm, an bhainistithe aerthráchta agus na seirbhísí aerloingseoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/23/CE ⁽¹⁾ 51

Ceartúcháin

- ★ Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I) (IO L 177, 4.7.2008) (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, Eagrán Speisialta Gaeilge 51, an 4 Iúil 2008, lch. 6) 71
- ★ Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 (IO L 211, 14.8.2009) (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, Eagrán Speisialta Gaeilge) 71
- ★ Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 444/2009 an 28 Bealtaine lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle maidir le caighdeán do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit (IO L 142, 6.6.2009) (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L, Eagrán speisialta Gaeilge) 71
- ★ Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le suirbhéanna ar struchtúr feirmeacha agus an suirbhé ar mhodhanna táirgeachta talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 571/88 ón gComhairle (IO L 321, 1.12.2008) (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Eagrán L, Speisialta Gaeilge) 72

⁽¹⁾ Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

Praghas: 4 EUR

GA

* Faoin tagairt L 309 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha arna mbunú ar Chonarthaí CE/CEFA a bhfuil a bhfoilsíú éigeantach)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (CE) Uimh. 1107/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2009

maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE ón gComhairle

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 37(2), Airteagal 95 agus Airteagal 152(4)(b) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh ⁽⁴⁾, déantar foráil maidir le rialacha lena rialaítear táirgí cosanta plandaí agus na substaintí gníomhacha atá sna táirgí sin.
- (2) Tar éis na tuarascála ar dhul chun cinn arna tíolacadh ag an gCoimisiún faoi Threoir 91/414/CEE, d'iarr Parlaimint na hEorpa lena Rún dar dáta an 30 Bealtaine 2002 ⁽⁵⁾ agus an Chomhairle ina Conclúidí dar dáta an 12 Nollaig

2001 ar an gCoimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar Threoir 91/414/CEE agus shonraigh siad roinnt saincheistanna ar iarr siad ar an gCoimisiún díriú orthu.

- (3) I bhfianaise na taithí a fuarthas trí Threoir 91/414/CEE a chur i bhfeidhm agus i bhfianaise na bhforbairtí teicniúla agus eolaíochta a rinneadh le gairid, ba cheart gníomh nua a chur in ionad na Treorach sin.
- (4) Ar mhaithe le simpliú, ba cheart freisin go n-aisghairfear leis an ngníomh nua Treoir 79/117/CEE ón gComhairle an 21 Nollaig 1978 lena dtoirmiscear táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha áirithe a chur ar an margadh agus a úsáid ⁽⁶⁾.
- (5) Chun cur i bhfeidhm an ghnímh nua a shimpliú agus chun comhsheasmhacht ar fud na mBallstát a áirithiú, ba cheart é a bheith i bhfoirm Rialacháin.
- (6) Tá fiorthábhacht ag baint le táirgeadh plandaí sa Chomhphobal. Tá úsáid táirgí cosanta plandaí ar cheann de na bealaí is tábhachtaí dá bhfuil ann chun plandaí agus táirgí plandaí a chosaint ar orgánaigh dhíobhálacha, lena n-áirítear fiailí, agus chun an táirgeadh talmhaíochta a fheabhsú.
- (7) Is féidir iarmhairtí neamhthairbhíúla, áfach, a bheith ag táirgí cosanta plandaí ar tháirgeadh plandaí freisin. D'fhéadfadh rioscaí agus guaiseacha don duine, d'ainmhithe agus don chomhshaol a bheith ag roinnt lena n-úsáid, go háirithe má chuirtear ar an margadh iad gan iad a thástáil agus a údarú go hoifigiúil agus má bhaintear úsáid astu ar dhóigh mhícheart.

⁽¹⁾ IO C 175, 27.7.2007, lch. 44.

⁽²⁾ IO C 146, 30.6.2007, lch. 48.

⁽³⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 23 Deireadh Fómhair 2007 (IO C 263 E, 16.10.2008, lch. 181), Comhsheasamh ón gComhairle an 15 Meán Fómhair (IO C 266 E, 21.10.2008, lch. 1) agus Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 13 Eanáir 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil). Cinneadh ón gComhairle an 24 Meán Fómhair 2009.

⁽⁴⁾ IO L 230, 19.8.1991, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO C 187 E, 7.8.2003, lch. 173.

⁽⁶⁾ IO L 33, 8.2.1979, lch. 36.

- (8) Is é is cuspóir don Rialachán seo ná ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe, agus don chomhshaol, agus iomaíochas thalmhaíocht an Chomhphobail a choimirciú ag an am céanna. Ba cheart aird faoi leith a thabhairt ar chosaint grúpaí leochaileacha sa daonra, lena n-áirítear mná torracha, naín agus leanaí. Ba cheart prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm agus ba cheart go n-áirítear leis an Rialachán seo go dtaispeánfadh an lucht tionscail nach bhfuil aon iarmhairt dhochrach ag substaintí nó táirgí a tháirgtear nó a chuirtear ar an margadh ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó nach bhfuil aon iarmhairtí neamh-inghlactha acu ar an gcomhshaol.
- (9) Chun deireadh a chur, a mhéid is féidir, le haon chonstaicí atá ar thrádáil i dtáirgí cosanta plandaí de bharr nach ionann na leibhéil cosanta sna Ballstáit, ba cheart go leagfaí síos freisin leis an Rialachán seo rialacha comhchuibhithe maidir le substaintí gníomhacha a fhormheas agus maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, lena n-áirítear na rialacha maidir le haitheantas frithpháirteach d'údaruithe agus maidir le trádáil chomhthreomhar. Is é is cuspóir ag an Rialachán seo, dá bhrí sin, ná méadú a dhéanamh ar shaorghluaiseacht na dtáirgí sin agus ar infhaighteacht na dtáirgí sin sna Ballstáit.
- (10) Níor cheart go gcuirfí substaintí i dtáirgí cosanta plandaí seachas i gcás ina mbeifear tar éis a thaispeáint go dtéann siad chun tairbhe do tháirgeadh plandaí agus nach dóigh go mbeidh aon iarmhairtí díobhálacha acu ar shláinte an duine ná ar shláinte ainmhithe ná nach mbeidh aon iarmhairtí neamh-inghlactha acu ar an gcomhshaol. Chun an leibhéal cosanta céanna a bhaint amach sna Ballstáit go léir, ba cheart go ndéanfaí an cinneadh maidir le hinghlacthacht nó le neamh-inghlacthacht na substaintí sin a ghlacadh ar leibhéal an Chomhphobail ar bhonn critéar comhchuibhithe. Ba cheart go gcuirfí na critéir seo i bhfeidhm maidir leis an gcéad fhormheas ar shubstaintí gníomhach faoin Rialachán seo. I gcás substaintí gníomhacha a formheasadh cheana, ba cheart na critéir a chur i bhfeidhm tráth athnuachana nó athbhreithnithe a bhformheasa.
- (11) Ba cheart forbairt modhanna tástála, gan ainmhithe, a chur chun cinn d'fhonn sonraí sábháilteachta a ullmhú a bhaineann leis an duine agus iad a chur in ionad na staidéar ar ainmhithe atá in úsáid i láthair na huaire.
- (12) Ar mhaithe le hintuarthacht, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht, ba cheart nós imeachta mionsonraithe a leagan síos chun a mheasúnú an féidir substaintí gníomhach a fhormheas. Ba cheart go sonrófaí an fhaisnéis a bheidh le tiolacadh ag na páirtithe leasmhara chun críocha formheasa i leith substainte. I bhfianaise an méid oibre a bhaineann leis an nós imeachta formheasa, is iomchuí go ndéanadh Ballstát, ag gníomhú mar rapóirtéir thar ceann an Chomhphobail, meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. Chun comhsheasmhacht a áirithiú le linn na meastóireachta, ba cheart, maidir leis an Údarás Eorpach um Shábháilteacht Bia (an tÚdarás) a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos phrionsabail agus cheanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia, go ndéanadh sé athbhreithniú eolaíoch neamhspleách⁽¹⁾. Ba cheart soiléiriú a thabhairt á rá go ndéanann an tÚdarás measúnú riosca ach gur cheart don Choimisiún ról an bhainistithe riosca a dhéanamh agus an cinneadh deireanach a ghlacadh faoi shubstaintí gníomhach. Ba cheart forálacha a chur isteach chun trédhearcacht an phróisis meastóireachta a áirithiú.
- (13) Ar chúiseanna eitice, níor cheart go ndéanfaí measúnú ar shubstaintí gníomhach nó ar tháirge cosanta plandaí a bhunú ar thástálacha ná ar staidéir ina ndéantar an tsubstaintí gníomhach nó an táirge cosanta plandaí a thabhairt do dhaoine d'aon ghnó chun an leibhéal iarmhairte gan bhreathnú ar an duine a chinneadh i leith substainte gníomhaí. Ar an dóigh chéanna, níor cheart go ndéanfaí staidéir thocsaineolaíocha a dhéantar ar dhaoine a úsáid chun na corrlaigh shábháilteachta i gcomhair substaintí gníomhacha nó táirgí cosanta plandaí a íslíú.
- (14) Chun dlús a chur le formheas substaintí gníomhacha, ba cheart spriocdhátaí daingne a bhunú do na céimeanna éagsúla den nós imeachta.
- (15) Ar mhaithe le sábháilteacht, ba cheart teorainn ama a chur leis an tréimhse formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha. Ba cheart go mbeadh an tréimhse formheasa i gcomhréir leis na rioscaí féideartha a bhaineann go bunúsach le húsáid na substaintí sin. Ba cheart an taithí a fuarthas trí úsáid iarbhrí táirgí cosanta plandaí ina bhfuil na substaintí lena mbaineann agus aon fhorbairtí san eolaíocht agus sa teicneolaíocht a chur san áireamh nuair a ghlactar aon chinneadh maidir le formheas a athnuachan. Ba cheart go mairfeadh athnuachan an fhormheas go ceann tréimhse nach faide ná cúig bliana déag.
- (16) Ba cheart foráil a dhéanamh faoi choinníollacha áirithe, maidir leis an bhféidearthacht go ndéanfaí formheas substaintí gníomhaí a leasú nó a tharraingt siar i gcásanna ina dtarlaíonn sé nach bhfuil na critéir formheasa á gcomhlíonadh a thuilleadh, nó i gcás ina ndéanfaí comhlíonadh Threoir 2000/60/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2000 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail i réimse an bheartais uisce⁽²⁾ a chur i mbaol.
- (17) D'fhéadfadh sé gurb é a nochtar mar thoradh ar mheastóireacht ar shubstaintí gníomhach ná gur lú go mór an riosca a bhaineann léi ná mar a bhaineann le substaintí eile. Chun taobhú le substaintí den sórt sin a bheith i dtáirgí cosanta plandaí, is iomchuí go ndéanfaí na substaintí sin a shainaithint agus go n-éascófaí na táirgí cosanta plandaí a bhfuil siad iontu a chur ar an margadh. Ba cheart dreasachtaí a thabhairt chun táirgí cosanta plandaí a mbaineann riosca íseal leo a chur ar an margadh.

⁽¹⁾ IO L 31, 1.2.2002, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 327, 22.12.2000, lch. 1.

- (18) D'fhéadfadh substaintí áirithe nach mar tháirgí cosanta plandaí is mó a bhaintear úsáid astu a bheith luachmhar ó thaobh na cosanta plandaí de, ach d'fhéadfadh an leas eacnamaíoch a bhainfeadh le hiarratas ar fhormheas a bheith teoranta. Mar sin, ba cheart go n-áiritheofaí le forálacha sonracha go bhféadfaí na substaintí sin a fhormheas le haghaidh úsáide cosanta plandaí, a mhéid a bheidh na rioscaí a bhaineann leo inghlactha.
- (19) Ba cheart roinnt substaintí gníomhacha ag a bhfuil airíonna áirithe a shainaithint ar leibhéal an Chomhphobail mar shubstaintí a bhféadfaí ionadú a dhéanamh orthu. Ba cheart go ndéanadh Ballstáit scrúdú rialta ar tháirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha den sórt sin d'fhonn táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha ar lú de mhaolú riosca atá ag teastáil ina leith nó modhanna neamhcheimiceacha rialaithe nó coiscithe a chur ina n-ionad.
- (20) I mBallstáit áirithe, táthar tar éis modhanna neamhcheimiceacha rialaithe nó coiscithe atá i bhfad níos sábháilte do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe, agus don chomhshaoil, a bhunú agus a chur i bhfeidhm i gcoitinne i leith úsáidí áirithe. In imthosca eisceachtúla, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann an measúnú comparáideach a chur i bhfeidhm freisin le linn údarú a dheonú le haghaidh táirgí cosanta plandaí.
- (21) De bhreis ar shubstaintí gníomhacha, d'fhéadfadh teorantóirí nó sineirgigh ar cheart rialacha comhchosúla a sholáthar ina leith a bheith i dtáirgí cosanta plandaí. Ba cheart na rialacha teicniúla a bhunú is gá chun meastóireacht a dhéanamh ar na substaintí sin. Níor cheart meastóireacht a dhéanamh ar shubstaintí atá ar an margadh cheana féin ach amháin tar éis na rialacha sin a bheith bunaithe.
- (22) D'fhéadfadh comhfhoirmligh a bheith i dtáirgí cosanta plandaí freisin. Is iomchuí liosta a sholáthar de na comhfhoirmligh nár cheart a bheith i dtáirgí cosanta plandaí.
- (23) Is féidir táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha a fhoirmliú ar chuid mhór bealaí agus is féidir iad a úsáid ar phlandaí éagsúla agus ar tháirgí plandaí éagsúla, faoi dhálaí éagsúla talmhaíochta, sláinte plandaí agus comhshaoil (lena n-áirítear dálaí aeráide). Ba cheart, dá bhrí sin, go ndeonódh na Ballstáit na húdaruíthe i gcomhair táirgí cosanta plandaí.
- (24) Ní mór ardchaighdeán cosanta a áirithiú leis na forálacha lena rialáítear údarú. Go háirithe, agus údaruíthe le haghaidh táirgí cosanta plandaí á ndeonú, ba cheart go mbeadh tosaíocht ag an gcuspóir maidir le cosaint a thabhairt do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaoil ar an gcuspóir maidir le táirgeadh plandaí a fheabhsú. Dá bhrí sin, ba cheart go dtaispeánfaí, sula gcuirfí táirgí cosanta plandaí ar an margadh, gur léir go rachaidh siad chun tairbhe do tháirgeadh plandaí agus nach bhfuil aon iarmhairt dhíobhálach acu ar shláinte an duine ná ar shláinte ainmhithe, lena n-áirítear sláinte grúpaí soghonta, ná nach bhfuil aon iarmhairtí neamh-inghlactha acu ar an gcomhshaoil.
- (25) Ar mhaithe le hintuarthacht, éifeachtúlacht agus comhsheasmhacht, ba cheart critéir, nósanna imeachta agus coinníollacha maidir le húdarú táirgí cosanta plandaí a chomhchuihiú, agus na prionsabail ghinearálta maidir le cosaint shláinte an duine agus sláinte ainmhithe agus maidir le cosaint an chomhshaoil á gcur san áireamh.
- (26) I gcás nach féidir, de dheasca cúiseanna nach dtagann faoi fhreagracht an iarratasóra, an cinneadh maidir le formheas a thabhairt chun críche laistigh den tréimhse dá bhforáiltear, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann na húdaruíthe sealadacha a dheonú go ceann tréimhse teoranta d'fhonn an t-aistriú chuig an nós imeachta formheasa dá bhforáiltear faoin Rialachán seo a éascú. I bhfianaise na taithí a fuarthas ó fhormheas na substaintí gníomhacha faoin Rialachán seo, ba cheart go scoirfeadh na forálacha maidir le húdaruíthe sealadacha d'fheidhm a bheith acu, nó ba cheart iad a fhadú, más gá, tar éis na tréimhse cúig bliana.
- (27) Is féidir na substaintí gníomhacha atá i dtáirge cosanta plandaí a tháirgeadh trí phróisis mhonaraíochta éagsúla, rud is cúis le difríochtaí i sonraíochtaí. D'fhéadfadh impleachtaí ó thaobh sábháilteachta a bheith ag na difríochtaí sin. Ar chúiseanna éifeachtúlachta, ba cheart nós imeachta comhchuihbhithe ar leibhéal an Chomhphobail a sholáthar chun measúnú a dhéanamh ar na difríochtaí sin.
- (28) Ba cheart go méadófaí dea-chomhar riaracháin idir na Ballstáit le linn gach céime den nós imeachta údarúcháin.
- (29) Tá prionsabal an aitheantais fhrithpháirtigh ar cheann de na bealaí atá ann chun saorghluaiseacht earraí laistigh den Chomhphobal a áirithiú. Chun dúbláil oibre a sheachaint, chun an t-ualach riaracháin ar an lucht tionscail agus ar na Ballstáit a laghdú agus chun foráil a dhéanamh maidir le hinfhaighteacht níos comhchuihbhithe i dtaca le táirgí cosanta plandaí, ba cheart, maidir le húdaruíthe arna ndeonú i mBallstát amháin, go nglacfadh Ballstáit eile leo i gcás ina bhfuil dálaí inchomparáide talmhaíochta, sláinte plandaí agus comhshaoil ann (lena n-áirítear dálaí inchomparáide aeráide). Dá bhrí sin, ba cheart an Comhphobal a roinnt ina chriosanna ina bhfuil dálaí inchomparáide den sórt sin chun an t-aitheantas fhrithpháirteach sin a éascú. D'fhéadfadh sé, áfach, de bharr cúinsí comhshaoil nó cúinsí talmhaíochta a bhaineann go sonracha le críoch Ballstáit amháin nó níos mó, go mbeadh ar Ballstáit, agus iarratas a fháil, údarú a d'eisigh Ballstát eile a aithint nó a leasú nó diúltú an táirge cosanta plandaí a údarú ina gcríoch, i gcás ina bhfuil údar maith leis sin de bharr cúinsí sonracha comhshaoil nó talmhaíochta nó i gcás nach féidir an t-ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe araon agus don chomhshaoil, a éilítear leis an Rialachán seo, a bhaint amach. Ba cheart go mbeadh sé indéanta freisin coinníollacha iomchuí a fhorchur ag féachaint do na cuspóirí atá leagtha síos sa Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta arna ghlacadh i gcomhréir le Treoir 2009/128/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 lena mbunaítear creat do ghníomhaíocht an Chomhphobail chun úsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a bhaint amach ⁽¹⁾.

⁽¹⁾ Féach ar leathanach 71 den Iris Oifigiúil seo.

- (30) Maidir leis an dreasacht eacnamaíoch don tionscal chun iarratas a dhéanamh ar údarú, tá sí teoranta i gcás úsáidí áirithe. Lena áirithiú nach mbeidh éagsúlacht talmhaíochta agus gortóireachta i mbaol toisc nach bhfuil táirgí cosanta plandaí ar fáil, ba cheart rialacha sonracha a bhunú le haghaidh mionúsáidí.
- (31) Nuair a dhéantar táirgí cosanta plandaí comhionanna a údarú i mBallstáit éagsúla, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le nós imeachta simplithe chun cead trádála comhthreomhaire a dheonú, d'fhonn trádáil na dtáirgí sin idir na Ballstáit a éascú.
- (32) I gcásanna eisceachtúla, ba cheart go mbeadh sé de chead ag na Ballstáit táirgí cosanta plandaí a údarú nach gcomhlíonann na coinníollacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo, i gcás inar gá déanamh amhlaidh toisc go bhfuil an tairgeadh plandaí nó éiceachórais i gcontúirt nó faoi bhagairt nach féidir a shrianadh ar aon mhodh réasúnach eile. Ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar údaruithe sealadacha den sórt sin ar leibhéal an Chomhphobail.
- (33) Le reachtaíocht an Chomhphobail a bhaineann le síolta, déantar foráil maidir le saorghluaiseacht síolta laistigh den Chomhphobal ach níl aon fhoráil shonrach inti maidir le síolta a bhfuil cóireáil déanta orthu le táirgí cosanta plandaí. Ba cheart, dá bhrí sin, go ndéanfaí foráil den sórt sin a áireamh sa Rialachán seo. Más rud é gurb ionann síolta a bhfuil cóireáil déanta orthu agus riosca tromhchúiseach do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol, ba cheart go mbeadh na Ballstáit in ann bearta cosantacha a dhéanamh.
- (34) Chun an nuálaíocht a chur chun cinn, ba cheart rialacha speisialta a bhunú lena gceadófar táirgí cosanta plandaí a úsáid i dturgnaimh fiú mura mbeidh siad údaraithe fós.
- (35) Chun ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol a áirithiú, ba cheart úsáid chuí a bhaint as táirgí cosanta plandaí, i gcomhréir lena n-údarú, ag féachaint do na prionsabail a bhaineann le bainistiú comhtháite lotnaidí agus tosaíocht á tabhairt do roghanna malartacha neamhcheimiceacha agus nádúrtha aon uair is féidir. Ba cheart go ndéanadh an Chomhairle na prionsabail a bhaineann le bainistiú comhtháite lotnaidí, lena n-áirítear deachleachtas cosanta plandaí agus modhanna neamhcheimiceacha cosanta plandaí agus bainistiú lotnaidí agus barr, a chur san áireamh sa cheanglas bainistíochta reachtúil dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003 ón gComhairle an 29 Meán Fómhair 2003 lena mbunaítear rialacha comhchoiteanna do scéimeanna tacaíochta díri faoin gcomhbheartas talmhaíochta agus lena mbunaítear scéimeanna áirithe tacaíochta le haghaidh feirmeoirí⁽¹⁾.
- (36) De bhreis ar an Rialachán seo agus ar Threoir 2009/128/CE, rinneadh straitéis théamúil maidir le húsáid inbhuanaithe lotnaidicídí a ghlacadh. Chun comhleánúnachas a bhaint amach idir na hionstraimí sin, ba cheart go mbeadh a fhios ag an úsáideoir, ó lipéad an táirge, cén áit a bhféadfar táirge cosanta plandaí a úsáid, cathain a fhéadfar é a úsáid agus cé na himthosca faoina bhféadfar é a úsáid.
- (37) Ba cheart córas malartaithe faisnéise a bhunú. Ba cheart go ndéanadh na Ballstáit na sonraí agus na doiciméid eolaíochta a thíolactar i dtaca le hiarratais ar údarú táirgí cosanta plandaí a chur ar fáil dá chéile, don Choimisiún agus don Údarás.
- (38) Féadfar úsáid a bhaint as aidiúvaigh le héifeachtacht táirge cosanta plandaí a mhéadú. Ba cheart toirmeasc a chur ar tháirgí den sórt sin a chur ar an margadh nó a úsáid i gcás ina bhfuil comhfhoirmeach atá toirmiscithe iontu. Ba cheart na rialacha teicniúla is gá don údarú a bhunú.
- (39) Is ionann staidéir agus infheistíocht mhór. Ba cheart an infheistíocht sin a chosaint chun taighde a spreagadh. Ar an gcúis sin, maidir le tástálacha agus staidéir, seachas na cinn sin ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha, agus a bheidh faoi réir sonraí a pháirtiú go héigeantach, ar tástálacha agus staidéir iad a thaisceann iarratasóir amháin le Ballstát, ba cheart iad a chosaint ar úsáid ag iarratasóir eile. Ba cheart, áfach, an chosaint sin a bheith teoranta ó thaobh ama le hiomaíocht a cheadú. Ba cheart í a theorannú freisin do staidéir a bhfuil fíorghá leo chun críocha rialála, ionas nach bhféadfaidh iarratasóirí fadú saorga a chur le tréimhse na cosanta trí staidéir nua nach bhfuil gá leo a chur isteach. Ba cheart go mbeadh na deiseanna céanna ag oibreoirí gnó, go háirithe fiontair bheaga agus mheánmhéide, maidir le rochtain ar an margadh.
- (40) Ba cheart úsáid modhanna tástála gan ainmhithe agus straitéisí eile measúnaithe riosca a chur chun cinn. Ba cheart tástáil ar ainmhithe chun críocha an Rialacháin seo a íoslaghdú agus ba cheart tabhairt faoi thástálacha ar veirteabraigh mar rogha dheireanach. I gcomhréir le Treoir 86/609/CEE ón gComhairle an 24 Samhain 1986 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát i dtaca le cosaint ainmhithe a úsáidtear chun críocha turgnaimh nó chun críocha eolaíochta eile⁽²⁾, ní mór tástálacha ar ainmhithe veirteabracha a ionadú, a shrianadh nó a fheabhsú. Ba cheart, dá bhrí sin, rialacha a leagan síos chun tástáil dhúblálach agus dúbláil tástálacha agus staidéir ar veirteabraigh a sheachaint. Chun táirgí nua cosanta plandaí a fhorbairt, ba cheart go mbeadh oibleagáid ann rochtain ar staidéir ar veirteabraigh a cheadú ar théarmaí réasúnacha agus ba cheart torthaí agus costais na dtástálacha agus na staidéir a dhéantar ar na hainmhithe a roinnt. Ionas go mbeidh a fhios ag oibreoirí cé na staidéir atá déanta ag dreamanna eile, ba cheart do na Ballstáit liosta de na staidéir sin a choinneáil, fiú mura bhfuil siad cumhdaithe faoin gcóras rochtana éigeantaí tuas.

⁽¹⁾ IO L 270, 21.10.2003, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 358, 18.12.1986, lch. 1.

- (41) Toisc rialacha éagsúla a bheith á gcur i bhfeidhm ag na Ballstáit, ag an gCoimisiún agus ag an Údarás maidir le rochtain ar dhoiciméid agus maidir le rúndacht doiciméad, is iomchuí na forálacha a bhaineann le rochtain ar fhaisnéis atá sna doiciméid atá i seilbh na n-údarás sin agus rúndacht na ndoiciméad sin a shoi-léiriú.
- (42) Tá feidhm maidir le haicmiú, pacáistiú agus lipéadú táirgí cosanta plandaí ag Treoir 1999/45/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 31 Bealtaine 1999 maidir le comhfhogasú dhlíthe, rialacháin agus fhorálacha riaracháin na mBallstát i dtaca le hullmhóidí contúirteacha a aicmiú, a phacáistiú agus a lipéadú⁽¹⁾. Chun tuilleadh feabhais a chur ar an gcosaint atá ag úsáideoirí táirgí cosanta plandaí, ag tomhaltóirí plandaí agus táirgí plandaí agus ag an gcomhshaol, áfach, is iomchuí go mbeadh rialacha sonracha breise ann lena gcuirfí san áireamh na coinníollacha sonracha a bhaineann le táirgí cosanta plandaí a úsáid.
- (43) Chun a áirithiú nach gcuirfidh fógraín míthreoir ar úsáideoirí táirgí cosanta plandaí nó ar an bpobal, is iomchuí rialacha a leagan síos maidir le fógraíocht a bhaineann leis na táirgí sin.
- (44) Ba cheart forálacha maidir le taifid a choinneáil agus faisnéis maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí a bhunú d'fhonn an leibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus an leibhéal cosanta don chomhshaol a ardú trí inrianaitheacht a áirithiú i gcás ina dtiocfaí faoi lé táirgí cosanta plandaí, d'fhonn éifeachtúlacht an fhaireacháin agus an rialaithe a mhéadú agus d'fhonn na costais a ghabhann le faireachán ar cháilíocht an uisce a laghdú.
- (45) Ba cheart go n-áiritheofaí, trí bhíthin forálacha maidir le socruithe faoi rialú agus faoi chigireacht i dtaca le margú agus úsáid táirgí cosanta plandaí, go ndéanfaí na ceanglais a leagtar síos sa Rialachán seo a chur chun feidhme ar bhealach ceart, sábháilte, comhchuibhithe chun go mbainfí amach ardleibhéal cosanta do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe agus don chomhshaol.
- (46) Le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2004 maidir le feidhmiú rialuithe oifigiúla chun comhlíonadh dlí beatha agus dlí bia, rialacha sláinte ainmhithe agus leasa ainmhithe a áirithiú⁽²⁾, déantar foráil maidir le bearta rialaithe i ndáil le húsáid táirgí cosanta plandaí ag gach céim den phróiseas táirgthe bia, lena n-áirítear taifid a choinneáil maidir le húsáid táirgí cosanta plandaí. Ba cheart don Choimisiún rialacha comhchosúla a ghlacadh a bhaineann le faireachán agus le rialuithe i ndáil le stóráil agus úsáid táirgí cosanta plandaí nach cumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 iad. Ba cheart go mbeadh an t-ualach maorlathach ar fheirmeoirí chomh teoranta agus is féidir.
- (47) Ba cheart go mbeadh feidhm ag na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo gan dochar do reachtaíocht eile an Chomhphobail, go háirithe Treoir 2009/128/CE, Treoir 2000/60/CE, Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhair lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhíoch nó ar bheatha agus ar bhia den sórt sin⁽³⁾, ná do reachtaíocht an Chomhphobail maidir le cosaint oibrithe agus aon duine a bhfuil baint aige le húsáid shrianta agus scaoileadh d'aon ghnó orgánach géinmhodhnaithe.
- (48) Is gá nósanna imeachta a bhunú chun bearta éigeandála a ghlacadh in imthosca inar dóigh go mbeadh substaint ghníomhach, teorantóir, sineirgíoch nó táirge cosanta plandaí atá formheasta ina riosca tromchúiseach do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol.
- (49) Ba cheart do na Ballstáit rialacha a leagan síos i dtaobh na bpionós is infheidhme maidir le sáruithe ar an Rialachán seo agus ba cheart dóibh na bearta is gá a ghlacadh lena áirithiú go gcuirfear chun feidhme iad.
- (50) Ba cheart go leanfadh dliteanas ginearálta sibhialta agus dliteanas ginearálta coiriúil an mhonaróra agus, más infheidhme, an duine atá freagrach as an táirge cosanta plandaí a chur ar an margadh nó as é a úsáid, d'fheidhm a bheith acu sna Ballstáit.
- (51) Ba cheart go mbeadh an fhéidearthacht ar fáil do na Ballstáit chun costais na nósanna imeachta a bhaineann le cur i bhfeidhm an Rialacháin seo a ghnóthú uathu sin a iarrann táirgí cosanta plandaí nó aidiúvaigh a chur ar an margadh nó a chuireann táirgí cosanta plandaí nó aidiúvaigh ar an margadh agus uathu sin a dhéanann iarratas ar fhormheas substaintí gníomhacha, teorantóirí nó sineirgíoch.
- (52) Ba cheart do na Ballstáit na húdaráis náisiúnta inniúla is gá a ainmniú.
- (53) Ba cheart go n-éascódh an Coimisiún cur i bhfeidhm an Rialacháin seo. Dá bhrí sin, is iomchuí go ndéanfaí foráil maidir leis na hacmhainní airgeadais is gá agus maidir leis an bhféidearthacht go leasófar forálacha áirithe den Rialachán seo i bhfianaise na taithí a gheofar nó go ndéanfar nótaí teicniúla a fhorbairt mar threoir.
- (54) Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 lena leagtar síos na rialacha mionsonraithe maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún⁽⁴⁾.

⁽¹⁾ IO L 200, 30.7.1999, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 165, 30.4.2004, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 70, 16.3.2005, lch. 1.

⁽⁴⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

- (55) Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún modhanna comhchuibhithe a ghlacadh chun nádúr agus cainníocht substaintí gníomhacha, teorantóirí, agus sineirgíoch agus, i gcás inarb iomchuí, eisíontas nó comhfhoirmleach agus cainníochtaí uasta táirgí cosanta plandaí atá le scaoileadh a chinneadh, agus Rialacháin a ghlacadh a bhaineann le ceanglais lipéadaithe, rialuithe agus rialacha le haghaidh aidiúvach, lena mbunaítear clár oibre do theorantóirí agus do shineirgígh, lena n-áirítear ceanglais i dtaca le sonraí ina leith, lena n-áirítear éag na tréimhse formheasa, lena bhfadófaí an dáta le haghaidh údaruithe sealadacha, lena socrófaí na ceanglais faisnéise maidir le trádáil chomhthreomhar agus maidir le háireamh comhfhoirmleach, chomh maith le leasuithe ar na Rialacháin a bhaineann le ceanglais i dtaca le sonraí agus a bhaineann le prionsabail aonfhoirmeacha chun measúnú agus údarú a dhéanamh agus leasuithe ar na hlarscríbhinní. Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.
- (56) Ar mhaithe le héifeachtúlacht, ba cheart na gnáth-theorainneacha ama don nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú a ghiorrú chun Rialachán a ghlacadh lena n-íarchuirfear éag na tréimhse formheasa go ceann tréimhse is leor chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.
- (57) Thairis sin, is iomchuí cuid de na forálacha reatha a leagtar amach sna hlarscríbhinní a ghabhann le Treoir 91/414/CEE a aistriú isteach in ionstraimí dlíthiúla leithleacha a bheidh le glacadh ag an gCoimisiún laistigh de 18 mí tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo. Ós rud é gur cheart, mar chéim thosaigh, na forálacha reatha sin a aistriú isteach in ionstraimí nua dlíthiúla agus iad a ghlacadh, dá bhrí sin, gan aon mhodhnú substaintiúil, is é an nós imeachta comhairleach an nós imeachta is iomchuí.
- (58) Is iomchuí freisin an nós imeachta comhairleach a úsáid chun bearta áirithe a ghlacadh nach bhfuil iontu ach bearta teicniúla, go háirithe treoirlínte teicniúla mar gheall ar a gcineál neamhcheangailteach.
- (59) Ba cheart go leanfadh forálacha áirithe de Threoir 91/414/CEE de bheith infheidhme le linn na hidir-thréimhse,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

CAIBIDIL I

FORÁLACHA GINEARÁLTA

Airteagal 1

Ábhar agus cuspóir

1. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le táirgí cosanta plandaí i bhfoirm tráchtála a údarú agus maidir lena

gcur ar an margadh, lena n-úsáid agus lena rialú laistigh den Chomhphobal.

2. Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le formheas substaintí gníomhacha, teorantóirí agus sineirgígh atá i dtáirgí cosanta plandaí nó ar táirgí cosanta plandaí iad, agus rialacha maidir le haidiúvaigh agus comhfhoirmleach.

3. Is é is cuspóir don Rialachán seo ná ardleibhéal cosanta a áirithiú do shláinte an duine agus do shláinte ainmhithe araon agus don chomhshaol agus feidhmiú an mhargaidh inmheánaigh a fheabhsú trí chomhchuibhiú na rialacha a bhaineann le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus táirgeacht talmhaíochta á fheabhsú ag an am céanna.

4. Tacaíonn prionsabal an réamhchúraim le forálacha an Rialacháin seo chun a áirithiú nach rachaidh substaintí gníomhacha nó táirgí a chuirtear ar an margadh chun dochair do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol. Go háirithe, ní chuirfear cosc ar Bhallstáit prionsabal an réamhchúraim a chur i bhfeidhm i gcás éiginn-teachta eolaíche maidir leis na rioscaí do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol ó tháirgí cosanta plandaí atá le húdarú ina gcíoch.

Airteagal 2

Raon Feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí, san fhoirm ina soláthrófar don úsáideoir iad, arb é a bheidh iontu substaintí gníomhacha, teorantóirí nó sineirgígh nó a mbeidh substaintí gníomhacha, teorantóirí nó sineirgígh iontu agus a bheartaítear le haghaidh ceann amháin de na húsáidí seo a leanas:

- plandaí nó táirgí plandaí a chosaint ar gach orgánach díobhálach nó gníomh orgánach den sórt sin a chosc, mura rud é go meastar maidir leis na táirgí seo gurb é atá mar phríomhchuspóir dóibh ná cuspóir atá ar mhaithe le sláinteachas seachas plandaí a chosaint nó táirgí plandaí a chosaint;
- tionchar a imirt ar phróisis saoil plandaí, amhail substaintí a imríonn tionchar ar a bhfás, seachas mar chothaitheach;
- táirgí plandaí a chaomhnú, a mhéid nach bhfuil substaintí nó táirgí den sórt sin faoi réir fhorálacha speisialta an Chomhphobail maidir le leasaithigh;
- plandaí míchuibhiúla nó codanna míchuibhiúla de phlandaí a scriosadh, seachas algaí mura rud é go n-úsáidtear na táirgí ar ithir nó ar uisce chun plandaí a chosaint;
- fás míchuibhiúil plandaí a sheiceáil nó a chosc seachas algaí mura rud é go n-úsáidtear na táirgí ar ithir nó ar uisce chun plandaí a chosaint.

Gairtear 'táirgí cosanta plandaí' de na táirgí seo.

2. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le substaintí, lena n-áirítear miocrorgánaigh lena ngabhann gníomh ginearálta nó gníomh sonrach i gcoinne orgánach díobhálach nó ar phlandaí, ar chodanna de phlandaí nó ar tháirgí plandaí, dá ngairtear 'substaintí gníomhacha'.

3. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) substaintí nó ullmhóidí dá ngairtear 'teorantóirí' agus a chuirtear le táirge cosanta plandaí chun iarmhairtí fíitínimhiúla an táirge cosanta plandaí ar phlandaí áirithe a laghdú;
- (b) substaintí nó ullmhóidí dá ngairtear 'sineirgigh' agus, cé nach léiríonn siad gníomhaíocht ar bith, nó nach léiríonn siad ach lag-ghníomhaíocht, dá dtagraítear i mír 1, atá in ann gníomhaíocht fheabhsaithe a spreagadh i substaint ghníomhach nó i substaintí gníomhacha i dtáirge cosanta plandaí;
- (c) substaintí nó ullmhóidí, dá ngairtear 'comhfhoirmleach' agus a úsáidtear nó a bheartaítear lena n-úsáid i dtáirge cosanta plandaí nó in aidiúvach, ach nach substaintí gníomhacha ná teorantóirí ná sineirgigh iad;
- (d) substaintí nó ullmhóidí, dá ngairtear 'aidiúvaigh' agus arb é atá iontu ná comhfhoirmleach nó ullmhóidí a bhfuil comhfhoirmleach amháin nó níos mó iontu, san fhoirm ina soláthraítear don úsáideoir iad agus ina gcuirtear ar an margadh iad le go meascfaidh an t-úsáideoir, agus ar substaintí nó ullmhóidí iad a fheabhsaíonn éifeachtacht nó airíonna lotnaidicídeacha eile an táirge.

Airteagal 3

Sainmhínte

Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na sainmhínte seo a leanas:

- 1. ciallaíonn 'iarmhair' substaint amháin nó níos mó atá i bplandaí nó ar phlandaí, i dtáirgí plandaí nó ar tháirgí plandaí, i dtáirgí inite ó ainmhithe nó ar tháirgí inite ó ainmhithe, in uisce óil nó ar uisce óil, nó atá in aon áit eile sa chomhshaol agus a eascraíonn as úsáid táirge cosanta plandaí, lena n-áirítear a meitibilítí, a dtáirgí dian-scaoilte nó a dtáirgí imoibriúcháin;
- 2. ciallaíonn 'substaintí' dúile ceimiceacha agus a gcomhdhúile, mar is ann dóibh go nádúrtha nó trí mhonarú, lena n-áirítear aon eisióntas a tharlaíonn mar thoradh dosheachanta ar phróiseas an mhonaraithe;
- 3. ciallaíonn 'ullmhóidí' meascáin nó tuaslagáin de dhá shubstaint nó níos mó atá beartaithe lena n-úsáid mar tháirge cosanta plandaí nó mar aidiúvach;
- 4. ciallaíonn 'substaint arb údar imní í' aon substaint a bhfuil cumas bunúsach inti éifeacht dhochrach a bheith aici ar dhaoine, ar ainmhithe nó ar an gcomhshaol agus atá i láthair i dtáirge cosanta plandaí nó a tháirgtear ann i dtiúchan ar leor í chun rioscaí a chruthú i ndáil le héifeacht den sórt sin.

Áirítear leis na substaintí sin, cé nach bhfuil sé teoranta dóibh, substaintí a chomhlíonann na critéir ar dá réir a aicmítear iad mar shubstaintí guaiseacha i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán⁽¹⁾, agus atá i láthair sa táirge cosanta plandaí de réir tiúchana a fhágann go meastar, maidir leis an táirge, gur táirge contúirteach é de réir bhrí Airteagal 3 de Threoir 1999/45/CE;
- 5. ciallaíonn 'plandaí' plandaí beo agus codanna beo de phlandaí, lena n-áirítear torthaí úra, glasraí agus síolta;
- 6. ciallaíonn 'táirgí plandaí' táirgí de thionscnamh plandaí i riocht neamhphróiseáilte nó táirgí nach ndearnadh ach ullmhúchán simplí orthu, amhail muilleoireacht, triomú nó fáisceadh, ach gan plandaí a áireamh;
- 7. ciallaíonn 'orgánaigh dhíobhálacha' aon speiceas, tréithchineál nó bitíopa a bhaineann le riocht na n-ainmhithe nó le riocht na bplandaí nó aon oibreán pataigineach a dhéanann dochar do phlandaí nó do tháirgí plandaí;
- 8. ciallaíonn 'modhanna neamhcheimiceacha' modhanna malartacha seachas lotnaidicídí ceimiceacha do chosaint plandaí agus do bhainistiú lotnaidí, agus iad bunaithe ar theicnící agraamaíocha amhail na cinn dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2009/128/CE nó modhanna fisiceacha, meicniúla nó bitheolaíocha do bhainistiú lotnaidí;
- 9. ciallaíonn 'cur ar an margadh' sealbhú chun críche díola laistigh den Chomhphobal, lena n-áirítear tairiscint lena dhíol nó aon fhoirm eile aistrithe, cibé acu saor ó mhúirear nó nach ea, agus díol, dáileadh, agus foirmeacha eile aistrithe iad féin, ach gan iad a thabhairt ar ais don díoltóir roimhe sin. Is é a bheidh i gceist le scaoileadh i saorchúrsaíocht i gcríoch an Chomhphobail ná táirge a chur ar an margadh chun críocha an Rialacháin seo;
- 10. ciallaíonn 'údarú táirge cosanta plandaí' gníomh riaracháin lena n-údaraíonn údarás inniúil Ballstáit go gcuirfear táirge cosanta plandaí ar an margadh ina chríoch;
- 11. ciallaíonn 'táirgeoir' duine a mhonaraíonn táirgí cosanta plandaí, substaintí gníomhacha, teorantóirí, sineirgigh, comhfhoirmleach nó aidiúvaigh as a stuaim féin, nó a thugann conradh don mhonarú seo do pháirtí eile, nó duine atá ainmnithe ag an monaróir mar ionadaí aonair thar a cheann nó thar a ceann chun críche chomhlíonadh an Rialacháin seo;

⁽¹⁾ IO L 353, 31.12.2008, lch. 1.

12. ciallaíonn ‘litir rochtana’ doiciméad bunaidh lena gcomhaontaíonn úinéir na sonraí atá á gcosaint faoin Rialachán seo go n-úsáidfídh an t-údarás inniúil na sonraí, faoi na téarmaí agus na coinníollacha sonracha chun údarú a dheonú maidir le táirge cosanta plandaí nó chun formheas a dheonú maidir le substaint gníomhach, sineirgiach, nó teorantóir chun sochair d’iarratasóir eile;
13. ciallaíonn ‘comhshaol’ uiscí (lena n-áirítear screamhuisce, uisce dromchla, uisce idirchriosach, uisce cósta agus uisce mara), dríodar, ithir, aer, talamh, speicis fhiáine fauna agus flora, agus aon idirghaolmhaireacht eatarthu, agus aon ghaolmhaireacht le haon orgánaigh bheo eile;
14. ciallaíonn ‘grúpaí soghonta’ daoine ar gá breithniú sonracha a dhéanamh ina leith le linn éifeachtaí géara agus ainsealacha táirgí cosanta plandaí ar an tsláinte a mheasúnú. Áirítear ar na daoine sin, mná torracha agus máithreacha táil, na beo gan breith, naín agus leanaí, daoine scothaosta agus oibrithe agus cónaitheoirí atá faoi lé go mór ag lotnaidicídí go fadtéarmach;
15. ciallaíonn ‘miocrorgánaigh’ aon eintiteas micribhitheolaíoch, lena n-áirítear fungais ísealoird agus víris ísealoird, idir cheallach agus neamhcheallach, atá in ann iad féin a mhacasamhlú nó ábhar géiniteach a aistriú;
16. ciallaíonn ‘orgánaigh ghéinmhodhnaithe’ orgánaigh ar athraíodh an t-ábhar géiniteach atá iontu, de réir bhrí Airteagal 2(2) de Threoir 2001/18/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Márta 2001 maidir le scaoileadh réamhbheartaithe orgánach géinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol⁽¹⁾;
17. ciallaíonn ‘crios’ Grúpa Ballstát mar a shainmhínítear in Iarscríbhinn I;

Maidir lena úsáid i dtithe gloine, mar chóireáil iarbhuainte, nó chun cóireáil a dhéanamh ar sheomraí folmha agus chun cóireáil a dhéanamh ar shíolta, ciallaíonn an crios gach crios a shainmhínítear in Iarscríbhinn I;
18. ciallaíonn ‘dea-chleachtas cosanta plandaí’ cleachtas ar dá réir a dhéantar na cóireálacha le táirgí cosanta plandaí a úsáidtear ar phlandaí nó ar tháirgí plandaí, i gcomhréir le coinníollacha a n-úsáidí údaráithe, a roghnú, a dháileadh agus a uainiú chun éifeachtúlacht inghlactha i gcoibhneas leis an gcainníocht íosta a theastaíonn a áirithiú, agus coinníollacha áitiúla agus na féidearthachtaí maidir le rialú saothrúcháin agus rialú bitheolaíoch á gcur san áireamh;
19. ciallaíonn ‘dea-chleachtas saotharlainne’ cleachtas a shainmhínítear i bpointe 2.1 d’Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2004/10/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Feabhra 2004 maidir le comhchuibhiú dlíthe, rialachán agus forálacha riaracháin a bhaineann le prionsabail dea-chleachtais saotharlainne a chur i bhfeidhm agus le fíorú chur i bhfeidhm na bprionsabal sin i gcomhair tástálacha ar shubstaintí ceimiceacha⁽²⁾;
20. ciallaíonn ‘dea-chleachtas turgnamhach’ cleachtas i gcomhréir le forálacha Threoirlíne 181 agus Threoirlíne 152 de na Treoirlínte ón Eagraíocht Eorpach agus Meánmhara um Chosaint Plandaí (EPPO);
21. ciallaíonn ‘cosaint sonraí’ an ceart sealadach atá ag úinéir tuarascála trialaí nó tuarascála staidéir chun cosc a chur ar í a úsáid ar mhaithe le hiarratasóir eile;
22. ciallaíonn ‘Ballstát is rapóirtéir’ an Ballstát a thugann faoin gcúram a ghabhann le measúnú a dhéanamh ar shubstaint ghníomhach, ar theorantóir, nó ar shineirgiach;
23. ciallaíonn ‘tástálacha agus staidéir’ imscrúduithe nó turgnaimh a bhfuil sé de chuspóir acu airíonna agus iompraíocht substainte gníomhaí nó táirgí cosanta plandaí a chinneadh, tuar a dhéanamh maidir leis an méid a bheifear faoi lé substaintí gníomhacha agus/nó a meitibilítí, na leibhéil shábháilte a chinneadh i dtaca le teacht faoi lé na substaintí sin agus a meitibilítí, agus coinníollacha a bhunú maidir le húsáid shábháilte táirgí cosanta plandaí;
24. ciallaíonn ‘sealbhóir údaráithe’ aon duine nádúrtha nó aon duine dlítheanach a shealbhaíonn údarú maidir le táirge cosanta plandaí;
25. ciallaíonn ‘úsáideoir gairmiúil’ úsáideoir gairmiúil mar a shainmhínítear in Airteagal 3(1) de Threoir 2009/128/CE;
26. ciallaíonn ‘mionúsáid’ táirge cosanta plandaí a úsáid i mBallstát ar leith ar phlandaí nó ar tháirgí plandaí:

(a) nach bhfástar go forleathan sa Bhallstát sin, nó

(b) a fhástar go forleathan chun riachtanas eisceachtúil a chomhlíonadh i ndáil le cosaint plandaí;
27. ciallaíonn ‘teach gloine’ áit dhúnta, fosaídh ar féidir siúl isteach inti ar áit í ina dtáirgtear barra agus ar a bhfuil blaosc sheachtrach thréshoilseach de ghnáth trína gceadaítear malartú rialaithe ábhair agus fuinnimh leis an timpeallacht agus trína gcoiscítear scaoileadh táirgí cosanta plandaí isteach sa chomhshaol.

Chun críche an Rialacháin seo, meastar gur tithe gloine iad freisin áiteanna dúnta le haghaidh plandaí a tháirgeadh i gcás nach bhfuil an bhlaosc sheachtrach thréshoilseach (mar shampla, chun beacáin nó le bánduille a tháirgeadh);

⁽¹⁾ IO L 106, 17.4.2001, lch. 1.⁽²⁾ IO L 50, 20.2.2004, lch. 44.

28. ciallaíonn ‘cóireáil iarbhuainte’ plandaí nó táirgí plandaí a chóireáil i ndiaidh a mbuainte, i spás leithlisithe nach bhféadfaidh aon sileadh tarlú ann, i stóras mar shampla;
29. ciallaíonn ‘bithéagsúlacht’ athraitheacht idir orgánaigh bheo ó gach foinse lena n-áirítear éiceachórais talún agus mhara agus éiceachórais eile agus na coimpléisc éiceolaíocha ar cuid díobh iad; d’fhéadfadh sé go n-áireofar san athraitheacht sin éagsúlacht laistigh de speiceas agus idir speicis agus éagsúlacht éiceachórais;
30. ciallaíonn ‘údarás inniúil’ aon údarás nó aon údaráis de chuid Ballstáit a bhfuil freagracht air nó orthu na cúraimí a bhunaítear faoin Rialachán seo a chomhall;
31. ciallaíonn ‘fógrán’ modh chun díol nó úsáid táirgí cosanta plandaí a chur chun cinn (i gcás aon duine seachas sealbhóir an údaráithe, an duine atá ag cur táirge cosanta plandaí ar an margadh agus a gcuid gníomhairí) sna meáin chlóite agus sna meáin leictreonacha;
32. ciallaíonn ‘meitibilít’ aon mheitibilít de chuid substainte gníomhaí, de chuid teorantóra nó de chuid sineirgígh nó táirge díghrádúcháin de chuid substainte gníomhaí, teorantóra nó sineirgígh, a fhoirmítear in orgánaigh nó sa chomhshaoil.

Meastar go bhfuil meitibilít ábhartha má tá cúis ann chun a thiomhdiú go bhfuil airíonna intreacha aige atá inchoimparáide leis an máthairshubstaint i dtéarmaí a spriocghníomhaíochta bithéolaíche, nó go gcruthaíonn sé riosca níos mó d’orgánaigh ná an mháthairshubstaint, nó riosca atá inchoimparáide leis an riosca a ghabhann leis an máthairshubstaint, nó go bhfuil airíonna áirithe tocsaineolaíocha aici a mheastar a bheidh neamh-inghlactha. Tá meitibilít den sórt sin ábhartha maidir leis an gcinneadh foriomlán formheasta nó maidir le bearta maolaithe riosca a shainiú.

33. ciallaíonn ‘eisióntas’ aon chomhpháirt seachas an tsubstaint ghníomhach íon agus/nó an t-athraitheach ghníomhach íon atá san ábhar teicniúil (go háirithe comhpháirt arb as an bpróiseas monaraithe nó as díghrádú le linn a stórála a thionscnaíonn sí).

CAIBIDIL II

SUBSTANTÍ GNÍOMHACHA, TEORANTÓIRÍ, SINEIRGÍGH AGUS COMHFHOIRMLIGH

ROINN 1

Substaintí gníomhacha

Foroinn 1

Ceanglais agus coinníollacha formheasa

Airteagal 4

Critéir formheasa le haghaidh substaintí gníomhacha

1. Formheasfar substaint ghníomhach i gcomhréir le hIarscríbhinn II más féidir a bheith ag súil leis, i bhfianaise an

eolais eolaíoch reatha agus an eolais theicniúil reatha, agus na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 2 agus i bpointe 3 den Iarscríbhinn sin á gcur san áireamh, go sásóidh táirgí cosanta plandaí a bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin iontu na ceanglais dá bhforáiltear i mír 2 agus i mír 3.

Leis an measúnú ar an tsubstaint ghníomhach, suítear ar dtús an bhfuil na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 3.6.2 go pointe 3.6.4 agus i bpointe 3.7 d’Iarscríbhinn II arna sásamh. Má tá na critéir sin arna sásamh, leanfaidh an measúnú ar aghaidh chun a shuíomh an bhfuil na critéir formheasa eile a leagtar amach i bpointe 2 agus i bpointe 3 d’Iarscríbhinn II arna sásamh.

2. Comhlíonfaidh iarmhair na dtáirgí cosanta plandaí, tar éis na táirgí a úsáid ar phlandaí i gcomhréir le dea-chleachtais cosanta plandaí agus ag féachaint do dhálaí réalaíocha úsáide, na ceanglais seo a leanas:

(a) ní bheidh aon iarmhairtí díobhálacha acu ar shláinte an duine, lena n-áirítear grúpaí soghonta, ná ar shláinte ainmhithe, agus na hiarmhairtí carnacha agus sineirgisteacha á gcur san áireamh i gcás ina bhfuil na modhanna eolaíochta a nglacann an tÚdarás leo chun iarmhairtí den chineál sin a mheasúnú ar fáil, ná ar screamhuisce;

(b) ní bheidh aon iarmhairt neamh-inghlactha acu ar an gcomhshaoil.

I gcás iarmhar atá ábhartha ó thaobh tocsaineolaíochta, héiceathocsaineolaíochta, comhshaoil nó uisce óil, beidh modhanna ginearálta ann chun iad a thomhas. Beidh fáil go coitianta ar na caighdeáin anailíseacha.

3. Comhlíonfaidh táirge cosanta plandaí, tar éis é a chur ar phlandaí i gcomhréir le dea-chleachtais cosanta plandaí agus ag féachaint do dhálaí réalaíocha úsáide, na ceanglais seo a leanas:

(a) beidh sé sách éifeachtach;

(b) ní bheidh aon iarmhairt dhíobhálach láithreach ná aon iarmhairt dhíobhálach mhoillithe aige ar shláinte an duine, lena n-áirítear grúpaí soghonta, ná ar shláinte ainmhithe, go díreach nó trí uisce óil (agus substaintí a fhoirmítear trí uisce a chóireáil á gcur san áireamh) trí bhia, trí bheatha nó tríd an aer, ná ní bheidh aon iarmhairtí aige sa láthair oibre ná trí aon iarmhairtí indíreacha eile, agus iarmhairtí carnacha agus iarmhairtí sineirgisteacha is eol a bheith ann á gcur san áireamh i gcás ina bhfuil na modhanna eolaíochta a nglacann an tÚdarás leo chun iarmhairtí den sórt sin a mheas ar fáil, ná ar screamhuisce;

(c) ní bheidh aon iarmhairtí neamh-inghlactha aige ar phlandaí ná ar tháirgí plandaí;

(d) ní bheidh sé ina chúis le hangar agus pian gan ghá do veirteabraigh a bhfuil rialú le déanamh orthu;

(e) ní bheidh aon iarmhairtí neamh-inghlactha aige ar an gcomhshaol, ag féachaint go háirithe don mhéid seo a leanas i gcás ina mbeidh na modhanna eolaíochta a nglacann an tÚdarás leo chun iarmhairtí den sórt sin a mheas ar fáil;

(i) an chríoch atá leis, fairsinge a dháilte, sa chomhshaol go háirithe truailliú uiscí dromchla, lena n-áirítear uiscí inbhir agus cósta, truailliú screamhuisce, agus truailliú aeir agus ithreach agus súimh i bhfad ó áit a úsáide de thoradh iompair fadraoin comhshaoil á gcur san áireamh;

(ii) a thionchar ar speicis nach spriocspeicis iad, lena n-áirítear iompraíocht leanúnach na speiceas sin;

(iii) a thionchar ar an mbithéagsúlacht agus ar an éice-achóras.

4. Déanfar meastóireacht ar cheanglais mhír 2 agus mhír 3 i bhfianaise na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6).

5. D'fhonn substaint ghníomhach a fhormheas, measfar go mbeidh mír 1, mír 2 agus mír 3 comhlíonta i gcás ina suitear an méid sin i ndáil le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad a bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin ann.

6. Maidir le sláinte an duine, ní úsáidfear aon sonraí a bhailítear faoi dhaoine chun laghdú a dhéanamh ar na corrlaigh shábháilteachta a eascraíonn as tástálacha nó as staidéir ar ainmhithe.

7. De mhaolú ar mhír 1, más rud é, ar bhonn fianaise doiciméadaí a chuirtear san áireamh san iarratas, gur gá substaint ghníomhach chun rialú a dhéanamh ar chontúirt thromchúiseach do shláinte plandaí nach féidir srian a chur uirthi ar aon slí infhaighte eile, lena n-áirítear modhanna neamhcheimiceacha, féadfar an tsubstaint ghníomhach sin a fhormheas go ceann tréimhse teoranta is gá chun rialú a dhéanamh ar an gcontúirt thromchúiseach sin ach ar tréimhse í nach faide ná cúig bliana fiú amháin más rud é nach gcomhlíonann sí na critéir a leagtar amach i bpointí 3.6.3, 3.6.4, 3.6.5 nó 3.8.2 d'Iarscríbhinn II, ar choinníoll go mbeidh úsáid na substainte faoi réir beart maolaithe riosca chun a áirithiú go ndéanfar íoslaghdu maidir le daoine agus maidir leis an gcomhshaol do theacht faoina lé. I gcás na substaintí sin, déanfar uasleibhéil iarmhar a shocrú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

Ní bheidh feidhm ag an maolú seo maidir le substaintí gníomhacha a aicmítear, nó nach mór iad a aicmiú, i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar ábhar carcanaigineach de chuid chatagóir 1A, mar ábhar carcanaigineach de chuid chatagóir 1B gan tairseach, nó mar ábhar tocsaineach don atáirgeadh de chuid chatagóir 1A.

Ní fhéadfaidh Ballstáit táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí gníomhacha arna bhformheas i gcomhréir leis an mír seo a údarú ach amháin nuair is gá rialú a dhéanamh ar an gcontúirt thromchúiseach sin do shláinte plandaí ina gcríoch.

Ag an am céanna, tarraingeoidh siad suas plean céimnithe amach i dtaca le rialú a dhéanamh ar an gcontúirt thromchúiseach trí bhealaí eile, lena n-áirítear modhanna neamhcheimiceacha, agus déanfaidh siad an plean sin a tharchur gan mhoill chuig an gCoimisiún.

Airteagal 5

An chéad fhormheas

Tréimhse nach faide ná deich mbliana a bheidh i ré an chéad fhormheasa.

Airteagal 6

Coinníollacha agus srianta

Féadfaidh formheas a bheith faoi réir coinníollacha agus srianta lena n-áirítear:

(a) íosmhéid íonachta na substainte gníomhaí;

(b) nádúr agus cion uasta eisíontas áirithe;

(c) srianta a eascróidh as an meastóireacht ar an bhfaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 8 agus aird á tabhairt ar na dálaí talmhaíochta, sláinte plandaí agus comhshaoil lena n-áirítear dálaí aeráide, atá i gceist;

(d) cineál na hullmhóide;

(e) modh agus dálaí na húsáide;

(f) tuilleadh faisnéise daingnithí a chur faoi bhráid na mBallstát, an Choimisiúin agus an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia, (an tÚdarás), i gcás ina mbunófar ceanglais nua i rith an phróisis meastóireachta nó de bharr eolais nua eolaíoch agus theicniúil;

(g) catagóirí úsáideoirí a ainmniú, amhail úsáideoirí gairmiúla agus úsáideoirí neamhghairmiúla;

(h) limistéir a ainmniú nach bhféadfar údarú a thabhairt maidir le táirgí cosanta plandaí, lena n-áirítear táirgí cóireála ithreach, ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach a úsáid iontu nó a bhféadfar a n-úsáid a údarú iontu faoi choinníollacha sonracha;

(i) an gá le bearta maolaithe riosca a fhorchur agus le faireachán a dhéanamh tar éis na húsáide;

(j) aon choinníollacha áirithe eile a eascróidh as meastóireacht a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuirtear ar fáil i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Foroinn 2

Nós imeachta formheasa*Airteagal 7***Iarratas**

1. Déanfaidh táirgeoir substainte gníomhaí iarratas ar fhormheas substainte gníomhaí nó iarratas ar leasú ar na coin-níollacha a ghabhann le formheas substainte gníomhaí a chur faoi bhráid Ballstáit, (an Ballstát is rapóirtéir), mar aon le hachóimre agus sainchomhad iomlán, dá bhforáiltear in Airteagal 8(1) agus (2), nó cosaint atá réasúnaithe go heolaíoch ar an gcúis nár soláthraíodh codanna áirithe de na sainchomhaid sin, á léiriú go gcomhlíonann an tsubstaint ghníomhach na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4.

Féadfaidh comhlachas táirgeoirí a ainmneoidh na táirgeoirí chun críche chomhlíonadh an Rialacháin seo iarratas comhpháirteach a thíolacadh.

Is é an Ballstát a molann an t-iarratasóir é a scrúdóidh an t-iarratas, mura rud é go gcomhaontóidh Ballstát eile go scrúdóidh sé é.

2. Féadfaidh roinnt Ballstát measúnú a dhéanamh le chéile faoi chóras comhrapóirtéara.

3. Nuair a bheidh an t-iarratas á thíolacadh aige, féadfaidh an t-iarratasóir, de bhun Airteagal 63, a iarraidh go ndéanfar faisnéis áirithe, lena n-áirítear codanna áirithe den sainchomhad, a choinneáil faoi rún agus déanfaidh sé an fhaisnéis sin a scaradh, go fisiciúil, ón bhfaisnéis eile.

Déanfaidh na Ballstáit na hiarratais ar rúndacht a mheas. Nuair a gheobhaidh sé iarraidh ar rochtain ar fhaisnéis, déanfaidh an Ballstát is rapóirtéir cinneadh i dtaobh cén fhaisnéis a choinneofar faoi rún.

4. Nuair a bheidh an t-iarratas á thíolacadh, déanfaidh an t-iarratasóir liosta iomlán de na tástálacha agus de na staidéir a thíolacadh de bhun Airteagal 8(2) agus liosta d'aon éilimh ar chosaint sonraí de bhun Airteagal 59 a uamadh leis an iarratas ag an am céanna.

5. Nuair a bheidh an t-iarratas á mheas aige, féadfaidh an Ballstát is rapóirtéir dul i gcomhairle leis an Údarás aon tráth.

*Airteagal 8***Sainchomhaid**

1. Beidh an méid seo a leanas sa sainchomhad achomair:

(a) faisnéis maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach ar bharr a fhástar go forleathan i ngach crios, á léiriú go bhfuil na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 á gcomhlíonadh; i gcás nach gcumhdaíonn an fhaisnéis a thíolactar gach crios nó i gcás ina mbaineann sí le barr nach bhfástar go forleathan, cosaint maidir leis an gcur chuige sin;

(b) i gcás gach pointe de na ceanglais i dtaca le sonraí don tsubstaint ghníomhach, achoimrí agus torthaí na dtástálacha agus na staidéar, ainm a n-úinéara agus ainm an duine nó ainm na hinstiúide a rinne na tástálacha agus na staidéir;

(c) i gcás gach pointe de na ceanglais i dtaca le sonraí don táirge cosanta plandaí, achoimrí agus torthaí na dtástálacha agus na staidéar, ainm a n-úinéara nó ainm an duine nó ainm na hinstiúide a rinne na tástálacha agus na staidéir atá ábhartha maidir le measúnú na gcrítear dá bhforáiltear in Airteagal 4(2) agus (3) do tháirge cosanta plandaí amháin nó níos mó atá ionadaíoch do na húsáidí dá dtagraítear i bpointe (a), agus á chur san áireamh go bhféadfaí srianta a chur ag gabháil leis an bhformheas mar gheall ar bhearnaí sna sonraí sa sainchomhad, dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo, ar bearnaí iad a éiríonn as an raon teoranta úsáidí ionadaíocha a bheartaítear i ndáil leis an tsubstaint ghníomhach;

(d) i gcás gach tástála nó gach staidéir ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha, cosaint maidir leis na bearta a ghlactar chun tástáil ar ainmhithe agus dúbláil tástálacha agus staidéar ar ainmhithe veirteabracha a sheachaint;

(e) seicliosta ina léireofar go bhfuil an sainchomhad dá bhforáiltear i mír 2 den Airteagal seo iomlán, ag féachaint do na húsáidí a bhfuil iarratas á dhéanamh ina leith;

(f) na cúiseanna a bhfuil na tuarascálacha tástála agus tuarascálacha staidéir a thíolactar riachtanach don chéad fhormheas ar an tsubstaint ghníomhach nó do leasuithe ar na coinníollacha a ghabhann leis an bhformheas;

(g) i gcás inarb ábhartha, cóip d'iarratas ar uasleibhéal iarmhar dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 nó cosaint ar na cúiseanna nár soláthraíodh an fhaisnéis sin;

(h) measúnú ar an bhfaisnéis uile a thíolactar.

2. Beidh téacs iomlán na dtuarascálacha leithleacha ar na tástálacha agus ar na staidéir a bhaineann leis an bhfaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) de mhír 1 sa sainchomhad iomlán. Ní bheidh aon tuarascálacha ann ar thástálacha ná ar staidéir ina ndéantar an tsubstaint ghníomhach nó an táirge cosanta plandaí a thabhairt do dhaoine d'aon ghnó.

3. Déanfar formáid an tsainchomhaid achomair agus an tsainchomhad iomláin a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2).

4. I gcás na gceanglas i dtaca le sonraí, ar ceanglais iad dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2, beidh na ceanglais iontu maidir le substaintí gníomhacha agus táirgí cosanta plandaí a leagtar amach in Iarscríbhinn II agus in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 91/414/CEE agus a leagtar síos i Rialacháin arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2), gan aon mhodhnuithe substaintiúla. Déanfar aon leasuithe ina dhiaidh sin ar na Rialacháin seo a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78(1)(b).

5. Déanfaidh an t-iarratasóir an litríocht oscailte eolaíoch phiar-athbhreithnithe go léir, arna cinneadh ag an Údarás, maidir leis an tsbstaint ghníomhach agus a meitibílí ábhartha, ar litríocht í a dhéileáil le seachthorthaí ar an tsláinte, ar an gcomhshaol agus ar speicis nach spriocspeicis iad agus a foilsíodh sna deich mbliana roimh dháta tíolactha an tsainchomhaid, a chur isteach leis an sainchomhad.

Airteagal 9

Inghlacthacht an iarratais

1. Laistigh de 45 lá ón tráth a fhaightear an t-iarratas, cuirfidh an Ballstát is rapóirtéir admháil i scríbhinn chuig an iarratasóir, ina sonrú ar dháta a bhfuarthas é, agus seiceálfaidh sé go bhfuil na heilimintí uile dá bhforáiltear in Airteagal 8 sna sainchomhaid a tíolacadh in éineacht leis an iarratas, tríd an seicliosta dá dtagraítear i bpointe (e) d'Airteagal 8(1) a úsáid. Seiceálfaidh sé freisin na hiarrataí ar rúndacht dá dtagraítear in Airteagal 7(3) agus na liostaí iomlána de thástálacha agus de staidéir a tíolacadh de bhun Airteagal 8(2).

2. I gcás ceann amháin nó níos mó de na heilimintí dá bhforáiltear in Airteagal 8 a bheith ar lár, cuirfidh an Ballstát is rapóirtéir an méid sin in iúl don iarratasóir agus leagfaidh sé síos tréimhse ama chun iad a thíolacadh. Trí mhí ar a mhéad a bheidh i ré na tréimhse ama sin.

Más rud é, ag deireadh na tréimhse sin, nach bhfuil an t-iarratasóir tar éis na heilimintí a bhí ar lár a thíolacadh, cuirfidh an Ballstát is rapóirtéir in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit eile agus don Choimisiún go bhfuil an t-iarratas neamh-inghlactha.

Féadfar iarratas nua i gcomhair na tsbstainte céanna a thíolacadh aon tráth.

3. I gcás ina bhfuil na heilimintí uile dá bhforáiltear in Airteagal 8 sna sainchomhaid a thíolactar in éineacht leis an iarratas, tabharfaidh an Ballstát is rapóirtéir fógra don iarratasóir, do na Ballstáit eile, don Choimisiún, agus don Údarás go bhfuil an t-iarratas inghlactha agus cuirfear tús leis an measúnú ar an tsbstaint ghníomhach.

Tar éis an fógra sin a fháil, déanfaidh an t-iarratasóir na sainchomhaid, dá bhforáiltear in Airteagal 8, a chur ar aghaidh láithreach chuig na Ballstáit, chuig an gCoimisiún agus chuig an Údarás, lena n-áirítear an fhaisnéis faoi na codanna sin de na sainchomhaid ar iarradh rúndacht ina leith dá dtagraítear in Airteagal 7(3).

Airteagal 10

Rochtain ar an sainchomhad achomair

Déanfaidh an tÚdarás an sainchomhad achomair dá dtagraítear in Airteagal 8(1) a chur ar fáil don phobal gan mhoill, seachas aon fhaisnéis ar iarradh rúndacht ina leith agus a raibh údar maith leis an rúndacht a chosaint de bhun Airteagal 63, mura rud é go bhfuil foras sáraitheach i dtaca le leas an phobail ag gabháil lena nochtadh.

Airteagal 11

Dréacht-tuarascáil maidir le measúnú

1. Laistigh de dhá mhí dhéag ó dháta an fhógra dá bhforáiltear sa chéad fhomhír d'Airteagal 9(3), ullmhóidh an Ballstát is rapóirtéir tuarascáil, dá ngairtear 'dréacht-tuarascáil maidir le measúnú' agus cuirfidh sé faoi bhráid an Choimisiúin í agus cuirfidh sé cóip di chuig an Údarás, ar tuarascáil í ina ndéanfar measúnú i dtaobh an féidir a bheith ag súil leis go gcomhlíonfaidh an tsbstaint ghníomhach na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4.

2. Beidh togra le haghaidh uasleibhéil iarmhar a shocrú san áireamh sa dréacht-tuarascáil maidir le measúnú freisin, i gcás inarb iomchuí sin.

Déanfaidh an Ballstát is rapóirtéir measúnú neamhspleách, oibiachtúil agus trédhearcach i bhfianaise an eolais reatha eolaíoch agus theicniúil.

Más rud é, de bhun Airteagal 4(1), go suitear leis an measúnú nach bhfuil na critéir formheasa a leagtar amach i bpointe 3.6.2 go pointe 3.6.4 agus i bpointe 3.7 d'Iarscríbhinn II á gcomhlíonadh, beidh an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú teoranta do na codanna sin den mheasúnú.

3. I gcás ina mbeidh staidéir bhreise nó faisnéis bhreise ag teastáil ón mBallstát is rapóirtéir, leagfaidh sé síos tréimhse ama ar laistigh di nach mór don iarratasóir na staidéir nó an fhaisnéis sin a sholáthar. Sa chás sin, cuirfear an tréimhse ama bhreise a dheonaigh an Ballstát is rapóirtéir leis an tréimhse dhá mhí dhéag. Sé mhí ar a mhéad a bheidh i ré na tréimhse ama breise agus rachaidh sí in éag a luaithe a gheobhaidh an Ballstát is rapóirtéir an fhaisnéis bhreise. Cuirfidh sé an Coimisiún agus an tÚdarás ar an eolas dá réir sin.

Más rud é, ag deireadh na tréimhse breise, nach mbeidh an t-iarratasóir tar éis na staidéir bhreise nó an fhaisnéis bhreise a thíolacadh, cuirfidh an Ballstát is rapóirtéir an méid sin in iúl don iarratasóir, don Choimisiún agus don Údarás agus sonrúidh sé na heilimintí atá ar lár sa mheasúnú agus atá ar áireamh sa dréacht-tuarascáil maidir le measúnú.

4. Déanfar formáid na dréacht-tuarascála maidir le measúnú a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2).

Airteagal 12

Conclúid an Údaráis

1. Déanfaidh an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le mheasúnú a fhaigheann sé ón mBallstát is rapóirtéir a scaipeadh ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit eile 30 lá ar a dhéanaí tar éis í a fháil. Iarrfaidh sé ar an iarratasóir leagan uasdátaithe den sainchomhad a scaipeadh, i gcás inarb infheidhme sin, ar na Ballstáit, ar an gCoimisiún agus ar an Údarás.

Cuirfidh an tÚdarás an dréacht-tuascáil maidir le measúnú ar fáil don phobal, tar éis dhá sheachtain a lamháil don iarratasóir chun iarratas a dhéanamh, de bhun Airteagal 63, go gcoinneofar codanna áirithe den dréacht-tuascáil maidir le measúnú faoi rún.

Ceadóidh an tÚdarás tréimhse 60 lá chun barúlacha i scríbhinn a thíolacadh.

2. I gcás inarb iomchuí, eagróidh an tÚdarás comhairliúchán le saineolaithe, lena n-áirítear saineolaithe ón mBallstát is rapóirtéir.

Laistigh de 120 lá ó dheireadh na tréimhse arna soláthar chun barúlacha i scríbhinn a thíolacadh, glacfaidh an tÚdarás conclúid i bhfianaise an eolais reatha eolaíoch agus theicniúil, agus leas á bhaint aige as doiciméid teoracha atá ar fáil tráth an iarratais, ar conclúid í i dtaobh an féidir a bheith ag súil leis go sásóidh an substaint ghníomhach na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 agus déanfaidh sé í a chur in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit agus don Choimisiún agus cuirfidh sé ar fáil don phobal í. I gcás comhairliúcháin dá bhforáiltear sa mhír seo, déanfar an tréimhse 120 lá a fhadú 30 lá.

I gcás inarb iomchuí, díreoidh an tÚdarás sa chonclúid ar na roghanna maolaithe rioscaí arna sainaithint sa dréacht-tuascáil maidir le measúnú.

3. I gcás ina mbeidh faisnéis bhreise ag teastáil ón Údarás, leagfaidh sé síos tréimhse ama nach faide ná 90 lá agus ar laistigh de a sholáthróidh an t-iarratasóir an fhaisnéis sin do na Ballstáit, don Choimisiún agus don Údarás.

Déanfaidh an Ballstát is rapóirtéir measúnú ar an bhfaisnéis bhreise agus cuirfidh sé faoi bhráid an Údaráis gan mhoill í agus laistigh de 60 lá ar a dhéanaí tar éis an fhaisnéis bhreise a fháil. Sa chás sin déanfar an tréimhse 120 lá dá bhforáiltear i mír 2 a fhadú go ceann tréimhse a rachaidh in éag a luaithe a gheobhaidh an tÚdarás an measúnú breise.

Féadfaidh an tÚdarás a iarraidh ar an gCoimisiún dul i gcomhairle le saotharlann tagartha an Chomhphobail, arna hainmniú de bhun Rialachán (CE) Uimh. 882/2004, chun fíorú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil an modh anailíse a mhol an t-iarratasóir chun iarmhair a chinneadh sásúil agus an gcomhlíonann sé leis na ceanglais i bpointe (g) d'Airteagal 29(1) den Rialachán seo. Cuirfidh an t-iarratasóir samplaí agus caighdeáin anailíseacha ar fáil má iarrann saotharlann tagartha an Chomhphobail air déanamh amhlaidh.

4. Cuirfear san áireamh i gconclúid an Údaráis mionsonraí maidir leis an nós imeachta meastóireachta agus airíonna na substainte gníomhaí lena mbaineann.

5. Bunóidh an tÚdarás an fhoráil dá chonclúid ina mbeidh mionsonraí maidir le nós imeachta na meastóireachta agus airíonna na substainte gníomhaí lena mbaineann.

6. Maidir leis na teorainneacha ama le haghaidh thuairim an Údaráis ar iarratais i ndáil le huasleibhéil iarmhar a leagtar amach in Airteagal 11, agus le haghaidh cinntí ar iarratais i ndáil le huasleibhéil iarmhar a leagtar amach in Airteagal 14, de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005, beidh siad gan dochar do na teorainneacha ama atá leagtha síos sa Rialachán seo.

7. I gcás ina nglacfar le conclúid an Údaráis laistigh den teorainn ama atá leagtha amach i mír 2 den Airteagal seo, arna fadú go ceann aon tréimhse ama breise a leagtar síos i gcomhréir le mír 3, ní bheidh feidhm ag forálacha Airteagal 11 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 agus beidh feidhm ag forálacha Airteagal 14 den Rialachán sin gan mhoill.

8. I gcás nach nglacfar le conclúid an Údaráis laistigh den teorainn ama atá leagtha amach i mír 2 den Airteagal seo, arna fadú go ceann aon tréimhse ama breise a leagtar síos i gcomhréir le mír 3, beidh feidhm ag forálacha Airteagal 11 agus Airteagal 14 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 gan mhoill.

Airteagal 13

Rialachán formheasa

1. Laistigh de shé mhí ón dáta a bhfaightear an chonclúid ón Údarás, déanfaidh an Coimisiún tuascáil dá ngairtear 'an tuascáil maidir le hathbheithniú' agus dréacht-Rialachán a thíolacadh don Choiste dá dtagraítear in Airteagal 79(1), agus an dréacht-tuascáil maidir le measúnú ón mBallstát is rapóirtéir agus conclúid an Údaráis á gcur san áireamh aige.

Tabharfar deis don iarratasóir barúlacha a thíolacadh ar an tuascáil maidir le hathbheithniú.

2. Ar bhonn na tuascála maidir le hathbheithniú, ar bhonn factóirí eile atá ábhartha maidir leis an ábhar atá á bhreithniú agus ar bhonn phrionsabal an réamhchúraim i gcás ina bhfuil na coinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 7(1) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ábhartha, glacfar Rialachán i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3), ar Rialachán é lena bhforálfar mar a leanas:

(a) go bhformheasfar substaint ghníomhach, faoi réir coinníollacha agus srianta, dá dtagraítear in Airteagal 6, i gcás inarb iomchuí;

(b) nach bhformheasfar substaint ghníomhach; nó

(c) go leasófar na coinníollacha a ghabhann leis an bhformheas.

3. I gcás ina bhforálfar leis an bhformheas go dtíolacfar tuilleadh faisnéise daingnithí dá bhforáiltear i bpointe (f) d'Airteagal 6, déanfar foráil leis an Rialachán maidir leis an teorainn ama ar laistigh di a dhéanfar an fhaisnéis a thíolacadh do na Ballstáit, don Choimisiún agus don Údarás.

Déanfaidh an Ballstát is rapóirtéir measúnú ar an bhfaisnéis bhreise agus cuirfidh sé a mheasúnú faoi bhráid na mBallstát eile, faoi bhráid an Choimisiúin agus faoi bhráid an Údaráis gan mhoill agus laistigh de shé mhí ar a dhéanaí tar éis an fhaisnéis bhreise a fháil.

4. Áireofar substaintí gníomhacha formheasta sa Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 78(3) ina bhfuil liosta de na substaintí gníomhacha a formheasadh cheana. Coimeádfaidh an Coimisiún liosta de shubstaintí gníomhacha formheasta a bheidh ar fáil don phobal go leictreonach.

Foroinn 3

Athnuachan agus athbhreithniú

Airteagal 14

Formheas a athnuachan

1. Ar iarratas a dhéanamh chuige sin, déanfar formheas substainte gníomhaí a athnuachan i gcás ina suítear go bhfuil na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 á gcomhlíonadh.

Measfar Airteagal 4 a bheith arna chomhlíonadh i gcás ina mbeifear tar éis an méid sin a shuíomh i ndáil le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin.

Féadfaidh coinníollacha agus srianta, dá dtagraítear in Airteagal 6, a bheith san áireamh san athnuachan sin ar an bhformheas.

2. Cúig bliana déag ar a mhéad a bheidh i ré athnuachana an fhormheasa. Cúig bliana a bheidh i ré athnuachana an fhormheasa i gcás substaintí gníomhacha a chumhdaítear le hAirteagal 4(7).

Airteagal 15

Iarratas ar athnuachan

1. Déanfaidh táirgeoir na substainte gníomhaí, tráth nach déanaí ná trí bliana sula rachaidh an formheas in éag, an t-iarratas dá bhforáiltear in Airteagal 14 a thíolacadh do Bhallstát, agus cuirfidh sé cóip de chuig na Ballstáit eile, chuig an gCoimisiún agus chuig an Údarás.

2. Nuair a dhéanfaidh iarratasóir iarratas ar athnuachan, sain-aithneoidh sé aon sonraí nua a bheartaíonn sé a thíolacadh agus léireoidh sé go bhfuil siad riachtanach, de thoradh ceanglas i dtaca le sonraí nó de thoradh critéir nach raibh infheidhme nuair a formheasadh an tsubstaint ghníomhach den uair dheireanach nó toisc gur iarraidh ar fhormheas leasaithe í a iarraidh. Déanfaidh an t-iarratasóir, an tráth céanna, tráthchlár a thíolacadh maidir le haon staidéir nua nó maidir le haon staidéir leanúnacha.

Déanfaidh an t-iarratasóir na codanna den fhaisnéis a thíolactar a bhfuil iarraidh á déanamh ina leith go gcoinneofar faoi rún iad i gcomhréir le hAirteagal 63 agus, an tráth céanna, aon éilimh

maidir le cosaint sonraí de bhun Airteagal 59 a shainaitheint, agus tabharfaidh sé cúiseanna ina leith sin.

Airteagal 16

Rochtain ar an bhfaisnéis don athnuachan

Déanfaidh an tÚdarás an fhaisnéis arna soláthar ag an iarratasóir faoi Airteagal 15 a chur ar fáil don phobal gan mhoill, seachas aon fhaisnéis ar iarradh rúndacht ina leith agus a raibh údar maith leis an rúndacht a chosaint de bhun Airteagal 63, mura rud é go bhfuil foras sáraitheach i dtaca leas an phobail ag gabháil lena nochtadh.

Airteagal 17

Fadú thréimhse an fhormheasa ar feadh ré an nós imeachta

Más rud é, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag an iarratasóir orthu, gur dealraitheach gur dócha go n-éagfaidh an formheas sula ndéanfar cinneadh faoi athnuachan, glacfar cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3), chun éag na tréimhse formheasa don iarratasóir sin a iarchur go ceann tréimhse is leor chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas.

Déanfar Rialachán chun éag na tréimhse formheasa a iarchur go ceann tréimhse is leor chun scrúdú a dhéanamh ar an iarratas a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(5) i gcás nach bhféadfadh iarratasóirí an fógra trí bliana a éilítear faoi Airteagal 15(1) a thabhairt de bhrí go raibh an tsubstaint ghníomhach san áireamh in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ar feadh ré a chuaigh in éag roimh 14 Meitheamh 2014.

Bunófar fad na tréimhse sin ar bhonn an méid seo a leanas:

- (a) an t-am a bheidh ag teastáil chun an fhaisnéis a iarradh a sholáthar;
- (b) an t-am a bheidh ag teastáil chun an nós imeachta a thabhairt chun críche;
- (c) i gcás inarb iomchuí, an gá lena áirithiú go mbunófar clár comhleanúnach oibre, dá bhforáiltear in Airteagal 18.

Airteagal 18

Clár oibre

Féadfaidh an Coimisiún clár oibre a bhunú ina ndéanfar substaintí gníomhacha comhchosúla a ghrúpáil le chéile, ina leagfar síos tosaíochtaí ar bhonn ábhar inní sábháilteachta maidir le sláinte an duine nó sláinte ainmhithe nó maidir leis an gcomhshaol agus ina gcuirfear san áireamh, a mhéid is féidir, an gá atá le rialú éifeachtach agus bainistiú friotáiochta na spriocloinaide. D'fhéadfadh sé, mar gheall ar an gclár, go gceanglófar ar pháirtithe leasmhara na sonraí riachtanacha uile a thíolacadh do na Ballstáit, don Choimisiún agus don Údarás laistigh de thréimhse dá bhforáiltear sa chlár.

Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa chlár:

- (a) na nósanna imeachta maidir le hiarratais a thíolacadh ar athnuachan formheasanna agus maidir le measúnú a dhéanamh ar na hiarratais sin;
- (b) na sonraí riachtanacha a bheidh le tíolacadh, lena n-áirítear bearta chun tástáil ainmhithe a íoslaghdú, go háirithe úsáid modhanna tástála gan ainmhithe agus straitéisí tástála éirimiúla;
- (c) na tréimhsí ama chun na sonraí sin a thíolacadh;
- (d) na rialacha maidir le faisnéis nua a thíolacadh;
- (e) an tréimhse ama chun measúnú agus chun cinntí a dhéanamh;
- (f) meastóireacht ar shubstaintí gníomhacha a leithdháileadh ar Bhallstáit, agus cothromaíocht sna freagrachtaí agus san obair atá le déanamh i measc Ballstát a bheidh ag gníomhú dóibh mar rapóirtéirí á cur san áireamh.

Airteagal 19

Bearta cur chun feidhme

Maidir le Rialachán, a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3), leagfar amach ann na forálacha atá riachtanach chun an nós imeachta athnuachana a chur chun feidhme, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, clár oibre a chur chun feidhme, dá bhforáiltear in Airteagal 18.

Airteagal 20

Rialachán athnuachana

1. Glacfar Rialachán i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3), ar choinníoll:

- (a) go ndéantar formheas substainte gníomhaí a athnuachan, faoi réir coinníollacha agus srianta nuair is iomchuí sin; nó
- (b) nach ndéantar formheas substainte gníomhaí a athnuachan.

2. I gcás nach mbaineann na cúiseanna gan an formheas a athnuachan le cosaint sláinte nó an chomhshaoil, déanfar foráil leis an Rialachán dá dtagraítear i mír 1 maidir le tréimhse cairde nach faide ná sé mhí don díol agus don dáileachán, agus lena chois sin, maidir le huastréimhse bliana chun stoic reatha na dtáirgí cosanta plandaí lena mbaineann a dhiúscairt, a stóráil agus a úsáid. Maidir leis an tréimhse cairde don díol agus don dáileachán, cuirfear san áireamh inti gnáth-thréimhse úsáide an táirge cosanta plandaí ach ní rachaidh an tréimhse cairde iomlán thar 18 mí.

I gcás ina dtarraingítear siar an formheas nó más rud é nach ndéantar an formheas a athnuachan de bharr ábhar inní láithreach maidir le sláinte an duine, nó sláinte ainmhithe nó

maidir leis an gcomhshaoil, déanfar na táirgí cosanta plandaí lena mbaineann a tharraingt siar ón margadh láithreach.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 13(4).

Airteagal 21

Formheas a athbhreithniú

1. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhormheas substainte gníomhaí aon tráth. Cuirfidh sé san áireamh iarraidh ó Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh, i bhfianaise eolais nua eolaíoch agus theicniúil agus sonraí faireacháin, ar fhormheas substainte gníomhaí, lena n-áirítear i gcás ina dtarlaíonn sé, i ndiaidh athbhreithniú a dhéanamh ar na húdaruith de bhun Airteagal 44(1), go bhfuil tásca ann go bhféadfadh gnóthú na gcuspóirí arna mbunú i gcomhréir le hAirteagal 4(1)(a)(iv) agus (b)(i) agus Airteagal 7(2) agus (3) de Threoir 2000/60/CE a bheith i gcontúirt.

I gcás ina measfaidh sé, i bhfianaise an eolais nua eolaíoch agus theicniúil, go bhfuil tásca ann nach gcomhlíonann an tsubstaint ghníomhach a thuilleadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4, nó i gcás nár soláthraíodh an fhaisnéis bhreise a éilíodh i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 6, cuirfidh sé an méid sin iúl do na Ballstáit, don Údarás agus do tháirgeoir na substainte gníomhaí agus leagfaidh sé síos tréimhse ama ar laistigh di nach mór don táirgeoir a bharúlacha a thíolacadh.

2. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar na Ballstáit agus ar an Údarás barúil nó cúnamh eolaíochta nó cúnamh teicniúil a thabhairt. Féadfaidh na Ballstáit a mbarúlacha a sholáthar laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata. Déanfaidh an tÚdarás a thuairim nó torthaí a shaothair a sholáthar don Choimisiún laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata.

3. I gcás ina gcinnfidh an Coimisiún nach bhfuil na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 á gcomhlíonadh a thuilleadh, nó i gcás nach mbeifear tar éis an fhaisnéis bhreise a éilítear i gcomhréir le pointe (f) d'Airteagal 6 a sholáthar, glacfar Rialachán chun an formheas a tharraingt siar nó a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3).

Beidh feidhm ag Airteagal 13(4) agus ag Airteagal 20(2).

Foroinn 4

Maoluithe

Airteagal 22

Substaintí gníomhacha íseal-riosca

1. De mhaolú ar Airteagal 5, déanfar substaint ghníomhach a chomhlíonann na critéir dá bhforáiltear in Airteagal 4 a fhormheas ar feadh tréimhse nach faide ná 15 bliana i gcás ina measfar gur substaint ghníomhach íseal-riosca í agus i gcás ina bhféadfar a bheith ag súil leis, i gcás na dtáirgí cosanta plandaí a bhfuil an tsubstaint sin iontu, nach mbeidh ach riosca íseal ann do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe agus don chomhshaoil de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 47(1).

2. Beidh feidhm ag Airteagal 4 agus ag Airteagal 6 go hAirteagal 21 agus ag pointe 5 d'Iarscríbhinn II. Liostófar substaintí gníomhacha íseal-riosca go leithleach sa Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 13(4).

3. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh agus, más gá, critéir nua a shonrú maidir le substaint ghníomhach a fhorghnóthú mar shubstaint gníomhach íseal-riosca i gcomhréir le hAirteagal 78(1)(a).

Airteagal 23

Critéir formheasa le haghaidh substaintí bunata

1. Formheasfar substaintí bunata i gcomhréir le mír 2 go mír 6. De mhaolú ar Airteagal 5, mairfidh an formheas go ceann tréimhse gan teorainn.

Chun críche mhír 2 go mír 6, is é atá i substaint ghníomhach ná substaint bhunata:

- (a) nach substaint í ar díol imní í; agus
- (b) nach cuid dhílis di a bheith ina cúis le hiarmhairtí réabtha iontálaigh, néarthocsaineacha nó imdhíonhocsaineacha; agus
- (c) nach n-úsáidtear go formhór chun críocha cosanta plandaí ach, mar sin féin, atá úsáideach chun plandaí a chosaint, go díreach nó i dtáirge arb é atá ann ná an tsubstaint sin agus caolaitheoir simplí; agus
- (d) nach gcuirtear ar an margadh mar tháirge cosanta plandaí.

Chun críche an Rialacháin seo, measfar gur substaint bhunata í substaint ghníomhach a chomhlíonann na critéir maidir le 'earraí bia' mar a shainmhínítear iad in Airteagal 2 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002.

2. De mhaolú ar Airteagal 4, formheasfar substaint bhunata i gcás ina léireofar, le haon mheastóireachtaí ábhartha arna gcur i gcrích i gcomhréir le reachtaíocht eile Comhphobail lena rialaítear úsáid na substainte sin chun críoch seachas mar tháirge cosanta plandaí, nach bhfuil iarmhairt dhíobhálach láithreach ná iarmhairt dhíobhálach mhoillithe ag an tsubstaint ar shláinte an duine ná ar shláinte ainmhithe nó nach bhfuil aon iarmhairt neamh-inghlactha ag an tsubstaint ar an gcomhshaol.

3. De mhaolú ar Airteagal 7, is chuig an gCoimisiún a thíolacfaidh Ballstát nó aon pháirtí leasmhar iarratas ar fhorghnóthú substainte bunata.

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:

- (a) aon mheastóireachtaí ar na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aici ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó ar an gcomhshaol, ar meastóireachtaí iad a cuireadh i gcrích i gcomhréir le reachtaíocht eile Comhphobail lena rialaítear úsáid na substainte; agus
- (b) aon fhaisnéis ábhartha eile maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith aici ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó ar an gcomhshaol.

4. Iarrfaidh an Coimisiún ar an Údarás tuairim nó cúnamh eolaíoch nó cúnamh teicniúil a thabhairt. Déanfaidh an tÚdarás a thuairim nó torthaí a shaothair a sholáthar don Choimisiún laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata.

5. Beidh feidhm ag Airteagal 6 agus ag Airteagal 13. Liostófar substaintí bunata go leithleach sa Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 13(4).

6. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar fhorghnóthú substainte bunata aon tráth. Féadfaidh sé iarraidh ó Bhallstát athbhreithniú a dhéanamh ar an bhformheas a chur san áireamh.

I gcás ina measfaidh an Coimisiún go bhfuil tásca ann nach gcomhlíonann an tsubstaint a thuilleadh na critéir dá bhforáiltear i mír 1 go mír 3, cuirfidh sé an méid sin in iúl do na Ballstáit, don Údarás agus don pháirtí leasmhar agus leagfaidh sé síos tréimhse ar laistigh di nach mór dóibh a mbarúlacha a thíolacadh.

Iarrfaidh an Coimisiún ar an Údarás tuairim nó cúnamh eolaíoch nó cúnamh teicniúil a thabhairt. Déanfaidh an tÚdarás a thuairim nó torthaí a shaothair a sholáthar don Choimisiún laistigh de thrí mhí ó dháta na hiarrata.

I gcás ina gcinneadh an Coimisiún nach bhfuil na critéir dá dtagraítear i mír 1 á gcomhlíonadh a thuilleadh, glacfar Rialachán chun an formheas a tharraingt siar nó a leasú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3).

Airteagal 24

Substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú

1. Déanfar substaint ghníomhach a chomhlíonann na critéir dá bhforáiltear in Airteagal 4 a fhorghnóthú, ar feadh tréimhse nach faide ná seacht mbliana, mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú má chomhlíonann sí ceann amháin nó níos mó de na critéir bhreise a leagtar síos i bpointe 4 d'Iarscríbhinn II. De mhaolú ar Airteagal 14(2), féadfar athnuachan go ceann tréimhsí nach faide ná seacht mbliana a dhéanamh ar an bhformheas uair amháin nó níos mó.

2. Gan dochar do mhír 1, beidh feidhm ag Airteagal 4 go hAirteagal 21. Déanfar substaintí a bhféadfaí ionadú a dhéanamh orthu a liostú go leithleach sa Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 13(4).

ROINN 2

Teorantóirí agus sineirgíoch

Airteagal 25

Formheas teorantóirí agus sineirgíoch

1. Formheasfar teorantóir nó sineirgíoch, i gcás ina gcomhlíonann sé Airteagal 4.

2. Beidh feidhm ag Airteagal 5 go hAirteagal 21.

3. Déanfar ceanglais i dtaca le sonraí, ar ceanglais iad atá comhchosúil leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 84, a shainmhíniú maidir le teorantóirí agus sineirgí i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4).

Airteagal 26

Teorantóirí agus sineirgí atá ar an margadh cheana féin

Faoi 14 Nollaig 2014, glactar le Rialachán i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4) lena mbunófar clár oibre chun athbhreithniú a dhéanamh de réir a chéile ar shineirgí agus ar theorantóirí atá ar an margadh nuair a thiocfaidh an Rialachán sin i bhfeidhm. Cuimseofar leis an Rialachán bunú ceanglas i dtaca le sonraí, lena n-áirítear bearta chun tástálacha ainmhithe a íosláhdú, fógra a thabhairt, meastóireacht a dhéanamh, measúnú a dhéanamh agus nósanna imeachta cinnteoireachta. Ceanglófar ar na páirtithe leasmhara na sonraí riachtanacha go léir a thíolacadh don Bhallstát, don Choimisiún agus don Údarás laistigh de thréimhse shonraithe.

ROINN 3

Comhfhoirmligh neamh-Inghlactha

Airteagal 27

Comhfhoirmligh

1. Ní ghlactar le comhfhoirmligh chun é a chur i dtáirge cosanta plandaí i gcás ina suitear mar a leanas:

(a) go bhfuil iarmhairt dhíobhálach ag a iarmhair, de dhroim úsáide i gcomhréir le dea-chleachtas cosanta plandaí, agus ag féachaint do dhálaí réalaiócha úsáide, ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó ar screamhuisce nó go bhfuil iarmhairt neamh-ingleactha aige ar an gcomhshaoil; nó

(b) go bhfuil iarmhairt dhíobhálach ag a úsáid, de dhroim úsáide i gcomhréir le dea-chleachtas cosanta plandaí, agus ag féachaint do dhálaí réalaiócha úsáide, ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó ar screamhuisce nó go bhfuil iarmhairt neamh-ingleactha ag a úsáid ar phlandaí, ar tháirgí plandaí nó ar an gcomhshaoil.

2. Déanfar comhfhoirmligh nach nglactar lena gcur i dtáirge cosanta plandaí de bhun mhír 1 a áireamh in Iarscríbhinn III i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4).

3. Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú a dhéanamh ar chomhfhoirmligh aon tráth. Féadfaidh sé faisnéis ábhartha arna soláthar ag na Ballstáit a chur san áireamh.

4. Beidh feidhm ag Airteagal 81(2).

5. Féadfar rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme an Airteagail seo a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3).

CAIBIDIL III

TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ

ROINN 1

Údarú

Foironn 1

Ceanglais agus inneachar

Airteagal 28

Údarú um chur ar an margadh agus um úsáid

1. Ní dhéanfar táirge cosanta plandaí a chur ar an margadh nó a úsáid mura rud é go mbeidh sé údaráithe chuige sin sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir leis an Rialachán seo.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní bheidh gá le húdarú sna cásanna seo a leanas:

(a) úsáid táirgí nach bhfuil iontu ach substaint bhunata amháin nó níos mó;

(b) táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus a úsáid chun críocha taighde nó forbartha i gcomhréir le hAirteagal 54;

(c) táirgeadh, stóráil nó gluaiseacht táirge cosanta plandaí atá beartaithe lena úsáid i mBallstát eile, ar choinníoll go bhfuil an táirge údaráithe sa Bhallstát sin agus go bhfuil ceanglais chigireachta i bhfeidhm ag an mBallstát ina ndéantar an táirgeadh, an stóráil nó an gluaiseacht chun a áirithiú nach n-úsáidfear an táirge cosanta plandaí ina chríoch;

(d) i gcás ina dtáirgfear, ina stórálfar nó ina n-aistreofar táirge cosanta plandaí lena úsáid i dtríú tír ar chuntar go bhfuil ceanglais chigireachta i bhfeidhm ag an mBallstát is táirgeoir, is stórálaí nó is aistritheoir a áiritheoidh nach n-onnmhaireofar an táirge cosanta plandaí óna chríoch.

(e) táirgí cosanta plandaí ar deonaidh cead trádála comhthreomhaire ina leith i gcomhréir le hAirteagal 52 a chur ar an margadh agus a úsáid.

Airteagal 29

Ceanglais maidir le cur ar an margadh a údarú

1. Gan dochar d'Airteagal 50, ní údarófar táirge cosanta plandaí ach amháin i gcás ina gcomhlíonann sé, de réir na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear i mír 6, na ceanglais seo a leanas:

- (a) go ndearnadh a shubstaintí gníomhacha, a teorantóirí agus a shineirgíoch a fhormheas;
- (b) i gcás ina ndéantar a shubstaint ghníomhach, a teorantóir nó a shineirgíoch a tháirgeadh ó fhoinsé éagsúil nó ó bhfoinsé chéanna ach athrú a bheith ann sa phróiseas monaraíochta agus/nó sa suíomh monaraíochta:
 - (i) nach gclaonann an tsonraíocht, de bhun Airteagal 38, go suntasach ón tsonraíocht atá ar áireamh sa Rialachán lena bhformheastar an tsubstaint, an teorantóir nó an sineirgíoch; agus
 - (ii) nach bhfuil iarmhairtí níos díobhálaí ag an tsubstaint ghníomhach, ag an teorantóir nó ag an sineirgíoch, de réir bhrí Airteagal 4(2) agus (3), de thoradh a heisíontas nó a eisíontas ná mar a bheadh aici nó aige dá mba rud é gur táirgeadh í nó é i gcomhréir leis an bpróiseas monaraíochta arna shonrú sa sainchomhad a bhí ann mar thacaíocht leis an bhformheas;
- (c) i gcás nach bhfuil a chomhfhoirmligh san áireamh in Iarscríbhinn III;
- (d) i gcás ina bhfuil a fhoirmliú teicniúil de chineál a fhágann go bhfuil an méid a dtagann an t-úsáideoir faoina lé nó rioscaí eile teoranta an oiread agus is féidir gan feidhmiú an táirge a chur i mbaol;
- (e) i bhfianaise an eolais reatha eolaíoch agus theicniúil, i gcás ina gcomhlíonann sé na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 4(3);
- (f) i gcás inar féidir nádúr agus cainníocht a shubstaintí gníomhacha, a teorantóirí, agus a shineirgíoch agus, i gcás inarb iomchuí, aon eisíontais nó comhfhoirmligh atá ábhartha go tocsaineolaíoch nó go héiceathocsaineolaíoch nó ó thaobh an chomhshaoil a chinneadh le modhanna iomchuí;
- (g) i gcás inar féidir a iarmhair, a eascraíonn as úsáidí údaraithe, agus atá ábhartha go tocsaineolaíoch nó go héiceathocsaineolaíoch nó ó thaobh an chomhshaoil, a chinneadh le modhanna iomchuí a úsáidtear go ginearálta i ngach Ballstát, agus teorainneacha cinntiúcháin iomchuí ann maidir le samplaí ábhartha;
- (h) i gcás ina ndearnadh a airíonna fisiciúla agus ceimiceacha a chinneadh agus inar measadh go bhfuil siad inghlactha chun críocha úsáid agus stóráil iomchuí an táirge;
- (i) maidir le plandaí agus táirgí plandaí atá le húsáid mar bheatha nó mar bhia, i gcás inarb iomchuí, i gcás ina mbeifear tar éis na huasleibhéil iarmhar do na táirgí talmhaíochta dá ndéanann an úsáid dá dtagraítear san údarú difear a leagan síos nó a mhodhnú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

2. Taispeánfaidh an t-iarratasóir go bhfuil na ceanglais dá bhforáiltear i bpointe (a) go pointe (h) de mhír 1 comhlíonta.

3. Déanfar comhlíonadh na gceanglas a leagtar amach i bpointe (b) agus i bpointe (e) go pointe (h) de mhír 1 a

shuíomh le tástálacha oifigiúla agus le hanailísí oifigiúla nó le tástálacha agus le hanailísí a bhfuil aitheantas oifigiúil acu, ar tástálacha agus anailísí iad a dhéantar faoi dhálaí talmhaíochta, sláinte plandaí agus comhshaoil atá ábhartha d'úsáid an táirge cosanta plandaí i dtrácht agus atá ionadaíoch do na dálaí atá ann sa chrios a mbeartaítear an táirge a úsáid ann.

4. Maidir le pointe (f) de mhír 1, féadfar modhanna comhchuibhithe a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4).

5. Beidh feidhm ag Airteagal 81.

6. Maidir leis na prionsabail aonfhoirmeacha chun measúnú agus údarú a dhéanamh ar tháirgí cosanta plandaí, beidh na ceanglais iontu a leagtar amach in Iarscríbhinn VI a ghabhann le Treoir 91/414/CEE agus leagfar síos iad i Rialachán arna nglacadh i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2) gan aon mhodhnuithe substaintiúla a dhéanamh orthu. Déanfar aon leasuithe ina dhiaidh sin ar na Rialacháin sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 78(1)(c).

De réir na bprionsabal seo, déanfar idirghníomhú idir na substaintí gníomhacha, na teorantóirí, na shineirgíoch agus na comhfhoirmligh a chur san áireamh sa mheastóireacht ar tháirgí cosanta plandaí.

Airteagal 30

Údaruithe sealadacha

1. De mhaolú ar Airteagal 29(1)(a), féadfaidh na Ballstáit údarú a dhéanamh go ceann tréimhse sealadaí nach faide ná trí bliana maidir le táirgí cosanta plandaí a bhfuil substaint ghníomhach iontu nár formheasadh fós a chur ar an margadh ar choinníoll:

- (a) nach rabhthas in ann an cinneadh maidir le formheas a thabhairt chun críche laistigh de thréimhse 30 mí ó dháta inghlacthachta na hiarrata, arna fadú d'aon tréimhse bhreise arna leagan síos i gcomhréir le hAirteagal 9(2), le hAirteagal 11(3) nó le hAirteagal 12(2) nó (3); agus
- (b) de bhun Airteagal 9, go bhfuil an sainchomhad ar an tsubstaint ghníomhach inghlactha i ndáil leis na húsáidí a bheidh beartaithe;
- (c) go dtagann an Ballstát ar an gconclúid go bhfuil ar chumas na substaintí gníomhaí ceanglais Airteagal 4(2) agus (3) a chomhlíonadh agus go bhféadfar a bheith ag súil leis go gcomhlíonfaidh an táirge cosanta plandaí ceanglais phointe (b) go pointe (h) d'Airteagal 29(1); agus
- (d) gur bunaíodh uasleibhéil iarmhar i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

2. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh an Ballstát a mheasúnú ar an sainchomhad agus ar na téarmaí údarúcháin in iúl láithreach do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agus tabharfaidh sé ar a laghad an fhaisnéise dá bhforáiltear in Airteagal 57(1).

3. Beidh feidhm ag na forálacha atá leagtha síos i mír 1 agus i mír 2 go dtí 14 Meitheamh 2016. Más gá, féadfar an teorainn ama sin a fhadú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4).

Airteagal 31

Inneachar na n-údaruithe

1. Saineofar leis an údarú na plandaí nó na táirgí plandaí agus na limistéir neamhthalmhaíochta (mar shampla iarnróid, limistéir phoiblí, seomraí stórála) a bhféadfar an táirge cosanta plandaí a úsáid orthu agus na cuspóirí ar ina leith a fhéadfar an táirge cosanta plandaí a úsáid.

2. Leagfar amach san údarú na ceanglais a bhaineann leis an táirge cosanta plandaí a úsáid agus a chur ar an margadh. Beidh san áireamh ar a laghad sna ceanglais sin na dálaí úsáide a bheidh riachtanach chun na coinníollacha agus na ceanglais a chomhlíonadh dá bhforáiltear sa Rialachán lena bhformheastar na substaintí gníomhacha, na teorantóirí agus na sineirgígh.

Beidh aicmiú ar an táirge cosanta plandaí, chun críche Threoir 1999/45/CE, san áireamh san údarú. Féadfaidh na Ballstáit a fhoráil go ndéanfaidh sealbhóirí údaruithe aicmiú nó uasdátú ar an lipéad gan moill mhíchúí tar éis aon athrú a dhéanamh ar aicmiú agus ar lipéadú an táirge cosanta plandaí i gcomhréir le Treoir 1999/45/CE. I gcásanna den sórt sin, cuirfidh siad an t-údarás inniúil ar an eolas láithreach ina thaobh.

3. I gcás inarb infheidhme, beidh na nithe seo a leanas san áireamh sna ceanglais dá dtagraítear i mír 2 freisin:

(a) an dáileog uasta in aghaidh an heicteáir gach uair a úsáidtear é;

(b) an tréimhse idir an úsáid dheireanach agus baint an fhómhar;

(c) an líon uasta úsáidí in aghaidh na bliana.

4. Féadfaidh na ceanglais seo a leanas a bheith san áireamh sna ceanglais dá dtagraítear i mír 2:

(a) srian maidir le dáileadh agus úsáid an táirge cosanta plandaí chun cosaint a thabhairt do shláinte dáileoirí, do shláinte úsáideoirí, do shláinte seallach, do shláinte cónaitheoirí, do shláinte tomhaltóirí nó do shláinte na n-oibrithe lena mbaineann nó don chomhshaol, agus na ceanglais a fhorchuirtear le forálacha eile Comhphobail á gcur san áireamh; déanfar srianta den sórt sin a chur in iúl ar an lipéad;

(b) an oibleagáid atá ann sula n-úsáidfear an táirge go gcuirfear ar an eolas aon chomharsana a d'fhéadfadh a bheith faoi lé an cháite sprae agus a d'iarr go gcuirfí ar an eolas iad;

(c) tásca maidir le húsáid chuí de réir na bprionsabal a bhaineann le Bainistiú Comhtháite Lotnaidí dá dtagraítear in Airteagal 14 de Threoir 2009/128/CE agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin;

(d) catagóirí úsáideoirí a ainmniú, amhail úsáideoirí gairmiúla agus úsáideoirí neamhghairmiúla;

(e) an lipéad formheasta;

(f) an t-eatramh idir na tráthanna a úsáidtear é;

(g) an tréimhse idir úsáid dheireanach agus ídiú an táirge planda, i gcás inarb infheidhme;

(h) an t-eatramh athiontrála;

(i) méid agus ábhar an phacáistithe.

Airteagal 32

Ré

1. Leagfar síos tréimhse an údaraithe san údarú.

Gan dochar d'Airteagal 44, is é a bheidh i ré an údaraithe a leagfar síos ná tréimhse nach faide ná bliain ón dáta a n-éagfaidh údarú na substaintí gníomhacha, na dteorantóirí agus na sineirgíoch atá sa táirge cosanta plandaí agus ina dhiaidh sin go ceann cibé fad a bheidh na substaintí gníomhacha, na teorantóirí agus na sineirgígh atá sa táirge cosanta plandaí arna bhformheas.

Ceadóidh an tréimhse sin an scrúdú dá bhforáiltear in Airteagal 43 a chur i gcrích.

2. Féadfar údaruithe a dheonú go ceann tréimhsí is giorra ná sin chun sioncrónú a dhéanamh ar an athmheastóireacht ar tháirgí comhchosúla chun críocha measúaithe chomparáidigh ar tháirgí ina bhfuil substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 50.

Foroinn 2

Nós imeachta

Airteagal 33

Iarratas ar údarú nó ar leasú ar údarú

1. Déanfaidh iarratasóir ar mian leis táirge cosanta plandaí a chur ar an margadh iarratas ar údarú nó ar leasú ar údarú, é féin nó trí ionadaí, chuig gach Ballstát a mbeidh sé beartaithe an táirge cosanta plandaí a chur ar an margadh ann.

2. Beidh na nithe seo a leanas san iarratas:

- (a) liosta de na húsáidí atá beartaithe i ngach crios mar atá léirithe in Iarscríbhinn I agus liosta de na Ballstáit ina bhfuil iarratas déanta ag an iarratasóir nó ina bhfuil sé beartaithe ag an iarratasóir iarratas a dhéanamh;
 - (b) togra i dtaobh cén Ballstát a gceapann an t-iarratasóir ina leith gurb é a dhéanfaidh meastóireacht ar an iarratas sa chrios lena mbaineann. I gcás iarratais ar úsáid i dtithe gloine, mar chóireáil iarbhuainte, nó ar chóireáil a chur ar sheomraí stórála folmha nó ar chóireáil síolta, ní mholfar ach Ballstát amháin agus déanfaidh an Ballstát sin meastóireacht ar an iarratas agus na criosanna uile á gcur i gcuntas. Sa chás sin, cuirfidh an t-iarratasóir an achoimre nó an sainchomhad iomlán dá dtagraítear in Airteagal 8 chuig na Ballstáit arna iarraidh sin;
 - (c) i gcás inarb ábhartha, cóip d'aon údaruithe a deonaíodh cheana féin maidir leis an táirge cosanta plandaí sin i mBallstát;
 - (d) i gcás inarb ábhartha, cóip d'aon chonclúid arna déanamh ag an mBallstát is rapóirtéir a dhéanann measúnú ar choibhéis dá dtagraítear in Airteagal 38(2).
3. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:
- (a) i gcás an táirge cosanta plandaí lena mbaineann, sainchomhad iomlán agus sainchomhad achomair maidir le gach uile phointe de na ceanglais i dtaca le sonraí a bhaineann leis an táirge cosanta plandaí;
 - (b) i gcás gach substainte gníomhaí, gach teorantóra agus gach sineirgígh atá sa táirge cosanta plandaí, sainchomhad iomlán agus sainchomhad achomair maidir le gach pointe de na ceanglais i dtaca le sonraí a bhaineann leis an tsubstaint ghníomhach, leis an teorantóir agus leis an sineirgíoch;
 - (c) i gcás gach tástála nó gach staidéir ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha, cosaint i leith na mbearta a glacadh chun tástáil ainmhithe agus dúbláil tástálacha agus staidéar ar ainmhithe veirteabracha a sheachaint;
 - (d) na cúiseanna go bhfuil na tuarascálacha ar an tástáil agus ar an staidéar a tiolacadh riachtanach don chéad fhormheas nó do leasuithe ar choinníollacha an údaráithe;
 - (e) i gcás inarb iomchuí, cóip den iarratas ar uasleibhéil iarmhar dá dtagraítear in Airteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 nó cosaint maidir leis na cúiseanna nár soláthraíodh an fhaisnéis sin;
 - (f) i gcás inarb ábhartha, maidir le leasú ar údaráí, measúnú ar an bhfaisnéis uile a tiolacadh i gcomhréir le pointe (h) d'Airteagal 8(1);
 - (g) dréachtlipéad.

4. Nuair a beidh an t-iarratas á thíolacadh, féadfaidh an t-iarratasóir a iarraidh, de bhun Airteagal 60, go gcoinneofar faisnéis ar leith, lena n-áirítear codanna áirithe den sain-

chomhad, faoi rún agus déanfaidh sé an fhaisnéis sin a scaradh, go fisiciúil, ón bhfaisnéis eile.

Ag an am céanna tíolacfaidh an t-iarratasóir an liosta iomlán staidéir arna thíolacadh de bhun Airteagal 8(2) agus liosta tuarascálacha tástála agus staidéir ar ina leith a iarrtar aon éilimh ar chosaint sonraí de bhun Airteagal 59.

Tar éis dó iarratas rochtana ar fhaisnéis a fháil, déanfaidh an Ballstát a bhfuil an t-iarratas á scrúdú aige cinneadh i dtaobh cén fhaisnéis atá le coinneáil faoi rún.

5. Má iarrann an Ballstát amhlaidh, tíolacfaidh an t-iarratasóir an t-iarratas i dteangacha náisiúnta nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit sin nó i gceann amháin de na teangacha sin.

6. Ar iarraidh a fháil, déanfaidh an t-iarratasóir samplaí den táirge cosanta plandaí, mar aon le caighdeáin anailíseacha a chomhábhar, a sholáthar don Bhallstát.

Airteagal 34

Díolúine ó staidéir a thíolacadh

1. Beidh iarratasóirí díolmhaith ó na tuarascálacha tástála agus staidéir dá dtagraítear in Airteagal 33(3) a sholáthar i gcás ina bhfuil na tuarascálacha tástála agus staidéir lena mbaineann ag an mBallstát a bhfuil iarratas déanta chuige agus i gcás ina dtaispeánann na hiarratasóirí gur tugadh rochtain dóibh i gcomhréir le hAirteagal 59, le hAirteagal 61 nó le hAirteagal 62 nó go bhfuil aon tréimhse cosanta sonraí imithe in éag.

2. Déanfaidh iarratasóirí a bhfuil feidhm ag mír 1 maidir leo an fhaisnéis seo a leanas a sholáthar, áfach:

- (a) na sonraí go léir atá riachtanach chun táirge cosanta plandaí a shainaithint, lena n-áirítear a chomhdhéanamh iomlán, chomh maith le dearbhú nach n-úsáidtear aon chomhfhoirmigh neamh-inghlactha;
- (b) an fhaisnéis is gá chun an tsubstaint ghníomhach, an teorantóir nó an sineirgíoch a shainaithint, i gcás inar formheasadh iad, agus an fhaisnéis is gá chun a shuíomh an bhfuil na coinníollacha formheasa comhlíonta agus an gcomhlíonann siad pointe (b) d'Airteagal 29(1) nuair is iomchuí;
- (c) arna iarraidh sin don Bhallstát lena mbaineann, na sonraí is gá chun a thaispeáint go bhfuil iarmhairtí ag an táirge cosanta plandaí atá inchomórtais leis na hiarmhairtí atá ag an táirge cosanta plandaí sin ar ina leith a léiríonn siad go bhfuil rochtain acu ar na sonraí cosanta.

Airteagal 35

An Ballstát a scrúdaíonn an t-iarratas

Is é an Ballstát ar mhol an t-iarratasóir é a scrúdóidh an t-iarratas, mura rud é go n-aontóidh Ballstát eile sa chrios céanna é a scrúdú. Déanfaidh an Ballstát a scrúdóidh an t-iarratas an méid sin a chur in iúl don iarratasóir.

Ar iarraidh ón mBallstát a mbeidh an t-iarratas á scrúdú aige, comhoibreoidh na Ballstáit eile sa chrios céanna inar tiolacadh iarratas chun a áirithiú go roinnfear an t-ualach oibre go cóir.

Staonfaidh na Ballstáit eile laistigh den chrios ina ndearnadh iarratas ó leanúint ar aghaidh leis an gcomhad go dtí go mbeidh measúnú curtha i gcrích ag an mBallstát a mbeidh an t-iarratas á scrúdú aige.

Nuair a dhéanfar iarratas i níos mó na crios amháin, comhaontóidh na Ballstáit a mheasfaidh an t-iarratas ar mheas-tóireacht aon sonraí nach bhfuil baint acu leis na dálaí comhshaoil nó talmhaíochta.

Airteagal 36

Scrúdú i gcomhair údarúcháin

1. Déanfaidh an Ballstát a scrúdóidh an t-iarratas measúnú neamhspleách, oibiachtúil, trédhearcach i bhfianaise an eolais reatha eolaíoch agus theicniúil trí úsáid a bhaint as doiciméid teorach atá ar fáil tráth an iarratais. Tabharfaidh sé an deis do gach Ballstát sa chrios céanna chun barúlacha a bheidh le meas sa mheasúnú a thíolacadh.

Cuirfidh sé i bhfeidhm na prionsabail aonfhoirmeacha a bhaineann le measúnú agus údarú a dhéanamh i ndáil le táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 29(6), chun a shuíomh, a mhéid is féidir, an gcomhlíonann an táirge cosanta plandaí na ceanglais dá bhforáiltear in Airteagal 29 sa réigiún céanna, i gcás ina n-úsáidtear é i gcomhréir le hAirteagal 55, agus faoi dhálaí réadúla úsáide.

Déanfaidh an Ballstát a scrúdóidh an t-iarratas a mheasúnú a chur ar fáil do na Ballstáit eile laistigh den chrios céanna. Déanfar formáid na tuarascála ar mheasúnú a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2).

2. Déanfaidh na Ballstáit lena mbaineann, dá réir sin, údaruithe a dheonú nó a dhiúltú ar bhonn chonclúidí mheasúnú an Bhallstáit a scrúdóidh an t-iarratas de réir mar a fhoráiltear in Airteagal 31 agus in Airteagal 32.

3. De mhaolú ar mhír 2 agus faoi réir dhlí an Chomhphobail, féadfar coinníollacha iomchuí a fhorchur maidir leis na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 31(3) agus (4) agus maidir le bearta eile maolaithe riosca a dhíorthaíonn as dálaí sonracha úsáide.

I gcás nach bhféadfar ábhair inní Ballstáit maidir le sláinte an duine nó le sláinte ainmhithe nó maidir leis an gcomhshaoil a rialú trí na bearta náisiúnta maolaithe riosca dá dtagraítear sa chéad fhomhír a bhunú, féadfaidh Ballstát údarú an táirge

cosanta plandaí a dhiúltú ina chríoch, más rud é de bharr a chúinsí sonracha comhshaoil nó a chúinsí sonracha talmhaíochta, go bhfuil cúiseanna aige ar tugadh bunús leo chun a mheas go mbeadh an táirge i dtrácht fós ina chúis le riosca neamh-inghlactha do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaoil.

Cuirfidh an Ballstát sin an t-iarratasóir agus an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir lena chinneadh agus soláthróidh sé cosaint theicniúil agus cosaint eolaíoch ina leith.

Déanfaidh na Ballstáit foráil maidir leis an bhféidearthacht go gcuirfear i gcoinne cinnidh lena ndiúltaítear údarú a thabhairt do tháirgí den sórt sin os comhair na gcúirteanna náisiúnta nó trí phróisis eile achomhairc.

Airteagal 37

Tréimhse chun scrúdú a dhéanamh

1. Laistigh de dhá mhí dhéag tar éis dó an t-iarratas a fháil, déanfaidh an Ballstát a scrúdóidh an t-iarratas cinneadh i dtaobh an bhfuil na ceanglais maidir le húdarú comhlíonta.

I gcás ina mbeidh faisnéis bhreise ag teastáil ón mBallstát, leagfaidh sé síos tréimhse ar laistigh di nach mór don iarratasóir í a sholáthar. Sa chás sin, déanfar an tréimhse dhá mhí dhéag a fhadú go ceann na tréimhse bhreise a dheonóidh an Ballstát. Mairfidh an tréimhse bhreise sin sé mhí ar a mhéad agus rachaidh sí in éag a luaithe a gheobhaidh an Ballstát an fhaisnéis bhreise. Más rud é, ag deireadh na tréimhse sin, nach mbeidh na heilimintí atá ar lár tiolactha ag an iarratasóir, cuirfidh an Ballstát in iúl don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamh-inghlactha.

2. Cuirfear na teorainneacha ama dá bhforáiltear i mír 1 ar fionraí le linn an nós imeachta a leagtar amach in Airteagal 38 a bheith á chur i bhfeidhm.

3. I gcás iarratais ar údarú táirge cosanta plandaí ina bhfuil substaint ghníomhach nár formheasadh fós, cuirfidh an Ballstát a scrúdóidh an t-iarratas tús leis an meastóireacht a luaithe a bheidh an dréacht-tuarascáil ar mheasúnú dá dtagraítear in Airteagal 12(1) faighte aige. I gcás ina mbainfidh an t-iarratas leis an táirge céanna cosanta plandaí agus leis na húsáidí céanna atá sa sainchomhad dá dtagraítear in Airteagal 8, déanfaidh an Ballstát cinneadh ar an iarratas laistigh de shé mhí ar a dhéanaí ón tráth a dhéantar an tsustaint ghníomhach a fhormheas.

4. Maidir leis na Ballstáit eile lena mbaineann, déanfaidh siad cinneadh faoin iarratas, dá dtagraítear in Airteagal 36(2) agus (3), laistigh de 120 lá ar a dhéanaí ón lá a bhfuarthas an tuarascáil ar mheasúnú agus an chóip d'údarú an Bhallstáit a scrúdaíonn an t-iarratas.

*Airteagal 38***Measúnú ar choibhéis faoi phointe (b) d'Airteagal 29(1)**

1. I gcás ina mbeidh sé riachtanach a shuíomh, maidir le substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch, an ndéanann foinse éagsúil nó, i gcás na foinse céanna, an ndéanann athrú sa phróiseas monaraíochta agus/nó sa suíomh monaraíochta, pointe (b) d'Airteagal 29(1) a chomhlíonadh, is é an Ballstát a ghníomhaigh mar rapóirtéir maidir leis an tsustaint ghníomhach, maidir leis an teorantóir nó maidir leis an sineirgíoch dá dtagraítear in Airteagal 7(1) a dhéanfaidh measúnú ina leith sin mura rud é go n-aontaíonn an Ballstát a scrúdaíonn an t-iarratas dá dtagraítear in Airteagal 35 measúnú a dhéanamh ar an gcoibhéis. Cuirfidh an t-iarratasóir na sonraí riachtanacha uile faoi bhráid an Bhallstáit a dhéanfaidh measúnú ar choibhéis.

2. Tar éis an deis a thabhairt don iarratasóir barúlacha a thíolacadh, ar barúlacha iad a chuirfidh an t-iarratasóir freisin in iúl don Bhallstát is rapóirtéir nó don Bhallstát a scrúdóidh an t-iarratas, de réir mar a bheidh, ullmhóidh an Ballstát a dhéanfaidh measúnú ar choibhéis tuarascáil ar choibhéis laistigh de 60 lá ón tráth a gheofar an t-iarratas agus cuirfidh sé an tuarascáil in iúl don Choimisiún, do na Ballstáit eile agus don iarratasóir.

3. I gcás ina bhfaightear conclúid dhearfach ar choibhéis agus nach ndéantar aon agóid i gcoinne na conclúide sin, measfar go bhfuil pointe (b) d'Airteagal 29(1) comhlíonta. I gcás nach n-aontaíonn Ballstát a scrúdaíonn an tuarascáil le conclúid an Bhallstáit is rapóirtéir, nó vice versa, cuirfidh sé an méid sin in iúl don iarratasóir, do na Ballstáit eile agus don Choimisiún agus a chúiseanna á lua.

Féachfaidh na Ballstáit le hiarracht a dhéanamh teacht ar chomhaontú i dtaobh an bhfuil pointe (b) d'Airteagal 29(1) comhlíonta. Tabharfaidh siad deis don iarratasóir barúlacha a thíolacadh.

4. I gcás nach dtiocfaidh na Ballstáit lena mbaineann ar chomhaontú laistigh de 45 lá, cuirfidh an Ballstát a dhéanfaidh coibhéis a mheasúnú an t-ábhar a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Déanfar cinneadh i dtaobh an bhfuil na coinníollacha dá dtagraítear i bpointe (b) d'Airteagal 29(1) comhlíonta a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3). Tosaíonn an tréimhse 45 lá ar an dáta a gcuireann an Ballstát a scrúdaíonn an t-iarratas in iúl don Bhallstát is rapóirtéir, nó vice versa, nach n-aontaíonn sé le conclúid an Bhallstáit is rapóirtéir, i gcomhréir le mír 3.

Sula nglacfar cinneadh den sórt sin, féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an Údarás tuairim nó cúnamh eolaíoch nó cúnamh teicniúil a thabhairt agus tabharfar an tuairim nó an cúnamh sin laistigh de thrí mhí ón iarraidh a dhéanamh.

5. Féadfar rialacha mionsonraithe agus nósanna imeachta maidir le cur chun feidhme mhír 1 go mír 4 a bhunú i

gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3), tar éis dul i gcomhairle leis an Údarás.

*Airteagal 39***Faisnéis maidir le hiarratais ar údarú a thuairisciú agus a mhalartú**

1. Tiomsóidh na Ballstáit comhad faoi gach iarratas. Beidh an méid seo a leanas i ngach comhad:

(a) cóip den iarratas;

(b) tuarascáil ina bhfuil faisnéis faoin meastóireacht ar tháirge cosanta plandaí agus faoin gcinneadh maidir leis; déanfar formáid na tuarascála ar measúnú a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2);

(c) taifead de na cinntí riaracháin a ghlac an Ballstát maidir leis an iarratas agus de na doiciméid dá bhforáiltear in Airteagal 33(3) agus in Airteagal 34 mar aon le hachóimre ar na doiciméid sin;

(d) an lipéad formheasta, más infheidhme.

2. Arna iarraidh sin, déanfaidh na Ballstáit, gan mhoill, comhad ina bhfuil na doiciméid dá bhforáiltear i bpointe (a) go pointe (d) de mhír 1 a chur ar fáil do na Ballstáit eile, don Choimisiún agus don Údarás.

3. Arna iarraidh sin, déanfaidh na hiarratasóirí cóip de na doiciméid a bheidh le tíolacadh i dteannta iarratais de bhun Airteagal 33(3) agus Airteagal 34 a sholáthar do na Ballstáit, don Choimisiún agus don Údarás.

4. Féadfar rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme mhír 2 agus mhír 3 a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3).

*Foroinn 3***Aitheantas frithpháirteach d'údaruithe***Airteagal 40***Aitheantas frithpháirteach**

1. Féadfaidh sealbhóir údaraithe a deonaíodh i gcomhréir le hAirteagal 29 iarratas ar údarú don táirge cosanta plandaí céanna, don úsáid chéanna agus faoi chleachtais talamhaíochta inchomparáideacha i mBallstát eile a dhéanamh, sna cásanna seo a leanas, faoin nós imeachta um aitheantas frithpháirteach, dá bhforáiltear san fhoroinn seo:

(a) i gcás inar Ballstát a bhaineann leis an gcrios céanna (an Ballstát tagartha) a dheonaigh an t-údarú;

(b) i gcás inar Ballstát a bhaineann le crios eile (Ballstát tagartha) a dheonaigh an t-údarú, ar choinníoll nach ndéanfar an t-údarú a ndearnadh an t-iarratas ina leith a úsáid ar mhaithe le haitheantas frithpháirteach i mBallstát eile sa chrios céanna;

(c) i gcás inar dheonaigh Ballstát an t-údarú lena úsáid i dtithe gloine, nó mar chóireáil iarbhuainte, nó i ndáil le cóireáil a dhéanamh ar sheomraí folmha nó ar choimeádáin a úsáidtear chun plandaí nó táirgí plandaí a stóráil, nó i ndáil le cóireáil a dhéanamh ar shíolta, gan aird ar an gcrios lena mbaineann an Ballstát tagartha.

2. I gcás nach n-údarófar táirge cosanta plandaí i mBallstát mar nár tíolacadh aon iarratas ar údarú sa Bhallstát sin, féadfaidh comhlachtaí oifigiúla nó eolaíochta a ghabhann do ghníomhaíochtaí talmhaíochta nó eagraíochtaí gairmiúla talmhaíochta iarratas a dhéanamh, faoin nós imeachta um aitheantas frithpháirteach dá dtagraítear i mír 1, le toiliú ó shealbhóir an údaraithe, ar údarú maidir leis an táirge cosanta plandaí céanna, maidir leis an úsáid chéanna agus faoi na cleachtais talmhaíochta chéanna sa Bhallstát sin. Sa chás sin, ní mór don iarratasóir a thaispeáint go bhfuil úsáid táirge cosanta plandaí den sórt sin ina ábhar leasa ghinearálta don Bhallstát a thugann isteach é.

I gcás ina ndiúltoídh sealbhóir an údaraithe a thoiliú a thabhairt, féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit lena mbaineann an t-iarratas a ghlacadh, ar fhorais leas an phobail.

Airteagal 41

Údarú

1. Déanfaidh an Ballstát a gcuirtear iarratas faoi Airteagal 40 faoina bhráid, i ndiaidh scrúdú a dhéanamh ar an iarratas agus ar na doiciméid a ghabhann leis agus dá dtagraítear in Airteagal 42(1), de réir mar is iomchuí maidir leis na himthosca ina chríoch, an táirge cosanta plandaí a údarú faoi na coinníollacha céanna leis an mBallstát a scrúdóidh an t-iarratas, ach amháin i gcás ina mbeidh feidhm ag Airteagal 36(3).

2. De mhaolú ar mhír 1, féadfaidh Ballstát an táirge cosanta plandaí a údarú más rud é:

- (a) go ndearnadh iarratas le húdarú faoi phointe (b) d'Airteagal 40(1);
- (b) go bhfuil substaint ann atá inbhreithnithe lena ionadú;
- (c) gur cuireadh Airteagal 30 i bhfeidhm; nó
- (d) go bhfuil substaint ann atá formheasta i gcomhréir le hAirteagal 4(7).

Airteagal 42

Nós Imeachta

1. Beidh an méid seo a leanas ag gabháil leis an iarratas:

(a) cóip den údarú a dheonaigh an Ballstát tagartha chomh maith le haistriúchán ar an údarú i dteanga oifigiúil de chuid an Bhallstáit a gheobhaidh an t-údarú;

(b) ráiteas foirmiúil á rá gurb ionann an táirge cosanta plandaí agus an táirge a d'údaraidh an Ballstát tagartha;

(c) sainchomhad comhlán nó sainchomhad achomair mar a cheanglaítear in Airteagal 33(3) i gcás ina n-iarrfaidh an Ballstát amhlaidh;

(d) tuarascáil ar mheasúnú ón mBallstát tagartha a mbeidh faisnéis inti faoin meastóireacht agus faoin gcinneadh ar an táirge cosanta plandaí.

2. Déanfaidh an Ballstát a gcuirtear iarratas faoi Airteagal 40 faoina bhráid cinneadh faoin iarratas laistigh de 120 lá.

3. Nuair a iarrann an Ballstát amhlaidh, tíolacfaidh an t-iarratasóir an t-iarratas i dteangacha náisiúnta nó i dteangacha oifigiúla an Bhallstáit sin nó i gceann amháin de na teangacha sin.

Foroinn 4

Athnuachan, tarraingt siar agus leasú

Airteagal 43

Formheas a athnuachan

1. Athnuafar údarú ar iarratas ó shealbhóir an údaraithe, ar choinníoll go bhfuil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 29 á gcomhlíonadh fós.

2. Laistigh de thrí mhí ón tráth a n-athnuafar formheas na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgigh atá sa táirge cosanta plandaí, tíolacfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) cóip d'údarú an táirge cosanta plandaí;
- (b) aon fhaisnéis nua a éileofar de bharr leasuithe ar na ceanglais i dtaca le sonraí nó ar na critéir;
- (c) fianaise á rá, maidir leis na sonraí nua a thíolactar, gurb é is cúis leo ná ceanglais i dtaca le sonraí nó critéir nach raibh i bhfeidhm an tráth ar deonaíodh údarú don táirge cosanta plandaí nó go bhfuil siad riachtanach chun na coinníollacha formheasa a leasú;

(d) aon fhaisnéis a éileofar lena thaispeáint go gcomhlíonann an táirge cosanta plandaí na ceanglais a leagtar amach sa Rialachán maidir le hathnuachan na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgígh atá ann;

(e) tuarascáil ar fhaisnéis faireacháin, i gcás ina raibh an t-údarú faoi réir faireacháin.

3. Seiceálfaidh na Ballstáit go gcomhlíonann gach táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach, an teorantóir nó an sineirgíoch lena mbaineann aon choinníollacha agus aon srianta dá bhforáiltear sa Rialachán lena ndéantar an t-údarú faoi Airteagal 20 a athnuachan.

Déanfaidh an Ballstát dá dtagraítear in Airteagal 35, laistigh de gach crios, an tseiceáil ar chomhlíonadh agus an measúnú ar an bhfaisnéis a thíolactar a chomhordú do gach Ballstát laistigh den chrios sin.

4. Féadfar treoirlínte maidir le heagrú na seiceálacha ar chomhlíonadh a bhunú i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2).

5. Maidir le hathnuachan an údaráithe do tháirge cosanta plandaí, déanfaidh na Ballstáit cinneadh ina leith dhá mhí dhéag ar a dhéanaí tar éis athnuachana fhormheas na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgígh atá ann.

6. Más rud é, ar chúiseanna nach bhfuil neart ag sealbhóir an údaráithe orthu, nach nglactar cinneadh ar bith maidir le hathnuachan an údaráithe sula rachaidh sé in éag, déanfaidh an Ballstát i dtrácht an t-údarú a fhadú go ceann na tréimhse is gá chun an scrúdú a chur i gcrích agus cinneadh a ghlacadh faoin athnuachan.

Airteagal 44

Údarú a tharraingt siar nó a leasú

1. Féadfaidh na Ballstáit athbheithniú a dhéanamh ar údarú aon tráth a mbeidh tásca ann nach bhfuil ceanglas dá dtagraítear in Airteagal 29 á shásamh a thuilleadh.

Déanfaidh Ballstát athbheithniú ar údarú má thagann sé ar an tuairim go bhféadfadh sé nach mbainfeadh amach cuspóirí Airteagal 4(1)(a)(iv) agus (b)(i) agus Airteagal 7(2) agus (3) de Threoir 2000/60/CE.

2. I gcás ina mbeartaíonn Ballstát údarú a tharraingt siar nó a leasú, cuirfidh sé an méid sin in iúl do shealbhóir an údaráithe agus tabharfaidh sé deis dó barúlacha nó tuilleadh faisnéise a thíolacadh.

3. Déanfaidh an Ballstát an t-údarú a tharraingt siar nó a leasú, de réir mar is iomchuí, más rud é:

(a) nach mbeidh na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 29 á sásamh nó nach bhfuil siad á sásamh a thuilleadh;

(b) gur soláthraíodh faisnéis bhréagach nó faisnéis mhíthreorach maidir leis na fíorais ar deonaíodh an t-údarú ar a mbonn;

(c) nár comhlíonadh coinníoll a bhí san údarú;

(d) ar bhonn forbairtí san eolas teicniúil agus eolaíoch, gur féidir an modh úsáide agus na méideanna a úsáidtear a mhodhnú; nó

(e) nach gcomhlíonann sealbhóir an údaráithe na hoibleagáidí a éiríonn as an Rialachán seo.

4. I gcás ina ndéanfaidh Ballstát údarú a tharraingt siar nó a leasú i gcomhréir le mír 3, déanfaidh sé sealbhóir an údaráithe, na Ballstáit eile, an Coimisiún agus an tÚdarás a chur ar an eolas láithreach. Déanfaidh na Ballstáit eile a bhaineann leis an gcrios céanna an t-údarú a tharraingt siar nó a leasú dá réir sin, agus coinníollacha náisiúnta agus bearta maoluithe riosca á gcur san áireamh, seachas i gcásanna inar cuireadh an dara fomhír, an tríú fomhír nó an ceathrú fomhír d'Airteagal 36(3) i bhfeidhm. Beidh feidhm ag Airteagal 46 i gcás inarb iomchuí sin.

Airteagal 45

Údarú a tharraingt siar nó a leasú ar iarraidh ó shealbhóir an údaráithe

1. Féadfar údarú a tharraingt siar nó a leasú ar iarraidh ó shealbhóir an údaráithe agus luafaidh sé na cúiseanna atá leis an iarraidh.

2. Ní fhéadfar leasuithe a dheonú ach amháin i gcás ina suífeadh go bhfuil na ceanglais dá dtagraítear in Airteagal 29 á gcomhlíonadh i gcónaí.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 46 i gcás inarb iomchuí.

Airteagal 46

Tréimhse cairde

I gcás ina ndéanfaidh Ballstát údarú a tharraingt siar nó a leasú nó nach ndéanfaidh sé é a athnuachan, féadfaidh sé tréimhse cairde a dheonú le stoic atá ann a dhiúscairt, a stóráil, a chur ar an margadh agus a úsáid.

Más rud é, maidir leis na cúiseanna le tarraingt siar, leasú nó neamh-athnuachan an údaráithe, nach mbaineann siad le sláinte an duine agus sláinte ainmhithe nó leis an gcomhshaol a chosaint, beidh teorainn leis an tréimhse cairde agus ní bheidh sí níos faide ná sé mhí maidir le díol agus dáileadh mar aon le tréimhse uasta bhreise aon bhliain amháin chun stoic atá ann de na táirgí cosanta plandaí lena mbaineann a dhiúscairt, a stóráil agus a úsáid.

Foroinn 5

Cásanna speisialta

Airteagal 47

Táirgí cosanta plandaí íseal-riosca a chur ar an margadh

1. I gcás inar substaintí gníomhacha íseal-riosca iad na substaintí gníomhacha uile atá i dtáirge cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 22, údarófar an táirge sin mar tháirge cosanta plandaí íseal-riosca ar choinníoll nach bhfuil gá le haon bhearta maolaithe riosca ar leith tar éis measúnaithe riosca. Déanfaidh an táirge cosanta plandaí sin na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh freisin:

- (a) go ndearnadh na substaintí gníomhacha, na teorantóirí agus na sineirgígh íseal-riosca atá ann a fhormheas faoi Chaibidil II;
- (b) nach bhfuil substaint ann ar ábhar imní í;
- (c) go bhfuil sé sách éifeachtach;
- (d) nach bhfuil sé ina chúis le pian agus angar gan ghá do veirteabraigh atá le rialú;
- (e) go gcomhlíonann sé pointe (b), pointe (c) agus pointe (f) go pointe (i) d'Airteagal 29(1).

Gairtear 'táirgí cosanta plandaí íseal-riosca' de na táirgí seo.

2. Léireoidh iarratasóir ar údarú ar tháirge cosanta plandaí íseal-riosca go bhfuil na ceanglais a leagtar amach i mír 1 á gcomhlíonadh agus déanfaidh sé sainchomhad iomlán agus sainchomhad achomair do gach pointe de na ceanglais maidir le sonraí i gcomhair na substainte gníomhaí agus i dtaca leis an táirge cosanta plandaí a thíolacadh in éineacht leis an iarratas.

3. Laistigh de 120 lá déanfaidh an Ballstát cinneadh i dtaobh an bhformheasfaidh sé iarratas ar údarú do tháirge íseal-riosca.

I gcás ina dteastóidh faisnéis bhreise ón mBallstát, leagfaidh sé síos teorainn ama ar laistigh di nach mór don iarratasóir í a sholáthar. Sa chás sin, déanfar an tréimhse a shonrófar a fhadú den teorainn ama bhreise arna deonú ag an mBallstát.

Mairfidh an tréimhse bhreise sé mhí ar a laghad agus rachaidh sí in éag a luaithe a gheobhaidh an Ballstát an fhaisnéis bhreise. Más rud é, ag deireadh na tréimhse sin, nach mbeidh na heilimintí atá ar lár tíolactha ag an iarratasóir, cuirfidh an Ballstát in iúl don iarratasóir go bhfuil an t-iarratas neamh-inghlactha.

4. Mura rud é go sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha uile a bhaineann le húdaruithe faoin Rialachán seo.

Airteagal 48

Táirgí cosanta plandaí ina bhfuil orgánach géinmhodhnaithe a chur ar an margadh agus a úsáid

1. Maidir le táirge cosanta plandaí a bhfuil orgánach ann a thagann faoi raon feidhme Threoir 2001/18/CE, de bhreis ar an measúnú faoin gCaibidil seo, déanfar é a scrúdú i gcomhréir leis an Treoir sin, ar scrúdú é a bhainfidh leis an modhnú géiniteach.

Ní dheonófar údarú faoin Rialachán seo i gcomhair táirge cosanta plandaí den sórt sin mura rud é go mbeidh toiliú i scríbhinn, dá dtagraítear in Airteagal 19 de Threoir 2001/18/CE, deonaithe lena aghaidh.

2. Mura rud é go sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha uile a bhaineann le húdaruithe faoin Rialachán seo.

Airteagal 49

Síolta cóireáilte a chur ar an margadh

1. Maidir le síolta a bhfuil cóireáil déanta orthu le táirgí cosanta plandaí arna n-údarú don úsáid sin i mBallstát amháin ar a laghad, ní thoirmiscfidh na Ballstáit iad a chur ar an margadh agus a úsáid.

2. I gcás ina mbeidh ábhair mhóra imní ann gur dóigh go mbeadh síolta cóireáilte dá dtagraítear i mír 1 ina riosca tromchúiseach do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol agus nach féidir an riosca sin a shrianadh go sásúil trí bhearta arna ndéanamh ag an mBallstát nó ag na Ballstáit lena mbaineann, déanfar bearta chun srian nó cosc a chur ar úsáid agus/nó ar dhíol na síolta cóireáilte sin a ghlacadh láithreach i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3). Sula ndéanfar bearta den sórt sin, scrúdóidh an Coimisiún an fhianaise agus féadfaidh sé tuairim a iarraidh ar an Údarás. Féadfaidh an Coimisiún teorainn ama a leagan síos ar laistigh di a sholáthrófar an tuairim sin.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 70 agus ag Airteagal 71.

4. Gan dochar do reachtaíocht eile Chomhphobail a bhaineann le lipéadú síolta, beidh ainm an táirge cosanta plandaí ar cóireáladh na síolta leis, ainm nó ainmneara na substainte gníomhaí nó na substaintí gníomhacha atá sa táirge sin, na frásaí caighdeánacha maidir le réamhchúraim sábháilteachta dá bhforáiltear i dTreoir 1999/45/CE agus na bearta maolaithe riosca arna leagan amach san údarú don táirge sin, i gcás inarb iomchuí sin, san áireamh sa lipéid agus sna doiciméid a ghabhann leis na síolta cóireáilte.

Airteagal 50

Measúnú comparáideach ar tháirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaintí atá inbhreithnithe lena n-ionadú

1. Déanfaidh Ballstáit measúnú comparáideach le linn meas-tóireacht a déanamh ar iarratas ar údarú do tháirge cosanta plandaí ina bhfuil substaint ghníomhach atá formheasta mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú. Ní údaróidh Ballstáit táirge cosanta plandaí, nó cuirfidh siad srian ar úsáid táirge cosanta plandaí, ina bhfuil substaint atá inbhreithnithe lena hionadú lena úsáid ar bharr áirithe i gcás ina dtaispeántar an méid seo a leanas leis an measúnú comparáideach ina gcuirtear na rioscaí agus na buntáistí i gcomórtas lena chéile, mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IV:

- (a) le haghaidh na n-úsáidí a shonraítear san iarratas, go bhfuil táirge údaraithe cosanta plandaí, nó modh srianta nó coiscithe neamhcheimiceach, ann cheana atá níos sábháilte go mór do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol;
 - (b) nach mbeidh míbhuntáistí suntasacha praiticiúla nó míbhuntáistí suntasacha eacnamaíocha ann má dhéantar ionadú le táirgí cosanta plandaí nó modhanna rialaithe nó coiscithe neamhcheimiceacha dá dtagraítear i bpointe (a);
 - (c) gur leor éagsúlacht cheimiceach na substaintí gníomhacha, más ábhartha, nó na modhanna agus na gcleachtas bainistithe barr agus coiscithe lotnaidí chun íoslaghdú a dhéanamh ar tharlú friotaíochta sa spriocorgánach; agus
 - (d) go bhfuil na hiarmhairtí ar údaraithe do mhionúsáidí á gcur san áireamh.
2. De mhaolú ar Airteagal 36(2), féadfaidh na Ballstáit, i gcásanna eisceachtúla, forálacha mhír 1 den Airteagal seo a chur i bhfeidhm freisin agus meastóireacht a déanamh acu ar iarratas ar údarú táirge cosanta plandaí nach bhfuil substaint ann atá inbhreithnithe lena hionadú ná nach bhfuil substaint ghníomhach íseal-riosca ann, más ann do mhodh rialaithe nó coiscithe neamhcheimiceach le haghaidh na húsáide céanna agus má tá sé in úsáid go ginearálta sa Bhallstát sin.

3. De mhaolú ar mhír 1, déanfar táirge cosanta plandaí ina bhfuil substaint atá inbhreithnithe lena hionadú a údarú gan measúnú comparáideach a dhéanamh i gcásanna ina mbeidh sé riachtanach taithí a fháil ar dtús trí úsáid phraiticiúil a bhaint as an táirge sin.

Deonófar údaraithe den chineál sin uair amháin ar feadh tréimhse nach faide ná cúig bliana.

4. Maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil substaint atá inbhreithnithe lena hionadú, déanfaidh na Ballstáit an measúnú comparáideach dá bhforáiltear i mír 1 go tráthrialta agus, ar a dhéanaí, tráth athnuachana nó leasaithe an údaraithe.

Ar bhonn thorthaí an mheasúnaithe chomparáidigh sin, déanfaidh na Ballstáit an t-údarú a choimeád ar bun, a tharraingt siar nó a leasú.

5. I gcás ina gcinntídh Ballstát údarú a tharraingt siar nó a leasú de bhun mhír 4, beidh feidhm ag an tarraingt siar nó ag an leasú sin trí bliana tar éis chinneadh an Bhallstáit nó ag deireadh thréimhse formheasa na substainte atá inbhreithnithe lena hionadú i gcás inar túsce a thagann deireadh leis an tréimhse sin.

6. Mura rud é go sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha uile a bhaineann le húdaruithe faoin Rialachán seo.

Airteagal 51

Údaruithe a leathnú i gcomhair mionúsáidí

1. Féadfaidh sealbhóir an údaraithe, comhlachtaí oifigiúla nó eolaíochta a ghabhann do ghníomhaíochtaí talmhaíochta, eagraíochtaí gairmiúla talmhaíochta nó úsáideoirí gairmiúla iarratas a dhéanamh go ndéanfar an t-údarú do tháirge cosanta plandaí atá údaraithe cheana féin sa Bhallstát lena mbaineann a leathnú chuig mionúsáidí nach bhfuil cumhdaithe fós leis an údarú sin.

2. Leathnóidh na Ballstáit an t-údarú ar choinníoll:

- (a) gur mionúsáid í an úsáid atá beartaithe;
- (b) go gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear i bpointe (b), i bpointe (d) agus i bpointe (e) d'Airteagal 4(3) agus i bpointe (i) d'Airteagal 29(1);
- (c) gur chun leas an phobail é an leathnú sin;
- (d) go bhfuil na daoine nó na comhlachtaí dá dtagraítear i mír 1 tar éis na doiciméid agus an fhaisnéis i dtacaíocht leis an leathnú úsáide a thíolacadh, go háirithe sonraí maidir le méid na n-iarmhar agus, i gcás inar gá, maidir leis an measúnú riosca d'oibreoirí, d'oibrithe agus do sheallaigh.

3. Féadfaidh Ballstáit bearta a ghlacadh chun éascaíocht nó spreagadh a dhéanamh maidir le tíolacadh iarratas ar údarú do tháirgí cosanta plandaí atá údaraithe cheana a leathnú chuig mionúsáidí.

4. Féadfar an leathnú a dhéanamh i bhfoirm leasaithe ar an údarú atá ann cheana nó d'fhéadfadh sé gur údarú ar leithligh a bheadh ann, i gcomhréir le nósanna imeachta riaracháin an Bhallstáit lena mbaineann.

5. Nuair a dheonóidh na Ballstáit leathnú údaraithe i gcomhair mionúsáide, cuirfidh siad an méid sin iúl do shealbhóir an údaraithe, más gá sin, agus iarrfaidh siad air an lipéadú a athrú dá réir sin.

I gcás ina ndíúltoídh sealbhóir an údaraithe déanamh amhlaidh, áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear na húsáideoirí ar an eolas go hiomlán agus go sonrach faoi na treoracha úsáide trí bhithín foilseacháin oifigiúil nó trí bhithín láithreáin ghréasáin oifigiúil.

Maidir leis an bhfoilseachán oifigiúil nó, i gcás inarb infheidhme, maidir leis an lipéad, beidh tagairt ann do dhli-teanas an duine a bheidh ag úsáid an táirge cosanta plandaí maidir le mainneachtana a bhaineann le héifeachtacht nó fítea-thocsaineacht an táirge ar deonáíodh an mhionúsáid ina leith. Déanfar an leathnú chuig mionúsáid a shainaithint go leithleach sa lipéad.

6. Déanfar leathnuithe a dheonaítear ar bhonn an Airteagail seo a shainaithint go leithleach agus déanfar tagairt ar leith do shrianta dliteanais.

7. Féadfaidh na hiarratasóirí dá dtagraítear i mír 1 iarratas a dhéanamh freisin ar údarú táirge cosanta plandaí i gcomhair mionúsáidí i gcomhréir le hAirteagal 40(1), ar choinníoll go bhfuil an táirge cosanta plandaí lena mbaineann údaraithe sa Bhallstát sin. Údaróidh na Ballstáit na húsáidí sin i gcomhréir le forálacha Airteagal 41 ar choinníoll go meastar freisin gur mionúsáidí iad na húsáidí sin sna Ballstáit ina ndéantar an t-iarratas.

8. Bunóidh na Ballstáit liosta mionúsáidí agus uasdátóidh siad an liosta sin go rialta.

9. Faoi 14 Nollaig 2011, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle maidir le ciste Eorpach do mhionúsáidí a bhunú, agus, más iomchuí, beidh togra reachtach ag gabháil leis an tuarascáil sin.

10. Mura rud é go sonraítear a mhalairt, beidh feidhm ag na forálacha uile a bhaineann le húdaruithe faoin Rialachán seo.

Airteagal 52

Trádáil chomhthreomhar

1. Faoi réir cead trádála comhthreomhaire a dheonú, féadfar táirge cosanta plandaí atá údaraithe i mBallstát amháin (an Ballstát tionscnaimh) a thabhairt isteach, a chur ar an margadh nó a úsáid i mBallstát eile (an Ballstát a thugann isteach é), má chinneann an Ballstát is déanaí atá luaite go bhfuil an táirge cosanta plandaí comhionann, ina chomhdhéanamh, le táirge cosanta plandaí atá údaraithe cheana ina chríoch (táirge tagartha). Cuirfear an t-iarratas faoi bhráid údarás inniúil an Bhallstáit a thugann isteach é.

2. Ón tráth a bhfaighfear iarratas comhlán, deonófar cead trádála comhthreomhaire faoi nós imeachta simplithe laistigh de 45 lá oibre más ionann, i dtéarmaí mhír 3, an táirge cosanta plandaí atá le tabhairt isteach. Ar iarraidh a fháil, déanfaidh na Ballstáit an fhaisnéis is gá chun meastóireacht a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na táirgí comhionann lena chéile a sholáthar dá chéile laistigh de 10 lá oibre ón uair a fhaightear an iarraidh. Maidir leis an nós imeachta chun cead trádála comhthreomhaire a dheonú, bearnaítear é ón lá a gcuirtear an iarraidh ar fhaisnéis chuig údarás inniúil an Bhallstáit tionscnaimh go dtí go ndéantar an fhaisnéis chomhlán a éilítear a sheachadadh ar údarás inniúil an Bhallstáit a thugann isteach an táirge.

3. Measfar go bhfuil táirgí cosanta plandaí comhionann leis na táirgí tagartha más rud é:

(a) gur mhonaraigh an chuideachta chéanna iad nó más gnóthas gaolmhar a mhonaraigh iad faoi cheadúnas i gcomhréir leis an bpróiseas monaraíochta céanna;

(b) maidir le sonraíocht agus inneachar, agus maidir leis an gcineál foirmlithe, go bhfuil siad comhionann leis na substaintí gníomhacha, leis na teorantóirí agus leis na sineirgigh;

(c) go bhfuil siad comhionann nó coibhéiseach maidir leis sna comhfhoirmligh atá i láthair agus maidir le méid, ábhar nó foirm an phacáistithe, ó thaobh an drochthionchair a d'fhéadfadh a bheith acu ar shábháilteacht an táirge i dtaca le sláinte an duine nó i dtaca le sláinte ainmhithe nó i dtaca leis an gcomhshaol.

4. Áireofar an fhaisnéis seo a leanas san iarratas ar chead trádála comhthreomhaire:

(a) ainm agus uimhir chláraithe an táirge cosanta plandaí sa Bhallstát tionscnaimh;

(b) an Ballstát tionscnaimh;

(c) ainm agus seoladh shealbhóir an údaraithe sa Bhallstát tionscnaimh;

(d) an lipéad bunaidh agus na treoracha úsáide bunaidh a ghabhann leis an táirge cosanta plandaí atá le tabhairt isteach nuair a dháiltear sa Bhallstát tionscnaimh é, má mheastar gur gá na nithe sin i gcomhair an scrúdaithe a dhéanfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a thugann isteach an táirge. Féadfaidh an t-údarás inniúil sin aistriúchán ar na codanna ábhartha de na treoracha bunaidh úsáide a éileamh;

(e) ainm agus seoladh an iarratasóra;

(f) an t-ainm a thabharfar ar an táirge cosanta plandaí atá le dáileadh sa Bhallstát a thugann isteach an táirge;

(g) dréachtlipéad don táirge a bheartaítear a chur ar an margadh;

(h) sampla den táirge a bheartaítear a thabhairt isteach má mheasann údarás inniúil an Bhallstáit a thugann isteach an táirge gur gá sin;

(i) ainm agus uimhir chláraithe an táirge tagartha.

I gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4), féadfar na ceanglais maidir le faisnéis a leasú nó a thabhairt chun críche agus bunófar mionsonraí breise agus ceanglais shonracha i gcásanna ina ndéantar iarratas maidir le táirge cosanta plandaí ar deonáíodh cead trádála comhthreomhaire ina leith cheana agus i gcásanna ina ndéantar iarratas ar tháirge cosanta plandaí le haghaidh úsáide pearsanta.

5. Ní dhéanfar táirge cosanta plandaí ar eisíodh cead trádála comhthreomhaire ina leith a chur ar an margadh agus a úsáid ach amháin i gcomhréir le forálacha an údaraithe don táirge tagartha. Chun faireachán agus rialuithe a éascú, déanfaidh an Coimisiún ceanglais shonracha rialaithe don táirge a bheidh le tabhairt isteach a leagan amach i Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 68.

6. Beidh an cead trádála comhthreomhaire baili ar feadh ré údaraithe an táirge tagartha. Má dhéanann sealbhóir an údaraithe don táirge tagartha iarratas ar tharraingt siar an údaraithe i gcomhréir le hAirteagal 45(1) agus má tá ceanglais Airteagal 29 á gcomhlíonadh i gcónaí, rachaidh bailíocht an cheada trádála comhthreomhaire in éag faoin dáta a n-éagfadh an t-údarú don táirge tagartha sa ghnáthshlí.

7. Gan dochar d'fhorálacha sonracha de chuid an Airteagail seo, beidh feidhm chomhfhreagrach ag Airteagail 44, 45, 46 agus 55 agus ag Airteagal 56(4) agus ag Caibidil VI go Caibidil X maidir le táirgí cosanta plandaí a thrádáiltear go comhthreomhar.

8. Gan dochar d'Airteagal 44, féadfar cead trádála comhthreomhaire a tharraingt siar má dhéantar údarú an táirge cosanta plandaí a tugadh isteach a tharraingt siar sa Bhallstát tionscnaimh ar chúiseanna sábháilteachta nó ar chúiseanna éifeachtúlachta.

9. I gcás nach bhfuil an táirge comhionann, i dtéarmaí mhír 3, leis an táirge tagartha, ní fhéadfaidh an Ballstát a thugann isteach an táirge an t-údarú is gá maidir leis an táirge a chur ar an margadh, agus maidir le húsáid an táirge, a dheonú ach amháin i gcomhréir le hAirteagal 29.

10. Ní bheidh feidhm ag forálacha an Airteagail seo maidir le táirgí cosanta plandaí a údaráitear sa Bhallstát tionscnaimh i gcomhréir le hAirteagal 53 nó i gcomhréir le hAirteagal 54.

11. Gan dochar d'Airteagal 63, cuirfidh údaráis Bhallstáit faisnéis ar fáil go poiblí maidir le ceadanna trádála comhthreomhaire.

Foroinn 6

Maoluithe

Airteagal 53

Staideanna éigeandála maidir le cosaint plandaí

1. De mhaolú ar Airteagal 28, féadfaidh Ballstát, in imthosca speisialta, údarú a thabhairt, ar feadh tréimhse nach faide ná 120 lá, chun táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh i gcomhair úsáide teoranta agus rialaithe, i gcás inar dealraitheach go bhfuil beart den sórt sin riachtanach de bharr contúirte nach féidir a shrianadh ar aon mhodh réasúnach eile.

Déanfaidh an Ballstát lena mbaineann na Ballstáit eile agus an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach faoin mbeart a glacadh agus soláthróidh sé faisnéis mhionsonraithe faoin staid agus faoi

aon bhearta a glacadh chun sábháilteacht an tomhaltóra a áirithiú.

2. Féadfaidh an Coimisiún tuairim, nó cúnamh eolaíoch nó cúnamh teicniúil, a iarraidh ar an Údarás.

Tabharfaidh an tÚdarás a thuairim nó torthaí a shaothair don Choimisiún laistigh de mhí ó dháta na hiarrata.

3. Más gá, glacfar cinneadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3), i dtaobh cén uair agus cad iad na coinníollacha ar fúthu:

(a) a fhéadfaidh nó nach bhféadfaidh an Ballstát ré an bhiirt a fhadú nó ré an bhiirt a leagan síos athuair;

(b) a dhéanfaidh an Ballstát a bheart a tharraingt siar nó a leasú.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 1 go mír 3 maidir le táirgí cosanta plandaí a bhfuil orgánaigh ghéinmhodhnaithe iontu nó atá comhdhéanta d'orgánaigh ghéinmhodhnaithe mura rud é gur glacadh le scaoileadh den sórt sin i gcomhréir le Treoir 2001/18/CE.

Airteagal 54

Taighde agus forbairt

1. De mhaolú ar Airteagal 28, féadfar turgnaimh nó tástálacha chun críocha taighde nó forbartha, lena ngabhann scaoileadh táirge cosanta plandaí neamhúdairithe isteach sa chomhshaol nó lena ngabhann úsáid neamhúdairithe táirge cosanta plandaí, a sheoladh más rud é go mbeidh an Ballstát a seolfar an turgnamh nó an tástáil ar a chríoch tar éis measúnú a dhéanamh ar na sonraí atá ar fáil agus cead a dheonú chun críocha trialach. Féadfar na cainníochtaí a úsáidfear agus na limistéir a gcuirfear cóireáil orthu a theorannú leis an gcead agus féadfar coinníollacha breise a fhorchur leis chun aon iarmhairtí díobhálacha ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó aon iarmhairtí dhochrach neamh-inghlactha ar an gcomhshaol a chosc, amhail an gá le cosc a chur ar bheatha agus ar bhia ina bhfuil iarmhairt teacht isteach sa slabhra bia mura rud é go bhfuil foráil ábhartha bunaithe cheana féin faoi Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

Féadfaidh an Ballstát clár turgnamh nó tástálacha a údarú roimh ré nó cead i leith gach turgnamh nó tástála a éileamh.

2. Cuirfear iarratas faoi bhráid an Bhallstáit ar ina chríoch atá an turgnamh nó an tástáil le seoladh, mar aon le sainchomhad ina mbeidh na sonraí uile atá ar fáil chun go bhféadfar measúnú a dhéanamh maidir leis na hiarmhairtí a d'fhéadfadh a bheidh ann ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó maidir leis an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ann ar an gcomhshaol.

3. Ní dheonófar cead chun críocha trialach i gcás turgnamh nó tástálacha lena ngabhann scaoileadh orgánaigh ghéinmhodhnaithe isteach sa chomhshaol mura rud é gur glacadh leis an scaoileadh sin faoi Threoir 2001/18/CE.

4. Ní bheidh feidhm ag mír 2 más rud é go ndearna an Ballstát an ceart chun tabhairt faoi thurgnaimh áirithe agus faoi thástálacha áirithe a dheonú don duine lena mbaineann agus na coinníollacha a chinneadh ar fúthu nach mór tabhairt faoi na turgnaimh agus na tástálacha.

5. Maidir le rialacha mionsonraithe a bhaineann le cur chun feidhme an Airteagail seo, go háirithe na cainníochtaí uasta de tháirgí cosanta plandaí a fhéadfar a scaoileadh i rith turgnamh nó tástálacha agus an méid fosta sonraí a bheidh le tíolacadh i gcomhréir le mír 2, féadfar iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4).

ROINN 2

Úsáid agus faisnéis

Airteagal 55

Úsáid táirgí cosanta plandaí

Bainfear úsáid cheart as táirgí cosanta plandaí.

Cumhdóidh úsáid cheart cur i bhfeidhm phrionsabail an deachleachtais cosanta plandaí agus comhlíonadh na gcoinníollacha a bhunófar i gcomhréir le hAirteagal 31 agus a shonrófar ar an lipéadú. Ina theannta sin, comhlíonfaidh an úsáid cheart forálacha Threoir 2009/128/CE agus, go háirithe, prionsabail ghinearálta na bainistíochta comhtháite lotnaidí, dá dtagraítear in Airteagal 14 den Treoir sin agus in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin agus a mbeidh feidhm acu faoin 1 Eanáir 2014 ar a dhéanaí.

Airteagal 56

Faisnéis faoi iarmhairtí a d'fhéadfadh a bheith díobhálach nó neamh-inghlactha

1. Tabharfaidh sealbhóir údaraithe do tháirge cosanta plandaí fógra láithreach do na Ballstáit a dheonaigh údarú faoi aon fhaisnéis nua a bhaineann leis an táirge cosanta plandaí sin, leis an tsubstaint ghníomhach, lena mheitibiltí, le teorantóir, le sineirgíoch nó le comhfhoirmleach atá sa táirge cosanta plandaí, ar faisnéis í a thabharfadh le tuiscint nach gcomhlíonann an táirge cosanta plandaí a thuilleadh na critéir a leagtar amach in Airteagal 29 agus in Airteagal 4 faoi seach.

Go háirithe, tabharfar fógra faoi na hiarmhairtí díobhálacha a d'fhéadfadh a bheith ag an táirge cosanta plandaí sin, nó ag iarmhair substainte gníomhaí, ag a mheitibiltí, ag teorantóir, ag sineirgíoch nó ag comhfhoirmleach atá ann, ar shláinte an duine nó ar shláinte ainmhithe nó ar screamhuisce, nó faoi na hiarmhairtí neamh-inghlactha a d'fhéadfadh a bheith ann ar phlandaí nó ar tháirgí plandaí nó ar an gcomhshaol.

Chuipe sin, déanfaidh sealbhóir an údaraithe gach frithghníomh dochrach amhrasta a tharlaíonn i ndaoine, in ainmhithe agus sa chomhshaol agus a bhaineann le húsáid an táirge cosanta plandaí a thairgeadh agus a thuairisciú.

Áireofar san oibleagáid faoi fhógra a thabhairt faisnéis ábhartha a thabhairt faoi chinntí nó faoi mheasúnuithe arna ndéanamh ag eagraíochtaí idirnáisiúnta nó ag comhlachtaí poiblí a údaraíonn táirgí cosanta plandaí nó substaintí gníomhacha i dtríú tíortha.

2. Áireofar san fhógra measúnú i dtaobh an é a leanfadh as an bhfaisnéis nua ná nach bhfuil na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 29 agus in Airteagal 4 nó in Airteagal 27 faoi seach á gcomhlíonadh a thuilleadh ag an táirge cosanta plandaí, nó ag an tsubstaint ghníomhach, a mheitibiltí, ag teorantóir, ag sineirgíoch, nó ag comhfhoirmleach agus i dtaobh conas a leanfadh sé sin as an bhfaisnéis nua.

3. Gan dochar do cheart na mBallstát bearta cosanta eatramhacha a ghlacadh, déanfaidh an Ballstát a dheonaigh an t-údarú den chéad uair laistigh de gach crios ar leith measúnú ar an bhfaisnéis a fuarthas agus cuirfidh sé na Ballstáit eile, a bhaineann leis an gcrios céanna, ar an eolas i gcás ina gcinnfidh sé an t-údarú a tharraingt siar nó a leasú faoi Airteagal 44.

Cuirfidh an Ballstát sin na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas i gcás ina measfaidh sé nach bhfuil na coinníollacha a ghabhann le formheas na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgíoch atá sa táirge cosanta plandaí á gcomhlíonadh a thuilleadh nó, i dtaca le comhfhoirmleach, i dtaobh an meastar go bhfuil sé neamh-inghlactha agus molfaidh sé go dtarraingeofar siar an t-údarú nó go leasófar na coinníollacha.

4. Déanfaidh sealbhóir údaraithe do tháirge cosanta plandaí tuairisc a thabhairt in aghaidh na bliana d'údarais inniúla na mBallstát a d'údaraigh a tháirge cosanta plandaí más rud é go bhfuil aon fhaisnéis ar fáil aige a bhaineann le heaspa éifeachtachta a rabhtas ag súil léi, a bhaineann le forbairt friotáíochta agus a bhaineann le haon iarmhairt nach rabhtas ag súil léi ar phlandaí, ar tháirgí plandaí nó ar an gcomhshaol.

Airteagal 57

Oibleagáid faisnéis a choinneáil ar fáil

1. Coinneoidh na Ballstáit faisnéis ar fáil go leictreonach don phobal faoi tháirgí cosanta plandaí arna n-údarú nó arna dtarraingt siar i gcomhréir leis an Rialachán seo, ar faisnéis í a mbeidh an méid seo a leanas ar a laghad san áireamh inti:

- (a) ainm nó ainm gnó shealbhóir an údaraithe agus an uimhir údaraithe;
- (b) trádainm an táirge;
- (c) an cineál ullmhóide;
- (d) ainm agus méid gach substainte gníomhaí, gach teorantóra, nó gach sineirgíoch atá ann;
- (e) an t-aicmiú agus na frásaí riosca agus sábháilteachta i gcomhréir le Treoir 1999/45/CE agus i gcomhréir leis an Rialachán dá dtagraítear in Airteagal 65;

- (f) an úsáid nó na húsáidí a údaraíodh dó;
- (g) na cúiseanna gur tarraingíodh siar údarú má tá siad bainteach le himní faoi chúrsaí sábháilteachta;
- (h) liosta de na mionúsáidí dá dtagraítear in Airteagal 51(8).
2. Beidh an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 1 inrochtana go héasca agus uasdátófar í uair amháin gach trí mhí ar a laghad.
3. I gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3), féadfar córas faisnéise um údaruithe a chur ar bun chun cur i bhfeidhm mhír 1 agus mhír 2 den Airteagal seo a éascú.

CAIBIDIL IV

AIDIÚVAIGH

Airteagal 58

Aidiúvaigh a chur ar an margadh agus a úsáid

1. Ní chuirfear aidiúvach ar an margadh ná ní úsáidfear aidiúvach mura rud é go bhfuil sé údaraithe sa Bhallstát lena mbaineann i gcomhréir leis na coinníollacha a bhunaítear sa Rialachán dá dtagraítear i mír 2.
2. Déanfar rialacha mionsonraithe maidir le húdarú na n-aidiúvach, lena n-áirítear ceanglais i dtaca le sonraí, fógra a thabhairt, meastóireacht, measúnú agus nósanna imeachta cinn-teoireachta a leagan amach i Rialachán a bheidh le glacadh, i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4).
3. Beidh feidhm ag Airteagal 81(3).

CAIBIDIL V

COSAINN SONRAÍ AGUS ROINN SONRAÍ

Airteagal 59

Cosaint sonraí

1. Tairbheoidh tuarascálacha tástála agus tuarascálacha staidéir as cosaint sonraí faoi na coinníollacha a leagtar síos san Airteagal seo.

Beidh feidhm ag an gcosaint maidir le tuarascálacha tástála agus tuarascálacha staidéir a bhaineann leis an tsbaint ghníomhach, leis an teorantóir nó leis an sineirgíoch, leis na haidiúvaigh agus leis an táirge cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 8(2) nuair a chuireann iarratasóir (an chéad iarratasóir) faoi bhráid Ballstáit iad chun a n-údaraithe faoin Rialachán seo, ar choinníoll, maidir leis na tuarascálacha tástála agus na tuarascálacha staidéir sin:

- (a) go raibh siad riachtanach chun údarú a fháil nó chun údarú a leasú le go gceadófaí é a úsáid ar bharr eile, agus
- (b) gur deimhníodh gur thuarascálacha iad a chomhlíon prionsabail an dea-chleachtais saotharlainne nó an dea-chleachtais thurgnamhaigh.

I gcás ina gcosnaítear tuarascáil, ní fhéadfaidh an Ballstát a fuair í úsáid a bhaint aisti chun tairbhe iarratasóirí eile ar údarú ar tháirgí cosanta plandaí, ar theorantóirí nó ar shineirgíoch agus ar aidiúvaigh, seachas mar a fhoráiltear i mír 2 den Airteagal seo, in Airteagal 62 nó in Airteagal 80.

Deich mbliana ó dháta an chéad údaraithe sa Bhallstát sin atá sa tréimhse chosanta sonraí, seachas mar a fhoráiltear i mír 2 den Airteagal seo nó in Airteagal 62. Fadaítear an tréimhse sin go 13 bliana i gcás na dtáirgí cosanta plandaí atá cuimsithe in Airteagal 47.

Fadófar na tréimhsí sin go ceann trí mhí i gcás gach fadaithe ar údarú do mhionúsáidí mar a shainítear in Airteagal 51(1), seachas i gcás ina bhfuil fadú an údaraithe bunaithe ar eachtar-shuíomh má dhéanann sealbhóir an údaraithe na hiarratais ar na húdaruithe sin cúig bliana ar a dhéanaí tar éis dháta an chéad údaraithe sa Bhallstát sin. Ní fhéadfaidh tréimhse iomlán na cosanta sonraí a bheith níos faide ná 13 bliana i gcás ar bith. I gcás na dtáirgí cosanta plandaí atá cuimsithe faoi Airteagal 47, ní fhéadfaidh tréimhse iomlán na cosanta sonraí a bheith níos faide ná 15 bliana i gcás ar bith.

Maidir leis na rialacha cosanta sonraí a bhí ann don chéad údarú, beidh feidhm ag na rialacha céanna freisin maidir leis na tuarascálacha tástála agus maidir leis na tuarascálacha staidéir a thíolacfaidh tríú páirtithe chun fadú a fháil ar údarú do mhionúsáidí dá dtagraítear in Airteagal 51(1).

Cosnófar staidéar freisin má bhí gá leis chun údarú a athnuachan nó a athbhreithniú. 30 mí a bheidh i dtréimhse na cosanta sonraí. Beidh feidhm *mutatis mutandis* ag an gcéad fhomhír go dtí an ceathrú fhomhír.

2. Ní bheidh feidhm ag mír 1 maidir leis an méid seo a leanas:

- (a) tuarascálacha tástála agus tuarascálacha staidéir ar chuir an t-iarratasóir litir rochtana isteach ina leith; nó
- (b) i gcás aon tréimhse cosanta sonraí a deonaíodh do na tuarascálacha tástála agus tuarascálacha staidéir maidir le táirge cosanta planda eile a bheith imithe in éag.

3. Ní dheonófar cosaint sonraí faoi mhír 1 ach amháin i gcás ina ndearna an chéad iarratasóir, tráth tíolactha an tsainchomhaid, cosaint sonraí a éileamh do thuarascálacha tástála agus do thuarascálacha staidéir a bhaineann leis an tsbaint ghníomhach, leis an teorantóir nó leis an sineirgíoch, leis an aidiúvach agus leis an táirge cosanta plandaí agus i gcás ina ndearna sé an fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (f) d'Airteagal 8(1) agus i bpointe (d) d'Airteagal 33(3) a sholáthar don Bhallstát lena mbaineann i dtaca le gach tuarascáil tástála nó tuarascáil staidéir, chomh maith le daingniú nár deonaíodh riamh tréimhse cosanta sonraí le haghaidh na tuarascála tástála nó na tuarascála staidéir nó nach bhfuil aon tréimhse a deonaíodh imithe in éag.

*Airteagal 60***Liosta na dtuarascálacha tástála agus na dtuarascálacha staidéir**

1. I gcás gach substainte gníomhaí, gach teorantóra agus gach sineirgígh, agus gach aidiúvaigh, ullmhóidh na Ballstáit is rapóirtéirí liosta de na tuarascálacha tástála agus de na tuarascálacha staidéir atá riachtanach maidir leis an gcéad fhormheas, maidir le leasú na gcoinníollacha a ghabhann le formheas nó maidir le hathnuachan an fhormheasa agus cuirfidh siad ar fáil do na Ballstáit agus don Choimisiún é.

2. I gcás gach táirge cosanta plandaí a údaraíonn siad, coinneoidh Ballstáit an méid seo a leanas agus cuirfidh siad ar fáil d'aon pháirtí leasmhar é arna iarraidh sin dó:

(a) liosta de na tuarascálacha tástála agus de na tuarascálacha staidéir a bhaineann leis an tsubstaint ghníomhach, leis an teorantóir nó leis an sineirgíoch, leis an aidiúvach agus leis an táirge cosanta plandaí atá riachtanach maidir leis an gcéad údarú, maidir le leasú na gcoinníollacha a ghabhann le húdarú nó maidir le hathnuachan an údaraíthe; agus

(b) liosta de thuarascálacha tástála agus de thuarascálacha staidéir ar éiligh an t-iarratasóir cosaint sonraí ina leith faoi Airteagal 59 agus aon chúiseanna a tíolacadh i gcomhréir leis an Airteagal sin.

3. Áireofar sna liostaí dá bhforáiltear i mír 1 agus i mír 2 faisnéis faoi i dtaobh ar deimhníodh gur chomhlíon na tuarascálacha tástála agus na tuarascálacha staidéir sin prionsabal an dea-chleachtais saotharlainne nó prionsabal an dea-chleachtais thurgnamhaigh.

*Airteagal 61***Rialacha ginearálta maidir le tástáil dhúblálach a sheachaint**

1. Chun tástáil dhúblálach a sheachaint, déanfaidh aon duine a bheartaíonn údarú a lorg le haghaidh táirge cosanta plandaí, sula ndéanfaidh sé tástálacha nó staidéir, an fhaisnéis dá dtagraítear in Airteagal 57 a cheadú chun a fhionnadh ar deonaíodh údarú cheana, agus cé dó ar deonaíodh an t-údarú sin, le haghaidh táirge cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach céanna, an teorantóir céanna nó an sineirgíoch céanna, nó le haghaidh aidiúvaigh. Ar iarraidh a fháil ón iarratasóir ionchasach, cuirfidh an t-údarás inniúil ar fáil dó liosta na dtuarascálacha tástála agus na dtuarascálacha staidéir a ullmhaíodh i gcomhréir le hAirteagal 60 don táirge sin.

Tíolacfaidh an t-iarratasóir ionchasach na sonraí uile a bhaineann le céannacht agus le heisióntais na substainte gníomhaí a bheartaíonn sé a úsáid. Beidh fianaise ag gabháil leis an bhfiosrúchán ar fianaise í a léiríonn go mbeartaíonn an t-iarratasóir ionchasach iarratas a dhéanamh ar údarú.

2. Déanfaidh an t-údarás inniúil, i gcás inar deimhin leis go mbeartaíonn an t-iarratasóir ionchasach iarratas a dhéanamh ar údarú, nó ar athnuachan nó athbhreithniú an údaraíthe, ainm agus seoladh shealbhóir nó sealbhóirí aon údaruíthe ábhartha a bhí ann roimhe sin a sholáthar don iarratasóir sin agus, ag an am céanna, cuirfidh sé ainm agus seoladh an iarratasóra in iúl do shealbhóirí na n-údaruithe.

3. Déanfaidh an t-iarratasóir ionchasach ar an údarú, nó ar athnuachan nó athbhreithniú an údaraíthe, agus sealbhóir nó sealbhóirí na n-údaruithe ábhartha gach beart réasúnach chun teacht ar chomhaontú maidir le haon tuarascálacha tástála agus tuarascálacha staidéir atá cosanta faoi Airteagal 59 a pháirtí ar bhealach cóir, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach.

*Airteagal 62***Páirtiú na dtástálacha agus na staidéir ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha**

1. Ní dhéanfar tástáil ar ainmhithe veirteabracha chun críocha an Rialacháin seo ach amháin i gcás nach bhfuil aon mhodhanna eile ar fáil. Déanfar dúbláil tástálacha agus staidéir ar veirteabraigh a dhéantar chun críocha an Rialacháin seo a sheachaint i gcomhréir le mír 2 go mír 6.

2. Maidir le dúbláil tástálacha agus staidéir ar ainmhithe veirteabracha nó maidir le tástálacha agus staidéir arna dtionscnamh i gcás ina bhféadfaí, le réasún, na gnáthmhodhanna a thuairiscítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Treoir 1999/45/CE a úsáid, ní ghlacfaidh na Ballstáit leo mar thacaíocht le hiarratais ar údaruíthe. Aon duine a bheartaíonn tástálacha agus staidéir a dhéanamh ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha, déanfaidh sé gach beart is gá chun a fhíorú nach ndearnadh nó nár tionscnaíodh na tástálacha nó na staidéir sin cheana.

3. Déanfaidh an t-iarratasóir ionchasach agus sealbhóir nó sealbhóirí na n-údaruithe ábhartha gach iarracht chun a áirithiú go ndéanann siad na tástálacha agus na staidéir ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha a pháirtiú. Déanfar na costais a bhaineann le páirtiú na dtuarascálacha tástála agus na dtuarascálacha staidéir a chinneadh ar bhealach cóir, trédhearcach agus neamh-idirdhealaitheach. Ní cheanglaítear ar an iarratasóir ionchasach páirtiú in aon chostais ach amháin costais na faisnéise a cheanglaítear air a thíolacadh chun ceanglais an údaraíthe a chomhlíonadh.

4. I gcás nach féidir leis an iarratasóir ionchasach agus sealbhóir nó sealbhóirí na n-údaruithe ábhartha do tháirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach céanna, an teorantóir céanna nó an sineirgíoch céanna, nó do na haidiúvaigh, teacht ar chomhaontú maidir le tuarascálacha tástála agus tuarascálacha staidéir ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha a pháirtiú, cuirfidh an t-iarratasóir ionchasach an méid sin in iúl d'údarás inniúil an Bhallstáit dá dtagraítear in Airteagal 61(1).

I gcás nach féidir teacht ar chomhaontú, mar a fhoráiltear i mír 3, ní chuirfidh sé sin cosc ar údarás inniúil an Bhallstáit sin na tuarascálacha tástála agus na tuarascálacha staidéir ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha a úsáid chun críche iarratas an iarratasóra ionchasaigh.

5. Faoin 14 Nollaig 2016, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil ar fáil faoi iarmhairtí na bhforálacha sa Rialachán seo maidir le cosaint sonraí na dtástálacha agus na staidéir ina n-úsáidtear ainmhithe veirteabracha. Cuirfidh an Coimisiún an tuarascáil sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle agus, más gá, beidh togra reachtach ag gabháil léi.

6. Beidh éileamh ar sciar cóir de na costais a thabhaigh an t-iarratasóir ionchasach ag sealbhóir nó ag sealbhóirí an údaráithe ábhartha. Féadfaidh údarás inniúil an Bhallstáit a ordú do na páirtithe atá i gceist an t-ábhar a réiteach trí eadráin fhoirmiúil cheangailteach arna riar faoin dlí náisiúnta. Thairis sin, féadfaidh na páirtithe an t-ábhar a réiteach trí dhlíthíocht i gcúirteanna na mBallstát. Maidir le dámhachtainí a éiríonn as eadráin nó as dlíthíocht, tabharfar aird iontu do na príonsabail a chinntear i mír 3 agus beidh siad infhorfheidhmithe i gcúirteanna na mBallstáit.

CAIBIDIL VI

ROCHTAIN PHOIBLÍ AR FHAISNÉIS

Airteagal 63

Rúndacht

1. Déanfaidh duine a iarrann go ndéileálfar le faisnéis a thíolactar faoin Rialachán seo mar fhaisnéis rúnda cruthúnas infhíoraithe a sholáthar á léiriú go bhféadfaí baint dá leasanna tráchtála nó de chosaint príobháideacht agus ionracas an duine aonair dá nochtfaí an fhaisnéis sin.

2. Measfar, go hiondúil, go mbaintear de chosaint leasanna tráchtála nó de chosaint phríobháideacht agus ionracas na ndaoine aonair lena mbaineann má nochtar an fhaisnéis seo a leanas:

- (a) an modh monaraíochta;
- (b) sonraíocht eiséntas na substainte gníomhaí cé is moite de na heiséntais a mheastar a bheith ábhartha ó thaobh na tocsaineolaíochta, na héiceathocsaineolaíochta nó an chomhshaoil de;
- (c) torthaí baisceanna táirgthe den tsubstaint ghníomhach, lena n-áirítear na heiséntais;
- (d) modhanna anailíse maidir le heiséntais sa tsubstaint ghníomhach mar a mhonaraítear í cé is moite de mhodhanna maidir le heiséntais a mheastar a bheith ábhartha ó thaobh na tocsaineolaíochta, na héiceathocsaineolaíochta nó an chomhshaoil de;
- (e) naisc idir táirgeoir nó allmhaireoir agus an t-iarratasóir nó sealbhóir an údaráithe;
- (f) faisnéis faoi chomhdhéanamh iomlán táirge cosanta plandaí;
- (g) ainmneacha agus seoltaí na ndaoine a bhfuil baint acu le tástáil ar ainmhithe veirteabracha.

3. Ní dhéanann an tAirteagal seo dochar do Threoir 2003/4/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2003 maidir le rochtain phoiblí ar fhaisnéis chomhshaoil⁽¹⁾.

⁽¹⁾ IO L 41, 14.2.2003, lch. 26.

CAIBIDIL VII

PACÁISTIÚ, LIPÉADÚ AGUS FÓGRAÍOCHT TÁIRGÍ COSANTA PLANDAÍ AGUS AIDIÚVACH

Airteagal 64

Pacáistiú agus cur i láthair

1. Déanfar táirgí cosanta plandaí agus aidiúvaigh a bhféadfaí a cheapadh ina leith gur bia, deoch nó beatha iad a phacáistiú ar shlí ina n-íoslaghdófar an dóchúlacht go dtarlódh botún den sórt sin.

2. Maidir le táirgí cosanta plandaí agus aidiúvaigh atá ar fáil don phobal i gcoitinne agus a bhféadfaí a cheapadh ina leith gur bia, deoch nó beatha iad, beidh comhábhair iontu a chuirfidh daoine óna dtomhailt nó a choiscfidh daoine óna dtomhailt.

3. Beidh feidhm ag Airteagal 9 de Threoir 1999/45/CE freisin maith maidir le táirgí cosanta plandaí agus aidiúvaigh nach gcumhdaítear faoin Treoir sin.

Airteagal 65

Lipéadú

1. Cuimseoidh lipéadú táirgí cosanta plandaí na ceanglais Threoir 1999/45/CE maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú agus comhlíonfaidh sé na ceanglais atá leagtha amach i Rialachán arna ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4).

Beidh frásaí caighdeánacha sa Rialachán sin freisin maidir le rioscaí speisialta agus réamhchúraimí sábháilteachta ar frásaí iad lena bhforlíontar na frásaí dá bhforáiltear le Treoir 1999/45/CE. Ionchorpróidh sé téacs Airteagal 16 de Threoir 91/414/CEE agus téacs larscríbhinn IV agus larscríbhinn V a ghabhann leis an Treoir sin, fara aon mhodhnuithe is gá.

2. Féadfaidh Ballstáit a éileamh go ndéanfar samplaí nó samhlacha den phacáistiú agus dréachtaí de lipéid agus de bhileoga a thíolacadh sula ndéanfar an t-údarú.

3. Má mheasann Ballstát go bhfuil gá le frásaí breise chun sláinte an duine nó sláinte ainmhithe nó an comhshaoil a chosaint, cuirfidh sé na Ballstáit eile agus an Coimisiún ar an eolas láithreach agus cuirfidh sé an frása breise nó na frásaí breise agus na cúiseanna leis na ceanglais sin ar aghaidh chucu.

Déanfar frásaí den sórt sin a bhreithniú lena gcur san áireamh sa Rialachán dá dtagraítear i mír 1.

Go dtí go gcuirfear san áireamh amhlaidh iad, féadfaidh an Ballstát a éileamh go n-úsáidfear an frása breise nó na frásaí breise.

*Airteagal 66***Fógraíocht**

1. Ní dhéanfar fógraíocht maidir le táirgí cosanta plandaí nach bhfuil údaraithe. Beidh na habairtí 'Bain úsáid churamach as táirgí cosanta plandaí. Léigh an lipéad agus an fhaisnéis faoin táirge i gcónaí sula n-úsáidtear é' ar gach fógrán maidir le táirge cosanta plandaí. Beidh na habairtí sin inléite go héasca agus beidh siad inaitheanta go soiléir i gcomhthéacs an fhógráin ina iomláine. Féadfar cur síos níos beaichte ar chineál an táirge, amhail fungaicíd, feithidicíd nó luibhicíd, a chur in ionad na bhfocal 'táirgí cosanta plandaí'.

2. Ní bheidh faisnéis san fhógrán i bhfoirm téacs ná grafaicí a d'fhéadfadh a bheith míthreorach maidir leis na rioscaí a d'fhéadfadh a bheith ann do shláinte an duine, do shláinte ainmhithe nó don chomhshaol, amhail na téarmaí 'iseal-riosca', 'neamhthocsaineach' nó 'neamhdhiobhálach'.

Ní cheadófar an téarma 'údaraithe mar tháirge cosanta plandaí íseal-riosca leis i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009' a úsáid san fhógrán ach amháin i gcás táirgí cosanta plandaí íseal-riosca. Ní féidir é a úsáid mar mhaíomh ar lipéad an táirge cosanta plandaí.

3. Féadfaidh na Ballstáit toirmeasc nó srian a chur ar tháirgí cosanta plandaí a fhógairt i meáin áirithe, ach sin faoi réir reachtaíocht an Chomhphobail.

4. Beidh na ráitis uile a úsáidfear san fhógraíocht inchosanta go teicniúil.

5. Ní bheidh aon amharc-léiriú i bhfógráin ar chleachtais a d'fhéadfadh a bheith contúirteach, amhail meascadh nó úsáid gan dóthain éadaí cosanta, ná úsáid gar do bhia, ná úsáid ag leanaí nó gar do leanaí.

6. Tarraingeoidh fógráin nó ábhar eile fógraíochta aird ar na frásaí agus na siombailí rabhaidh iomchuí mar atá leagtha síos sa lipéadú.

CAIBIDIL VIII

RIALUITHE*Airteagal 67***Taifid a Choinneáil**

1. Déanfaidh táirgeoirí, soláthraithe, dáileoirí, allmhaireoirí, agus onnmhaireoirí táirgí cosanta plandaí taifid a choinneáil go ceann cúig bliana ar a laghad ar na táirgí cosanta plandaí a tháirgeann siad, a allmhairíonn siad, a onnmhairíonn siad, a stórálaíonn siad nó a chuireann siad ar an margadh. Déanfaidh úsáideoirí gairmiúla táirgí cosanta plandaí taifid a choinneáil, ar feadh trí bliana ar a laghad, ar na táirgí cosanta plandaí a úsáideann siad, ar taifid iad ina mbeidh ainm an táirge cosanta plandaí, an t-am agus an dáileog a úsáideadh é, an

limistéar inar úsáideadh an táirge cosanta plandaí agus an barr ar úsáideadh air é.

Cuirfidh siad an fhaisnéis ábhartha atá sna taifid sin ar fáil don údarás inniúil arna iarraidh sin dó. Féadfaidh tríú páirtithe, amhail tionscal an uisce óil, miondíoltóirí nó cónaitheoirí, rochtain ar an bhfaisnéis sin a iarraidh tríd an iarraidh a chur chuig an údarás inniúil.

Tabharfaidh na húdaráis inniúla rochtain ar an bhfaisnéis sin i gcomhréir leis an dlí infheidhme náisiúnta nó le dlí an Chomhphobail.

Faoi 14 Nollaig 2012, tólacfaidh an Coimisiún tuarascáil faoi do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir leis na costais agus na sochair a bhaineann le hinrianaitheacht na faisnéise ó úsáideoirí agus miondíoltóirí i ndáil le forchur táirgí cosanta plandaí ar tháirgí talmhaíochta, agus beidh, más iomchuí, tograí reachtacha ag gabháil leis.

2. Tabharfaidh táirgeoirí táirgí cosanta plandaí faoi fhaireachán iarúdarúcháin arna iarraidh sin ag na húdaráis inniúla. Cuirfidh siad na húdaráis inniúla ar an eolas maidir leis na torthaí ábhartha.

3. Déanfaidh sealbhóirí údaraithe na sonraí go léir a bhaineann le méid na ndíolachán táirgí cosanta plandaí i gcomhréir leis an reachtaíocht Chomhphobail a bhaineann le staidreamh ar tháirgí cosanta plandaí a sholáthar d'údaráis inniúla na mBallstát.

4. Chun a áirithiú go gcuirfear mír 1, mír 2 agus mír 3 i bhfeidhm go haonfhoirmeach, féadfar bearta cur chun feidhme a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3).

*Airteagal 68***Faireachán agus rialuithe**

Cuirfidh Ballstáit rialuithe oifigiúla i gcrích chun comhlíonadh an Rialacháin seo a fhorfheidhmiú. Críochnóidh siad tuarascáil maidir le raon feidhme agus torthaí na rialuithe sin agus tarchuirfidh siad í chuig an gCoimisiún laistigh de shé mhí ó dheireadh na bliana a mbaineann na tuarascálacha léi.

Déanfaidh saineolaithe an Choimisiúin iniúchtaí ginearálta agus iniúchtaí sonracha sna Ballstáit chun na rialuithe oifigiúla arna gcur i gcrích ag na Ballstáit a fhíorú.

Le Rialachán a ghlacfar i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4), leagfar amach forálacha maidir leis na rialuithe, go háirithe i dtaca le táirgeadh, pacáistiú, lipéadú, stóráil, iompar, margú, foirmliú, trádáil chomhthreomhar agus úsáid na dtáirgí cosanta plandaí. Beidh forálacha ann freisin a bhaineann le faisnéis a bhailiú agus le tuairisciú ar nimhiú amhrasta.

CAIBIDIL IX

ÉIGEANDÁLAÍ

Airteagal 69

Bearta éigeandála

Nuair is léir gur dócha go mbainfeadh riosca tromchúiseach do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe, nó don chomhshaol, le substaint ghníomhach, le teorantóir, le sineirgíoch nó le comhfhoirmleach formheasta nó le táirge cosanta plandaí arna údarú i gcomhréir leis an Rialachán seo, agus nuair is léir nach féidir riosca den sórt sin a shrianadh go sásúil trí bhearta arna ndéanamh ag an mBallstát/na Ballstáit lena mbaineann, déanfar bearta láithreach chun úsáid agus/nó díol na substainte sin nó an táirge sin a shrianadh nó a thoirmeasc i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3), ar thionscnamh an Choimisiúin féin nó arna iarraidh sin do Bhallstát. Sula ndéanfar bearta den sórt sin scrúdóidh an Coimisiún an fhianaise agus féadfaidh sé tuairim a iarraidh ar an Údarás. Féadfaidh an Coimisiún teorainn ama a shocrú ar laistigh di a sholáthrófar an tuairim sin.

Airteagal 70

Bearta éigeandála i gcásanna fíorphráinne

De mhaolú ar Airteagal 69, féadfaidh an Coimisiún, i gcásanna fíorphráinne, na bearta éigeandála a ghlacadh go sealadach tar éis dó dul i gcomhairle leis an mBallstát nó leis na Ballstáit lena mbaineann agus tar éis na Ballstáit eile a chur ar an eolas.

A luaithe is féidir, agus tar éis deich lá oibre ar a dhéanaí, déanfar na bearta sin a dhainiú, a leasú, a chúlghairm nó a fhadú i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3).

Airteagal 71

Bearta éigeandála eile

1. I gcás ina gcuireann Ballstát an Coimisiún ar an eolas go hoifigiúil faoin ngá le bearta éigeandála a dhéanamh, agus nach mbeifear tar éis aon ghníomh a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 69 nó le hAirteagal 70, féadfaidh an Ballstát bearta cosantacha eatramhacha a dhéanamh. Sa chás sin, cuirfidh sé an méid sin in iúl láithreach do na Ballstáit eile agus don Choimisiún.

2. Taobh istigh de 30 lá oibre, cuirfidh an Coimisiún an t-ábhar faoi bhráid an Choiste dá dtagraítear in Airteagal 79(1) i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3) d'fhonn fadú a chur leis an mbeart cosantach eatramhach náisiúnta nó d'fhonn é a leasú nó a aisghairm.

3. Féadfaidh an Ballstát a bhearta cosantacha eatramhacha náisiúnta a choinneáil go dtí go nglacfar bearta Comhphobail.

CAIBIDIL X

FORÁLACHA RIARACHÁIN AGUS AIRGEADAIS

Airteagal 72

Pionóis

Leagfaidh na Ballstáit síos na rialacha maidir le pionóis is infheidhme i ndáil le sáruithe ar an Rialachán seo agus déanfaidh siad na bearta is gá chun a áirithiú go ndéantar iad a chur chun feidhme. Beidh na pionóis dá bhforáiltear éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach.

Déanfaidh na Ballstáit fógra a thabhairt gan mhoill don Choimisiún faoi na rialacha sin agus faoi aon leasú a dhéanfar orthu ina dhiaidh sin.

Airteagal 73

Dlíteanas sibhialta agus dlíteanas coiriúil

Beidh deonú údaraithe agus aon bhearta eile atá i gcomhréir leis an Rialachán seo gan dochar do dhlíteanas sibhialta ginearálta agus do dhlíteanas coiriúil ginearálta i mBallstáit an táirgeora, agus i gcás inarb infheidhme, i mBallstáit an duine atá freagrach as an táirge cosanta plandaí a chur ar an margadh nó as é a úsáid.

Airteagal 74

Táillí agus muirir

1. Féadfaidh na Ballstáit na costais a bhaineann le haon obair a dhéanann siad faoi raon feidhme an Rialacháin seo a ghnóthú trí tháillí nó trí mhuirir.

2. Áiritheoidh na Ballstáit an méid seo a leanas maidir leis na táillí nó maidir leis na muirir dá dtagraítear i mír 1:

(a) go mbunófar ar bhealach trédhearcach iad; agus

(b) go bhfreagróidh siad do chostas iomlán iarbhair na hoibre atá i gceist ach amháin má tá sé ar mhaithe le leas an phobail na táillí nó na muirir a íslí.

Féadfar scála muirear seasta atá bunaithe ar mheánchostais na hoibre dá dtagraítear i mír 1 a áireamh sna táillí nó sna muirir.

Airteagal 75

Údarás Inniúil

1. Ainmneoidh gach Ballstát údarás inniúil nó údarás inniúla chun oibleagáidí na mBallstát mar a leagtar síos iad sa Rialachán seo a chur i gcrích.

2. Ainmneoidh gach Ballstát údarás náisiúnta um chomhordú chun na teagmhálacha uile is gá le hiarrthóirí, le Ballstáit eile, leis an gCoimisiún agus leis an Údarás a chomhordú agus a áirithiú.

3. Áiríteoidh na Ballstáit go bhfuil líon leordhóthanach daoine cuícháilithe, a bhfuil taithí chuí acu, ar fhoireann a n-údarás inniúil ionas go ndéanfar na hoibleagáidí a leagtar síos sa Rialachán seo a chur i gcrích go héifeachtúil agus go héifeachtach.

4. Déanfaidh gach Ballstát na mionsonraí maidir lena údarás inniúil náisiúnta nó lena údarás inniúla náisiúnta a thabhairt don Choimisiún, don Údarás agus d'údarás náisiúnta na mBallstát eile um chomhordú agus cuirfidh sé ar an eolas iad faoi aon mhodhnuithe ar na mionsonraí sin.

5. Déanfaidh an Coimisiún liosta de na húdaráis dá dtagraítear i mír 1 agus i mír 2 a fhoilsiú ar a shuíomh gréasáin agus coinneoidh sé cothrom le dáta é.

Airteagal 76

Caiteachas an Choimisiúin

1. Féadfaidh an Coimisiún caiteachas a thabhtú ar ghníomhaíochtaí a ranchuidíonn maidir le aidhmeanna an Rialacháin seo, lena n-áirítear iad seo a leanas a eagrú:

- (a) córas comhchuibhithe, lena n-áirítear bunachar sonraí iomchuí, a fhorbairt chun an fhaisnéis go léir a bhaineann le substaintí gníomhacha, le teorantóirí, le sineirgigh, le comhfhoirmligh, le táirgí cosanta plandaí agus le haidiúvaigh a bhailiú agus a stóráil, agus chun an fhaisnéis sin a chur ar fáil do na Ballstáit, do na táirgeoirí agus do pháirtithe leasmhara eile;
- (b) staidéir a dhéanamh a bhfuil gá leo chun tuilleadh reachtaíochta a ullmhú agus a fhorbairt maidir le táirgí cosanta plandaí agus aidiúvaigh a chur ar an margadh agus a úsáid;
- (c) staidéar a dhéanamh a bhfuil gá leo chun comhchuibhiú a dhéanamh ar nósanna imeachta, ar chritéir chinnteoireachta agus ar cheanglais i dtaca le sonraí;
- (d) comhordú, go leictreonach más gá, ar an gcomhoibriú idir na Ballstáit, an Coimisiún agus an tÚdarás agus bearta chun roinnt na hoibre a éascú;
- (e) forbairt agus cothabháil a dhéanamh maidir le córas comhordaithe tíolactha agus meastóireachta atá dírithe ar mhalartú leictreonach doiciméad agus roinnt oibre a chur chun cinn i measc na n-iarrthóirí, na mBallstát, an Choimisiún agus an Údarás;
- (f) treoir a fhorbairt chun cur i bhfeidhm an Rialacháin seo ó lá go lá a éascú;
- (g) costais taistil agus chothaithe a thabhaíonn saineolaithe na mBallstát de bhrí gur cheap an Coimisiún iad chun cuidiú lena shaineolaithe féin faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí rialuithe a leagtar síos faoi Airteagal 68;
- (h) oiliúint na foirne rialaithe;

- (i) maoiniú beart eile a bhfuil gá leo chun a áirithiú go ndéanfar an Rialacháin arna ghlacadh faoi Airteagal 68 a chur i bhfeidhm;

2. Beidh na leithreasaí a éilítear faoi mhír 1 faoi réir a n-údaraithe ag an údarás buiséadach gach bliain airgeadais.

Airteagal 77

Doiciméid treorach

Chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, féadfaidh an Coimisiún, i gcomhréir leis an nós imeachta dá dtagraítear in Airteagal 79(2), doiciméid theicniúla agus doiciméid treorach eile, amhail nótaí míniúcháin nó doiciméid treorach ar ábhar an iarratais a bhaineann le miocrorgánaigh, fearamóin agus táirgí bitheolaíocha, a ghlacadh nó a leasú. Féadfaidh an Coimisiún a iarraidh ar an Údarás doiciméid theoracha den sórt sin a ullmhú nó ábhar a chur ar fáil dóibh.

Airteagal 78

Leasuithe agus bearta cur chun feidhme

1. Maidir leis na bearta seo a leanas atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4):

- (a) leasuithe ar na hlarscríbhinní, agus an t-eolas reatha eolaíoch agus teicniúil á chur san áireamh;
- (b) leasuithe ar na Rialacháin maidir le ceanglais i dtaca le sonraí do shubstaintí gníomhacha agus do tháirgí cosanta plandaí, dá dtagraítear i bpointe (b) agus i bpointe (c) d'Airteagal 8(1), agus an t-eolas reatha eolaíoch agus teicniúil á chur san áireamh;
- (c) leasuithe ar an Rialachán maidir le prionsabail aonfhoirmeacha do mheastóireacht agus d'údarú na dtáirgí cosanta plandaí, dá dtagraítear in Airteagal 29(6), agus an t-eolas reatha eolaíoch agus teicniúil á chur san áireamh;
- (d) Rialachán lena n-iarchuirtear éag na tréimhse formheasa dá dtagraítear sa dara fomhír d'Airteagal 17;
- (e) Rialachán maidir le ceanglais i dtaca le sonraí do theorantóirí agus do shineirgigh dá dtagraítear in Airteagal 25(3);
- (f) Rialachán lena mbunaítear clár oibre maidir le teorantóirí agus sineirgigh dá dtagraítear in Airteagal 26;
- (g) modhanna comhchuibhithe dá dtagraítear in Airteagal 29(4) a ghlacadh;
- (h) comhfhoirmligh a áireamh in Iarscríbhinn III, dá dtagraítear in Airteagal 27(2);

- (i) fadú dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo maidir le húdairithe sealadacha, dá dtagraítear in Airteagal 30(3);
- (j) ceanglais fhaisnéise maidir le trádáil chomhthreomhar, dá dtagraítear in Airteagal 52(4);
- (k) rialacha maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 54, go háirithe na cainníochtaí uasta de tháirgí cosanta plandaí a bheidh le scaoileadh;
- (l) rialacha mionsonraithe le haghaidh aidiúvach, dá dtagraítear in Airteagal 58(2);
- (m) Rialachán ina bhfuil na ceanglais a bhaineann le lipéadú táirgí cosanta plandaí, dá dtagraítear in Airteagal 65(1);
- (n) Rialachán maidir le rialuithe, dá dtagraítear sa tríú fomhír d'Airteagal 68.

2. Aon bhearta eile is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, féadfar iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin dá dtagraítear in Airteagal 79(3).

3. I gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 79(2), glactar Rialachán ina mbeidh an liosta substaintí gníomhacha a chuimsítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE. Measfar go ndearnadh na substaintí sin a fhormheas faoin Rialachán seo.

Airteagal 79

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh an Buanchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe, arna bhunú le hAirteagal 58 de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002, cúnamh don Choimisiún.

2. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 3 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Trí mhí a bheidh sa tréimhse a leagtar síos in Airteagal 5(6) de Chinneadh 1999/468/CE.

4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

5. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5a(1) go (4) agus (5)(b) agus ag Airteagal 7 de Chinneadh 1999/468/CE, ag féachaint d'fhorálacha Airteagal 8 de.

Dhá mhí, mí amháin agus dhá mhí faoi seach a bheidh sna teorainneacha ama a leagtar síos in Airteagal 5a(3)(c) agus (4)(b) agus (e) de Chinneadh 1999/468/CE.

CAIBIDIL XI

FORÁLACHA IDIRTHRÉIMHSEACHA AGUS FORÁLACHA CRÍOCHNAITHEACHA

Airteagal 80

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ó thaobh an nós imeachta agus na gcoinníollacha a bhaineann le formheas, leanfaidh Treoir 91/414/CEE d'fheidhm a bheith aici:

(a) maidir le substaintí gníomhacha ar glacadh cinneadh ina leith i gcomhréir le hAirteagal 6(3) de Threoir 91/414/CEE roimh an 14 Meitheamh 2011;

(b) maidir le substaintí gníomhacha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 737/2007 ón gCoimisiún ⁽¹⁾;

(c) maidir le substaintí gníomhacha ar suíodh a n-iomláine i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (CE) Uimh. 33/2008 ón gCoimisiún ⁽²⁾;

(d) maidir le substaintí gníomhacha ar suíodh a n-iomláine i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán (CE) Uimh. 33/2008 ón gCoimisiún roimh an 14 Meitheamh 2011.

Ar bhonn an scrúdaithe a dhéantar faoi Threoir 91/414/CEE, déanfar Rialachán maidir le formheas substainte den sórt sin a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 13(2) den Rialachán seo. I gcás na substaintí gníomhacha dá dtagraítear i bpointe (b) den mhír seo, ní mheasfar gurb ionann an formheas sin agus athnuachan an fhormheasa dá dtagraítear in Airteagal 14 den Rialachán seo.

2. Leanfaidh Airteagal 13(1) go (4) de Threoir 91/414/CEE agus Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin d'fheidhm a bheith acu maidir leis na substaintí gníomhacha atá cuimsithe in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Treoir sin agus maidir le substaintí gníomhacha a fhormheastar i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo:

(a) ar feadh tréimhse cúig bliana ón dáta ar cuimsíodh nó ar formheasadh iad, i gcás substaintí gníomhacha atá cumhdaithe le hAirteagal 8(2) de Threoir 91/414/CEE;

(b) ar feadh tréimhse deich mbliana ón dáta ar cuimsíodh nó ar formheasadh iad, i gcás substaintí gníomhacha nach raibh ar an margadh an 26 Iúil 1993;

⁽¹⁾ IO L 169, 29.6.2007, lch. 10.

⁽²⁾ IO L 15, 18.1.2008, lch. 5.

(c) ar feadh tréimhse cúig bliana ó dháta athnuachana an chuimsithe nó ó dháta athnuachana an fhorghrú, i gcás substaintí gníomhacha a n-éagann a gcuisiú in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE faoin 24 Samhain 2011. Ní bheidh feidhm ag an bhforáil seo ach amháin maidir leis na sonraí is gá chun an formheas a athnuachan agus ar deimhníodh ina leith gur chomhlíon siad prionsabail an dea-chleachtais saotharlainne faoin dáta sin.

3. I gcás ina bhfuil feidhm ag Airteagal 13 de Threoir 91/414/CEE de bhun mhír 1 nó mhír 2 den Airteagal seo, beidh sé faoi réir aon rialacha speisialta a bhaineann le Treoir 91/414/CEE agus a leagtar síos san Ionstraim Aontachais faoina tháinig Ballstát isteach sa Chomhphobal.

4. I gcás substaintí gníomhacha a n-éagann a gcéad fhorghrú faoin 14 Nollaig 2012, déanfaidh táirgeoir na substainte gníomhaí, tráth nach déanaí ná dhá bhliain roimh thráth éagtha an chéad fhorghrú, an t-iartras dá bhforáiltear in Airteagal 14 a chur faoi bhráid Ballstáit, agus cuirfidh sé cóip de chuig na Ballstáit eile, chuig an gCoimisiún agus chuig an Údarás.

5. Maidir le hiarratais ar údaruithe do tháirgí cosanta plandaí:

(a) a dhéantar faoi Airteagal 4 de Threoir 91/414/CEE agus atá ar feitheamh sna Ballstáit an 11 Meitheamh 2011, nó

(b) atá le leasú nó le tarraingt siar an an 14 Meitheamh 2011 tar éis a gcuisithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE nó tar éis a bhformheasa i gcomhréir le mír 1 den Airteagal seo,

cinnfear iad ar bhonn an dlí náisiúnta a bhí i bhfeidhm roimh an dáta sin.

Tar éis an cinneadh sin a dhéanamh, beidh feidhm ag an Rialachán seo.

6. Féadfar leanúint de tháirgí atá lipéadaithe i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 91/414/CEE a chur ar an margadh go dtí an 14 Meitheamh 2015.

7. Faoin 14 Nollaig 2013, bunóidh an Coimisiún liosta de na substaintí atá cuisithe in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE agus a shásaíonn na critéir a leagtar amach i bpointe 4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo agus a mbeidh feidhm ag forálacha Airteagal 50 den Rialachán seo maidir leo.

Airteagal 81

Maolú i gcás teorantóirí agus sineirgíoch, comhfhormleach agus aidiúvach

1. De mhaolú ar Airteagal 28(1), féadfaidh Ballstát, ar feadh tréimhse cúig bliana tar éis ghlacadh an chláir dá dtagraítear in Airteagal 26, údarú a thabhairt chun táirgí cosanta plandaí ina bhfuil teorantóirí agus sineirgíoch, agus nach bhfuil formheasta, a

chur ar an margadh ina chríoch i gcás ina bhfuil siad ar áireamh sa chlár sin.

2. De mhaolú ar Airteagal 27 agus gan dochar do dhlí an Chomhphobail, féadfaidh Ballstáit forálacha náisiúnta maidir le comhfhormleach nach bhfuil cuisithe in Iarscríbhinn III a chur i bhfeidhm go dtí an 14 Meitheamh 2016.

Más rud é, tar éis an 14 Meitheamh 2016, go bhfuil forais thromchúiseacha ag Ballstát chun a mheas gur dócha go mbeidh comhfhormleach nach bhfuil cuisithe in Iarscríbhinn III ina riosca tromchúiseach do shláinte an duine nó do shláinte ainmhithe, nó don chomhshaol, féadfaidh sé toirmeasc sealadach nó srian sealadach a chur ar úsáid an chomhfhormleach sin laistigh dá chríoch. Tabharfaidh sé fógra láithreach ina leith sin don Choimisiún agus do na Ballstáit eile agus tabharfaidh sé cúiseanna lena chinnidh. Beidh feidhm ag Airteagal 71.

3. De mhaolú ar Airteagal 58(1) féadfaidh Ballstáit forálacha náisiúnta a chur i bhfeidhm maidir le húdarú aidiúvach go dtí go nglacfar na rialacha mionsonraithe dá dtagraítear in Airteagal 58(2).

Airteagal 82

Clásal i dtaca le hathbhreithniú

Faoin 14 Nollaig 2014, déanfaidh an Coimisiún tuarascáil a thíolacadh do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle maidir le feidhmiú an aitheantais fhrithpháirtigh d'údaruithe agus go háirithe maidir le cur i bhfeidhm na bhforálacha dá dtagraítear in Airteagal 36(3) agus in Airteagal 50(2) ag na Ballstáit, maidir leis an gComhphobal a roinnt ina thrí chrios agus maidir le cur i bhfeidhm na gcritéir chun substaintí gníomhacha, teorantóirí agus sineirgíoch, mar atá siad leagtha amach in Iarscríbhinn II, a fhorghrú agus maidir lena dtionchar ar éagsúlú agus iomaíochas talmhaíochta agus ar shláinte an duine agus ar shláinte ainmhithe agus ar an gcomhshaol. Féadfaidh na tograí reachtacha iomchuí chun na forálacha sin a leasú a bheith in éineacht leis an tuarascáil, más gá sin.

Airteagal 83

Aisghairm

Gan dochar d'Airteagal 80, déantar Treoir 79/117/CEE agus Treoir 91/414/CEE, arna leasú leis na gníomhartha a liostaítear in Iarscríbhinn V, a aisghairm le héifeacht ón 14 Meitheamh 2011, ach sin gan dochar d'oibleagáidí na mBallstáit maidir leis na teorainneacha ama chun iad a thrasú sa dlí náisiúnta agus maidir le cur i bhfeidhm na dTreoracha a leagtar amach san Iarscríbhinn sin.

Forléireofar tagairtí do na Treoracha aisghairthe mar thagairtí don Rialachán seo. Go háirithe, déanfar tagairtí d'Airteagal 3 de Threoir 91/414/CEE i reachtaíocht eile an Chomhphobail, amhail Rialachán (CE) Uimh. 1782/2003, a fhorléiríú mar thagairtí d'Airteagal 55 den Rialachán seo.

*Airteagal 84***Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Faoi 14 Meitheamh 2011, glacfaidh an Coimisiún na Rialacháin seo a leanas:

- (a) Rialachán ina bhfuil liosta de na substaintí gníomhacha a formheasadh cheana féin tráth glactha an Rialacháin sin;
- (b) Rialachán maidir le ceanglais i dtaca le sonraí a bhaineann le substaintí gníomhacha, dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(b);

(c) Rialachán maidir le ceanglais i dtaca le sonraí a bhaineann le táirgí cosanta plandaí, dá dtagraítear in Airteagal 8(1)(c);

(d) Rialachán maidir le prionsabail aonfhoirmeacha chun measúnú riosca a dhéanamh i ndáil le táirgí cosanta plandaí, dá dtagraítear in Airteagal 36;

(e) Rialachán ina bhfuil na ceanglais maidir le lipéadú táirgí cosanta plandaí, dá dtagraítear in Airteagal 65(1).

Beidh feidhm ag an Rialachán seo ón 14 Meitheamh 2011.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 21 Deireadh Fómhair 2009.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
C. MALMSTRÖM

*IARSCRÍBHINN I***Sainmhíniú na gcriosanna le haghaidh údarú na dtáirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 3(17)**

Crios A – An Tuaisceart

Baineann na Ballstáit seo a leanas leis an gcrios seo:

an Danmhairg, an Eastóin, an Laitvia, an Liotuáin, an Fhionlainn, an tSualainn

Crios B – An Lár

Baineann na Ballstáit seo a leanas leis an gcrios seo:

An Bheilg, Poblacht na Seice, an Ghearmáin, Éire, Lucsamburg, an Ungáir, an Ísiltír, an Ostair, an Pholainn, an Rómáin, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Ríocht Aontaithe

Crios C – An Deisceart

Baineann na Ballstáit seo a leanas leis an gcrios seo:

An Bhulgáir, an Ghréig, an Spáinn, an Fhrainc, an Iodáil, an Chipir, Málta, an Phortaingéil

IARSCRÍBHINN II

Nós imeachta agus critéir chun substaintí gníomhacha, teorantóirí agus sineirgí a fhorghnó de bhun Chaibidil II

1. Meastóireacht
 - 1.1. Le linn an phróisis meastóireachta agus cinnteoireachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 go hAirteagal 21, comhoibreoigh an Ballstát is rapóirtéir agus an tÚdarás le hiarratasóirí chun aon cheisteanna faoin sainchomhad a réiteach go gasta nó chun aon mhínithe eile nó aon staidéir bhreise a mbeadh gá leo chun meastóireacht a dhéanamh ar an sainchomhad a shainaithint ag céim luath, lena n-áirítear faisnéis chun deireadh a chur leis an ngá le srian a chur ar an bhformheas, nó chun leasú a dhéanamh ar aon choinníollacha atá molta i leith úsáid an táirge cosanta plandaí nó chun a chineál nó a chomhdhéanamh a mhodhnú chun lán-chomhlíonadh cheanglais an Rialacháin seo a áirithiú.
 - 1.2. Ní mór meastóireacht an Údaráis agus an Bhallstáit is rapóirtéir a bheith bunaithe ar phrionsabail eolaíocha agus ní mór í a dhéanamh ag féachaint do chomhairle ó shaineolaithe.
 - 1.3. Le linn an phróisis meastóireachta agus cinnteoireachta dá bhforáiltear in Airteagal 4 go hAirteagal 21, cuirfidh Ballstáit agus an tÚdarás aon treoir eile a fhorbrófar i gcreat an Bhuanchóiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe san áireamh chun na measúnachtaí riosca a scagadh, más ábhartha.
2. Critéir ghinearálta chinnteoireachta
 - 2.1. Ní mheasfar Airteagal 4 a bheith arna chomhlíonadh ach amháin más rud é, ar bhonn an tsainchomhaid a thíolactar, go bhfuiltear ag súil go mbeidh údarú indéanta i mBallstát amháin ar a laghad do tháirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach sin i gcás ceann amháin ar a laghad de na húsáidí ionadaíocha.
 - 2.2. Tuilleadh faisnéise a thíolacadh

I bprionsabal, ní dhéanfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch a fhorghnó ach amháin i gcás ina bhfuiltear tar éis sainchomhad iomlán a thíolacadh.

I gcásanna eisceachtúla, féadfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch a fhorghnó fiú má tá faisnéis áirithe le tíolacadh fós más rud é:

 - (a) gur leasáíodh nó gur beachtaíodh na ceanglais i dtaca le sonraí tar éis an sainchomhaid a thíolacadh; nó
 - (b) go meastar gur faisnéis dhaingnitheach atá ann, de réir mar a éilítear chun muinín as an gcinneadh a mhéadú.
 - 2.3. Sriantha ar fhorghnó

Más gá, féadfaidh an fhorghnó a bheith faoi réir na gcoinníollacha agus na sriantha dá dtagraítear in Airteagal 6.

I gcás ina measann an Ballstát is rapóirtéir go bhfuil faisnéis áirithe in easnamh sa sainchomhad, rud a fhágann nach bhféadfaí an tsubstaint ghníomhach a fhorghnó gan sriantha a chur léi, déanfaidh sé teagmháil leis an iarratasóir ag céim luath chun tuilleadh faisnéise a fháil a d'fhágfadh go bhféadfaí na sriantha sin a chealú, b'fhéidir.
3. Critéir chun substaint ghníomhach a fhorghnó
 - 3.1. Sainchomhad

Beidh san áireamh sna sainchomhaid a thíolactar de bhun Airteagal 7(1) an fhaisnéis is gá chun an Iontógáil Laethúil Inghlactha (ADI), Leibhéal Inghlactha i dtaca leis an Oibreoir a bheith faoi lé na Substaintí (AOEL) agus an Ghéardháileog Thagartha (ARfD) a shuíomh más ábhartha.

I gcás substaintí gníomhaí, teorantóra nó sineirgíoch a n-áirítear i gceann amháin nó níos mó dá n-úsáidí ionadaíocha úsáid ar bheatha nó ar bharra bia nó a dtagann iarmhar i mbia nó i mbeatha go díreach uathu, beidh san áireamh sa sainchomhad a thíolactar de bhun Airteagal 7(1) an fhaisnéis is gá chun measúnú riosca a dhéanamh agus chun críocha forfheidhmithe.

Go háirithe, ceadófar an méid seo a leanas trí bhithin an tsainchomhaid:

 - (a) sainmhíniú a dhéanamh ar aon iarmhar is ábhar inní;
 - (b) tuar a dhéanamh go hiontaofa maidir leis na hiarmhair i mbia agus i mbeatha, lena n-áirítear barra i ndiaidh a chéile;

- (c) tuar a dhéanamh go hiontaofa, i gcás inarb iomchuí, maidir leis an leibhéal comhfhreagrach iarmhair a léiríonn tionchair na próiseála agus/nó an mheascadh;
- (d) uasleibhéal iarmhar a shainmhíniú agus a chinneadh trí mhodhanna iomchuí atá in úsáid i gcoitinne don tráchtearra agus, más iomchuí, do tháirgí de bhunús ainmhíoch i gcás ina dtugtar an tráchtearra nó codanna den tráchtearra mar bheatha d'ainmhithe;
- (e) más iomchuí, fachtóirí tiúchana nó caolaithe de bharr próiseáil agus/nó sainmhíniú a dhéanamh ar mheascadh.

Beidh an sainchomhad a thólaictar de bhun Airteagal 7(1) leordhóthanach le go mbeifear in ann meastachán a dhéanamh, más ábhartha, ar chinniúint na substainte gníomhaí agus ar dháileadh na substainte gníomhaí sa chomhshaoil agus ar a tionchar ar speicis nach spriocspeicis iad.

3.2. Éifeachtúlacht

Ní fhormheasfar substaint ghníomhach, ina haonar nó i gcomhar le teorantóir nó le sineirgíoch, ach amháin i gcás ina suitear, maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó, go bhfuil an táirge cosanta plandaí sách éifeachtach tar éis é a úsáid i gcomhréir le dea-chleachtas cosanta plandaí agus ag féachaint do dhálaí réalaíocha úsáide. Déanfar an ceanglas seo a mheas i gcomhréir leis na príonsabail aonfhoirmeacha maidir le meastóireacht agus údarú táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 29(6).

3.3. Ábharthacht na meitibilítí

I gcás inarb infheidhme, beidh na doiciméid a thólaictar leordhóthanach le go mbeifear in ann ábharthacht thocsaineolaíoch, éiceathocsaineolaíoch nó comhshaoil na meitibilítí a shuíomh.

3.4. Comhdhéanamh na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgíoch

3.4.1. Sa tsonraíocht, sainmhíneofar an leibhéal íosta íonachta, céannacht agus cion uasta na n-eisíontas, agus, i gcás inarb ábhartha, na n-ísiméirí/steiréi-ísiméirí agus na mbreiseán, agus an cion eisíontas is ábhar inní ó thaobh na tocsaineolaíochta, na héiceatocsaineolaíochta nó an chomhshaoil de, laistigh de theorainneacha inghlactha.

3.4.2. Comhlíonfaidh an tsonraíocht sonraíocht ábhartha na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta, mar is iomchuí, i gcás inarb ann do shonraíocht na hEagraíochta Bia agus Talmhaíochta. I gcás inar gá, áfach, ar mhaithe le sláinte an duine nó sláinte ainmhithe, nó an comhshaoil, a chosaint, féadfar sonraíochtaí níos déine a ghlacadh.

3.5. Modhanna anailíse

3.5.1. Maidir leis na modhanna a úsáidtear chun anailís a dhéanamh ar an tsubstaint ghníomhach, ar an teorantóir nó ar an sineirgíoch, mar a mhonaraítear iad, agus chun eisíontais is ábhar inní ó thaobh na tocsaineolaíochta, na héiceatocsaineolaíochta nó an chomhshaoil de a chinneadh, nó chun eisíontais atá sa tsubstaint ghníomhach, sa teorantóir nó sa sineirgíoch, mar a mhonaraítear iad, i gcainníochtaí is mó ná 1 g/kg, a chinneadh, déanfar iad a bhailíochtú agus taispeánfar go bhfuil siad sách sonrach, calabraithe mar is ceart, cruinn agus beacht.

3.5.2. Maidir leis na modhanna a úsáidtear chun iarmhair a anailísiú i gcomhair na substainte gníomhaí agus na meitibilítí ábhartha i maitrísí plandúla, ainmhíocha agus comhshaoil agus in uisce óil, de réir mar is iomchuí, déanfar iad a bhailíochtú agus taispeánfar go bhfuil sé sách íogair i leith na leibhéil inní.

3.5.3. Cuirfear an mheastóireacht i gcrích i gcomhréir leis na príonsabail aonfhoirmeacha maidir le meastóireacht agus údarú a dhéanamh ar tháirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 29(6).

3.6. Tionchar ar shláinte an duine

3.6.1. I gcás inarb ábhartha, déanfar ADI, AOEL agus ARfD bhunú. Nuair a bheidh luachanna den sórt seo á mbunú, áiríteofar go mbeidh corrlach iomchuí sábháilteachta 100 ar a laghad ann agus cineál agus déine na n-iarmhairtí agus soghontacht grúpaí sonracha den daonra á gcur san áireamh. Nuair a mheastar go bhfuil tábhacht ar leith ag an iarmhairt chriticiúil, amhail iarmhairtí néarthocsaineacha nó imdhíontocsaineacha ar fhorbairt, breithneofar corrlach sábháilteachta méadaithe agus cuirfear i bhfeidhm é más gá.

3.6.2. Ní fhormheasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin más rud é, ar bhonn measúnaithe ar thástáil ghéineathocsaineachta ardchisil a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglas i dtaca le sonraí maidir le substaintí gníomhacha, teorantóirí nó sineirgíoch agus i gcomhréir le sonraí agus faisnéis eile atá ar fáil, lena n-áirítear anailís ar an litríocht eolaíochta, arna hathbhreithniú ag an Údarás, nach bhfuil sé nó sí aicmithe nó nach gá é nó í a aicmiú, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh 1272/2008, mar shó-ghineach de chuid chatagóir 1A nó chatagóir 2B.

- 3.6.3. Ní fhorhreasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin más rud é, ar bhonn measúnaithe ar thástáil charcanaigineachta a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais i dtaca le sonraí maidir le substaintí ghníomhacha, teorantóirí nó sineirgíoch agus maidir le sonraí agus faisnéis eile atá ar fáil lena n-áirítear anailís ar an litríocht eolaíochta, arna hathbhreithniú ag an Údarás, nach bhfuil sé nó sí aicmithe nó nach gá é nó í a aicmiú, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar charcanaigin de chuid chatagóir 1A nó chatagóir 1B, mura rud é gur de réir leibhéil neamhbhríoch a thagann daoine faoi lé na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgíoch sin i dtáirge cosanta plandaí faoi dhálaí réalaiócha a bheartaítear dá úsáid, is é sin le rá, go n-úsáidtear an táirge i gcórais iata nó faoi dhálaí eile gan aon teagmháil le daoine agus i gcás nach dtéann iarmhair na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgíoch lena mbaineann ar bhia agus ar bheatha thar an luach réamhshocraithe a shocraítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- 3.6.4. Ní fhorhreasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin más rud é, ar bhonn measúnaithe ar thástáil tocsaineachta atáirgthe a dhéantar i gcomhréir leis na ceanglais i dtaca le sonraí maidir le substaintí ghníomhacha, teorantóirí nó sineirgíoch agus i gcomhréir le sonraí agus faisnéis eile atá ar fáil, lena n-áirítear anailís ar an litríocht eolaíochta arna hathbhreithniú ag an Údarás, nach bhfuil sé nó sí aicmithe nó nach gá é nó í a aicmiú, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar ábhar tocsaineach don atáirgeadh is ábhar de chuid chatagóir 1A nó chatagóir 1B, mura rud é gur de réir leibhéil neamhbhríoch a thagann daoine faoi lé na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgíoch sin i dtáirge cosanta plandaí faoi dhálaí réalaiócha a bheartaítear dá úsáid, is é sin le rá, go n-úsáidtear an táirge i gcórais iata nó i ndálaí eile gan aon teagmháil le daoine agus i gcás nach dtéann iarmhair na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgíoch lena mbaineann ar bhia nó ar bheatha thar an luach réamhshocraithe a shocraítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.
- 3.6.5. Ní fhorhreasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin ar bhonn measúnaithe ar threoirilínte tástála an Chomhphobail nó ar bhonn measúnaithe ar threoirilínte arna n-aontú go hidirnáisiúnta nó ar bhonn sonraí agus faisnéise eile atá ar fáil, lena n-áirítear anailís ar an litríocht eolaíochta arna hathbhreithniú ag an Údarás, nach meastar go bhfuil airíonna réabtha iontálaigh aige ní aici a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hiarmhairt dhiobhálach ar dhaoine, mura rud é gur de réir leibhéil neamhbhríoch a thagann daoine faoi lé na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgíoch sin i dtáirge cosanta plandaí faoi dhálaí réalaiócha a bheartaítear dá úsáid, is é sin le rá, go n-úsáidtear an táirge i gcórais iata nó i ndálaí eile gan aon teagmháil le daoine agus i gcás nach dtéann iarmhair na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgíoch lena mbaineann ar bhia nó ar bheatha thar an luach réamhshocraithe a shocraítear i gcomhréir le pointe (b) d'Airteagal 18(1) de Rialachán (CE) Uimh. 396/2005.

Faoin 14 Nollaig 2013, déanfaidh an Coimisiún dréacht de na bearta maidir le critéir shonracha eolaíochta chun airíonna réabtha iontálaigh a chinneadh, ar critéir iad atá le glacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 79(4), a thíolacadh don Bhuainchoiste um an mBiashlabhra agus um Shláinte Ainmhithe.

Go dtí go nglacfár na critéir sin, measfar go bhfuil airíonna réabtha iontálaigh ag substaintí atá le haicmiú nó nach mór iad a aicmiú, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar shubstaintí carcanaigineacha de chuid chatagóir 2 agus mar shubstaintí tocsaineacha don atáirgeadh de chuid chatagóir 2.

Ina theannta sin, féadfár a mheas go bhfuil airíonna réabtha iontálaigh den sórt sin ag substaintí amhail na cinn siúd atá le haicmiú nó nach mór iad a aicmiú, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar shubstaintí atá tocsaineach don atáirgeadh de chuid chatagóir 2 agus ag a bhfuil iarmhairtí tocsaineacha ar na horgáin iontálacha.

3.7. Cinniúint agus iompraíocht sa chomhshaol

- 3.7.1. Ní fhorhreasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin i gcás nach meastar gur truailléan orgánach marthanach (POP) é nó í.

Is é atá in POP ná aon substaint a chomhlíonann gach ceann de na trí chritéar sna pointí anseo thíos.

3.7.1.1. Marthanacht

Comhlíonann substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch an critéar maidir le marthanacht i gcás fianaise a bheith ann gur faide ná dhá mhí an t-am a thógtar i gcomhair dhíghrádúcháin 50 % (DT50) in uisce, nó gur faide ná sé mhí a DT50 in ithir, nó gur faide ná sé mhí a DT50 i ndríodar.

3.7.1.2. Bithbhailiú

Comhlíonann substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch an critéar maidir le bithbhailiú más rud é:

- go bhfuil fianaise ann gur mó ná 5 000 an fachtóir bitíúchana nó an fachtóir bithbhailithe atá aige nó aici i speicis uisceacha nó, d'uireasa sonraí den sórt sin, gur mó ná 5 an chomhéifeacht rannach n-ochtánól/uisce (log Ko/w), nó
- go bhfuil fianaise ann go bhfuil cúiseanna eile le hábhar imní ann maidir leis an tsustaint ghníomhach, leis an teorantóir nó leis an sineirgíoch amhail ardleibhéal bithbhailithe i speicis eile nach spriocspeicis iad, ardleibhéal tocsaineachta nó éiceatocsaineacht.

3.7.1.3. Cumas maidir le hiompar fadraoin comhshaoil:

Comhlíonann substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch an critéar maidir le hiompar fadraoin comhshaoil más rud é:

- go bhféadfadh ábhar imní a bheith ann maidir le leibhéil thomhaiste den tsubstaint ghníomhach, den teorantóir nó den shinerigíoch i suímh atá i bhfad ón bhfoinse ónar scaoileadh é nó í,
- go léiríonn sonraí an fhaireacháin go bhféadfadh sé gur tharla iompar fadraoin comhshaoil i gcás na substainte gníomhaí, an teorantóra nó an tsineirgígh, trí mheán aeir, uisce nó speiceas imirceach, agus go raibh an cumas ann, mar gheall ar an iompar sin, go dtarlódh aistriú chuig comhshaoil glactha, nó
- go léiríonn airíonna ciniúna comhshaoil agus/nó samhail-torthaí go bhfuil cumas sa tsubstaint ghníomhach, sa teorantóir nó sa sineirgíoch maidir le hiompar fadraoin comhshaoil trí mheán aeir, uisce nó speiceas imirceach, agus go bhfuil an cumas ann, mar gheall ar an iompar sin, go dtarlódh aistriú chuig comhshaoil glactha i suímh atá i bhfad ón bhfoinse ónar scaoileadh iad. I gcás substainte gníomhaí, teorantóra nó sineirgígh a dhéanann imirce shuntasach trí mheán an aeir, is é a bheidh ina DT50 in aer ná tréimhse is faide ná dhá lá.

3.7.2. Ní fhorghéasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin más rud é nach meastar gur substaint mharthanach bhithbhailitheach thocsaineach (PBT) é nó í.

Is é atá i substaint PBT ná aon substaint a chomhlíonann gach ceann de na trí chritéar sna pointí anseo thíos.

3.7.2.1. Marthanacht

Comhlíonann substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch an critéar maidir le marthanacht más rud é:

- gur faide ná 60 lá an leathré in uisce mara;
- gur faide ná 40 lá an leathré in bhfionnuisce nó in uisce inbhir;
- gur faide ná 180 lá an leathré i ndríodar muirí;
- gur faide ná 120 lá an leathré i ndríodar fionnuisce nó in uisce inbhir, nó
- gur faide ná 120 lá an leathré in ithir.

Déanfar an measúnú ar mharthanacht sa chomhshaoil a bhunú ar na sonraí leathré atá ar fáil agus a bhailítear faoi dhálaí iomchuí agus tabharfaidh an t-iarratasóir tuairisc ar na dálaí sin.

3.7.2.2. Bithbhailiú

Comhlíonann substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch na critéir maidir le bithbhailiú i gcás inarb airde ná 2 000 an fachtóir bitíúchana.

Déanfar an measúnú ar bithbhailiú a bhunú ar shonraí tomhaiste maidir le bitíúchan i speicis uisceacha. Féadfar sonraí maidir le speicis fhionnuisce agus speicis uisce mara araon a úsáid.

3.7.2.3. Tocsaineacht

Comhlíonann substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch an critéar maidir le tocsaineacht más rud é:

- i gcás orgánach muirí nó fionnuisce, gur lú ná 0,01 mg/l an tiúchan i gcás tiúchana nach mbreathnaítear aon iarmhairt ina leith thar théarma fada,
- go n-aicmítear an tsubstaint mar charcanaigineach (catagóir 1A nó catagóir 1B), mar shó-ghineach (catagóir 1A nó catagóir 1B), nó mar thocsaineach don atáirgeadh (catagóir 1A, catagóir 1B, nó catagóir 2) de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, nó
- go bhfuil fianaise eile ann i leith tocsaineachta ainsealaí, mar a shainaithnítear sna haicmiúcháin seo a leanas: STOT RE 1 nó STOT RE 2 de bhun Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008.

3.7.3. Ní fhorghéasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin más rud é nach meastar gur substaint an-mharthanach agus an-bhithbhailitheach (vPvB) é nó í.

Is é atá i substaint vPvB ná aon substaint a chomhlíonann an dá chritéar sna pointí anseo thíos.

3.7.3.1. Marthanacht

Comhlíonann substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch an critéar maidir le 'an-mharthanach' más rud é:

- gur faide ná 60 lá an leathré in uisce mara, i bhfionnuisce nó in uisce inbhir,
- gur faide ná 180 lá an leathré i ndríodar uisce mara, i ndríodar fionnuisce nó i ndríodar uisce inbhir, nó
- gur faide ná 180 lá an leathré in ithir.

3.7.3.2. Bithbhailiú

Comhlíonann substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch an critéar maidir le 'an-bhithbhailitheach' más rud é gur mó ná 5 000 an fachtóir bitíúchana.

3.8. Éiceatocsaineolaíocht

3.8.1. Ní hormheasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin más rud é go léireoidh an measúnú riosca go bhfuil na rioscaí inghlactha i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sna prionsabail aonfhoirmeacha maidir le meastóireacht agus údarú a dhéanamh i ndáil le táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 29(6) faoi dhálaí réalaiócha na húsáide a bheartaítear do tháirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach, an teorantóir nó an sineirgíoch. Agus measúnú á dhéanamh, ní mór go gcuirfear san áireamh déine na n-iarmhairtí, neamhchinnteacht na sonraí, agus líon na ngrúpaí orgánaigh ar dóigh go ndéanfar difear dochrach dóibh de bharr na húsáide a bheartaítear don tsubstaint ghníomhach, don teorantóir nó don sineirgíoch.

3.8.2. Ní hormheasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin más rud é, ar bhonn measúnaithe ar threoirlínte tástála an Chomhphobail nó ar threoirlínte tástála arna n-aontú go hidirnáisiúnta, nach meastar go bhfuil airíonna réabtha iontálaigh aige nó aici a d'fhéadfadh bheith ina gcúis le hiarmhairtí dochracha ar orgánaigh nach spriocorgánaigh iad mura rud é gur de réir leibhéil neamhbhríoch a thagann orgánaigh nach spriocorgánaigh iad faoi lé na substaintí gníomhaí sin i dtáirgí cosanta plandaí faoi dhálaí réalaiócha a bheartaítear dá úsáid.

3.8.3. Ní hormheasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch, ach amháin más rud é, tar éis measúnaithe riosca iomchuí ar bhonn threoirlínte tástála an Chomhphobail nó ar bhonn threoirlínte arna n-aontú go hidirnáisiúnta, go suitear an méid seo a leanas maidir le táirgí cosanta plandaí ina bhfuil an tsubstaint ghníomhach, an teorantóir nó an sineirgíoch a úsáid faoi na dálaí a bheartaítear dá n-úsáid:

- gur de réir leibhéil neamhbhríoch a thiocfaidh beacha meala faoina lé, nó
- nach bhfuil aon iarmhairtí neamh-inghlactha, géara nó ainsealacha ann ar fhadmharthain agus ar forbairt na coilíneachta, agus iarmhairtí ar larbhaí beach meala agus ar iompraíocht beach meala á gcur san áireamh.

3.9. Sainmhíniú ar iarmhar

Ní hormheasfar substaint ghníomhach, teorantóir nó sineirgíoch ach amháin más rud é, i gcás inarb iomchuí, gur féidir sainmhíniú ar iarmhar a bhunú chun críocha measúnaithe riosca agus chun críocha forfheidhmithe.

3.10. Cinniúint agus iompraíocht maidir le screamhuisce

Ní hormheasfar substaint ghníomhach ach amháin más rud é, i gcás úsáid ionadaíoch amháin nó níos mó, tar éis an táirgí cosanta plandaí a úsáid i gcomhréir le dálaí réalaiócha úsáide, go suitear go gcomhlíonann tiúchan tuartha na substaintí gníomhaí nó na meitibilítí, nó na dtáirgí díghrádúcháin nó imoibriúcháin sa screamhuisce, critéir na bprionsabal aonfhoirmeach, faoi seach, maidir le measúnú agus údarú táirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 29(6).

4. Substaint atá inbhreithnithe lena hionadú

Formheasfar substaint ghníomhach mar shubstaint atá inbhreithnithe lena hionadú de bhun Airteagal 24 má chomhlíontar aon cheann de na coinníollacha seo a leanas:

- gurb ísle go suntasach a ADI, ARfD nó AOEL ná mar is amhlaidh i gcás thromlach na substaintí gníomhacha formheasta laistigh de ghrúpaí substaintí/catagóirí úsáide,
- go gcomhlíonann sí dhá cheann de na critéir atá ann chun a mheas gur substaint PBT í,

- go bhfuil cúiseanna le hábhar inní ann maidir le cineál na n-iarmhairtí criticiúla (amhail iarmhairtí néarthocsaineacha nó imdhíontocsaineacha ar fhorbairt) ar iarmhairtí iad, in éineacht leis na pátrúin úsáide nó na pátrúin ar dá réir a thagtar faoi lé na substainte, a leanann staideanna úsáide astu a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hábhar inní fós, mar shampla, go bhféadfadh riosca ard a bheith i gceist don screamhuisce; fiú i gcás bearta an-sriantach bainistithe riosca a bheith ann (amhail trealamh fairsing pearsanta cosanta nó criosanna maolánacha atá an-mhór),
- go bhfuil cion suntasach isiméirí neamhghníomhacha inti,
- go bhfuil sí aicmithe nó go bhfuil sí le haicmiú, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar charcanaigineach chatagóir 1A nó chatagóir 1B, más rud é nár eisiadh an tsubstaint i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i bpointe 3.6.3,
- go bhfuil sí aicmithe nó go bhfuil sí le haicmiú, i gcomhréir le forálacha Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, mar thocsaineach don atáirgeadh de chuid chatagóir 1A nó chatagóir 1B, más rud é nár eisiadh an tsubstaint i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i bpointe 3.6.4,
- más rud é, ar bhonn measúnaithe ar threoirilínte tástála an Chomhphobail nó ar threoirilínte tástála arna n-aontú go hidirnáisiúnta nó ar shonraí agus faisnéis eile atá ar fáil, arna athbhreithniú ag an Údarás, go meastar go bhfuil airíonna réabtha iontálaigh aici nó aige a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hiarmhairtí dochracha i ndaoine más rud é nár eisiadh an tsubstaint i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos i bpointe 3.6.5.

5. Substaintí gníomhacha íseal-riosca

Ní mheasfar gur substaint a mbaineann riosca íseal léi í substaint i gcás ina bhfuil sí aicmithe nó le haicmiú i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 mar shubstaint amháin ar a laghad de na cineálacha seo a leanas:

- carcanaigineach,
- só-ghineach,
- tocsaineach don atáirgeadh,
- ceimiceáin íograitheacha,
- an-tocsaineach nó tocsaineach,
- pléascach,
- creimneach.

Ní mheasfar gur substaint í a mbaineann íseal-riosca léi ach oiread más rud é:

- gur substaint mharthanach í (leathré in ithir is faide ná 60 lá),
 - gurb airde an fachtóir bitíúchana ná 100,
 - go meastar í a bheith ina réabóir iontálaigh, nó
 - go bhfuil iarmhairtí néarthocsaineacha nó imdhíonthocsaineacha aige.
-

IARSCRÍBHINN III

Liosta na gcomhfhoirmleach nach bhfuil inghlactha mar chomhábhair i dtáirgí cosanta plandaí dá dtagraítear in Airteagal 27

IARSCRÍBHINN IV

Measúnú comparáideach de bhun Airteagal 50**1. Coinníollacha maidir le measúnú comparáideach**

I gcás ina ndéantar breithniú maidir le húdarú táirge cosanta plandaí a dhiúltú nó a tharraingt siar i bhfabhar táirge cosanta plandaí eile nó modha neamhcheimicigh eile rialaithe nó coiscithe, dá ngairtear 'ionadú', ní mór, i bhfianaise an eolais eolaíoch agus theicniúil, go léireoidh an táirge nó an modh eile sin gur lú go mór an riosca a bhaineann leis don tsláinte nó don chomhshaol. Déanfar measúnú ar an táirge nó ar an modh eile sin chun a léiriú an féidir nó nach féidir é a úsáid ar an spriocorgánach agus iarmhairt den tsamhail chéanna a bheith ann dá bharr sin agus gan míbhuntáistí suntasacha de chineál eacnamaíoch nó praiticiúil don úsáideoir.

Seo a leanas tuilleadh coinníollacha maidir le húdarú a dhiúltú nó a tharraingt siar:

- (a) ní dhéanfar ionadú ach amháin i gcás inar leor modhanna eile nó éagsúlacht cheimiceach na substaintí gníomhacha chun friotaíocht sa spriocorgánach a íoslaghdú;
- (b) ní dhéanfar ionadú ach amháin i gcás táirgí consanta plandaí lena mbaineann riosca i bhfad níos suntasaí do shláinte an duine nó don chomhshaol agus iad in úsáid; agus
- (c) ní dhéanfar ionadú ach amháin tar éis lamháil a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht, más gá, go bhfaighfear taithí ó úsáid phraiticiúil na substainte, mura bhfuil an taithí sin ar fáil cheana.

2. Difríocht shuntasach maidir leis an riosca

Is iad na húdarais inniúla a shainithneoidh, de réir gach cáis ar leith, an bhfuil difríocht shuntasach ann maidir leis an riosca. Cuirfear san áireamh airíonna na substainte gníomhaí agus airíonna an táirge cosanta plandaí, agus an fhéidearthacht atá ann go dtiocfaidh foghrúpaí éagsúla daonra faoina lé (úsáideoirí gairmiúla nó neamhghairmiúla, seallaigh, oibrithe, cónaitheoirí, grúpaí sonracha soghonta nó tomhaltóirí) go díreach nó go neamhdhíreach, trí bhia, trí bheatha, trí uisce nó tríd an gcomhshaol. Breithneofar nithe eile freisin amhail déine na srianta a fhorchuirtear maidir le húsáid, agus an trealamh cosanta pearsanta a fhorordaítear.

I gcás an chomhshaoil, más ábhartha, meastar difríocht shuntasach maidir leis an riosca a bheith ann nuair atá fachtóir 10 ar a laghad ann don chóimheas toscaineachta/teacht faoi lé (TER) i gcás táirgí éagsúla cosanta plandaí.

3. Míbhuntáistí suntasacha praiticiúla nó eacnamaíocha

Déantar míbhuntáiste suntasach praiticiúil nó eacnamaíoch don úsáideoir a shainmhíniú mar mhórlagú inchainníoch-taithe ar chleachtais oibre nó ar ghníomhaíocht ghnó as a leanann éagumas chun leanúint de rialú leordhóthanach a dhéanamh ar an spriocorgánach. Mar shampla, d'fhéadfadh sé gurb é atá sa mhórlagú sin ná gan aon saoráidí teicniúla a bheith ar fáil i gcomhair úsáid an mhalartaigh nó gan saoráidí den sórt sin a bheith inchurtha i bhfeidhm go heacnamúil.

I gcás ina léiríonn measúnú comparáideach go bhféadfadh srianta agus/nó toirmeasc ar úsáid táirge cosanta plandaí a bheith ina gcúis le míbhuntáiste den sórt seo, cuirfear an méid sin san áireamh sa phróiseas cinnteoireachta. Ní mór bunús a thabhairt maidir le staid den sórt sin.

Cuirfidh an measúnú comparáideach mionúsáidí údaraithe san áireamh.

IARSCRÍBHINN V

Treoracha aisghairthe agus leasuithe comhleánúnacha a rinneadh orthu, dá dtagraítear in Airteagal 83

A. Treoir 91/414/CEE

Gníomhartha lena leasaítear Treoir 91/414/CEE	Spriodhata don trasuí
Treoir 93/71/CEE	3 Lúnasa 1994
Treoir 94/37/CE	31 Iúil 1995
Treoir 94/79/CE	31 Eanáir 1996
Treoir 95/35/CE	30 Meitheamh 1996
Treoir 95/36/CE	30 Aibreán 1996
Treoir 96/12/CE	31 Márta 1997
Treoir 96/46/CE	30 Aibreán 1997
Treoir 96/68/CE	30 Samhain 1997
Treoir 97/57/CE	1 Deireadh Fómhair 1997
Treoir 2000/80/CE	1 Iúil 2002
Treoir 2001/21/CE	1 Iúil 2002
Treoir 2001/28/CE	1 Lúnasa 2001
Treoir 2001/36/CE	1 Bealtaine 2002
Treoir 2001/47/CE	31 Nollaig 2001
Treoir 2001/49/CE	31 Nollaig 2001
Treoir 2001/87/CE	31 Márta 2002
Treoir 2001/99/CE	1 Eanáir 2003
Treoir 2001/103/CE	1 Aibreán 2003
Treoir 2002/18/CE	30 Meitheamh 2003
Treoir 2002/37/CE	31 Lúnasa 2003
Treoir 2002/48/CE	31 Nollaig 2002
Treoir 2002/64/CE	31 Márta 2003
Treoir 2002/81/CE	30 Meitheamh 2003
Treoir 2003/5/CE	30 Aibreán 2004
Treoir 2003/23/CE	31 Nollaig 2003
Treoir 2003/31/CE	30 Meitheamh 2004
Treoir 2003/39/CE	30 Meán Fómhair 2004
Treoir 2003/68/CE	31 Márta 2004
Treoir 2003/70/CE	30 Samhain 2004
Treoir 2003/79/CE	30 Meitheamh 2004
Treoir 2003/81/CE	31 Eanáir 2005
Treoir 2003/82/CE	30 Iúil 2004
Treoir 2003/84/CE	30 Meitheamh 2004
Treoir 2003/112/CE	30 Aibreán 2005
Treoir 2003/119/CE	30 Meán Fómhair 2004
Rialachán (CE) Uimh. 806/2003	—

Gníomhartha lena leasaítear Treoir 91/414/CEE	Spriodhata don trasuí
Treoir 2004/20/CE	31 Iúil 2005
Treoir 2004/30/CE	30 Samhain 2004
Treoir 2004/58/CE	31 Lúnasa 2005
Treoir 2004/60/CE	28 Feabhra 2005
Treoir 2004/62/CE	31 Márta 2005
Treoir 2004/66/CE	1 Bealtaine 2004
Treoir 2004/71/CE	31 Márta 2005
Treoir 2004/99/CE	30 Meitheamh 2005
Treoir 2005/2/CE	30 Meán Fómhair 2005
Treoir 2005/3/CE	30 Meán Fómhair 2005
Treoir 2005/25/CE	28 Bealtaine 2006
Treoir 2005/34/CE	30 Samhain 2005
Treoir 2005/53/CE	31 Lúnasa 2006
Treoir 2005/54/CE	31 Lúnasa 2006
Treoir 2005/57/CE	31 Deireadh Fómhair 2006
Treoir 2005/58/CE	31 Bealtaine 2006
Treoir 2005/72/CE	31 Nollaig 2006
Treoir 2006/5/CE	31 Márta 2007
Treoir 2006/6/CE	31 Márta 2007
Treoir 2006/10/CE	30 Meán Fómhair 2006
Treoir 2006/16/CE	31 Eanáir 2007
Treoir 2006/19/CE	30 Meán Fómhair 2006
Treoir 2006/39/CE	31 Iúil 2007
Treoir 2006/41/CE	31 Eanáir 2007
Treoir 2006/45/CE	18 Meán Fómhair 2006
Treoir 2006/64/CE	31 Deireadh Fómhair 2007
Treoir 2006/74/CE	30 Samhain 2007
Treoir 2006/75/CE	31 Márta 2007
Treoir 2006/85/CE	31 Eanáir 2008
Treoir 2006/104/CE	1 Eanáir 2007
Treoir 2006/131/CE	30 Meitheamh 2007
Treoir 2006/132/CE	30 Meitheamh 2007
Treoir 2006/133/CE	30 Meitheamh 2007
Treoir 2006/134/CE	30 Meitheamh 2007
Treoir 2006/135/CE	30 Meitheamh 2007
Treoir 2006/136/CE	30 Meitheamh 2007
Treoir 2007/5/CE	31 Márta 2008
Treoir 2007/6/CE	31 Iúil 2007
Treoir 2007/21/CE	12 Nollaig 2007
Treoir 2007/25/CE	31 Márta 2008
Treoir 2007/31/CE	1 Meán Fómhair 2007

Gníomhartha lena leasaítear Treoir 91/414/CEE	Spriodhata don trasuí
Treoir 2007/50/CE	31 Bealtaine 2008
Treoir 2007/52/CE	31 Márta 2008
Treoir 2007/76/CE	30 Aibreán 2009
Treoir 2008/40/CE	30 Aibreán 2009
Treoir 2008/41/CE	30 Meitheamh 2009
Treoir 2008/45/CE	8 Lúnasa 2008
Treoir 2008/66/CE	30 Meitheamh 2009

B. Treoir 79/117/CEE

Gníomhartha lena leasaítear Treoir 79/117/CEE	Spriodhata don trasuí
Treoir 83/131/CEE	1 Deireadh Fómhair 1984
Treoir 85/298/CEE	1 Eanáir 1986
Treoir 86/214/CEE	—
Treoir 86/355/CEE	1 Iúil 1987
Treoir 87/181/CEE	1 Eanáir 1988 agus 1 Eanáir 1989
Treoir 87/477/CEE	1 Eanáir 1988
Treoir 89/365/CEE	31 Nollaig 1989
Treoir 90/335/CEE	1 Eanáir 1991
Treoir 90/533/CEE	31 Nollaig 1990 agus 30 Meán Fómhair 1990
Treoir 91/118/CEE	31 Márta 1992
Rialachán (CE) Uimh. 807/2003	—
Rialachán (CE) Uimh. 850/2004	—

RIALACHÁN (CE) Uimh. 1108/2009 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 21 Deireadh Fómhair 2009

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 i réimse na n-aeradróm, an bhainistithe aerthráchta agus na seirbhísí aerloingseoireachta agus lena n-aisghairtear Treoir 2006/23/CE

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 80(2) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ⁽¹⁾,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún ⁽²⁾,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagal 251 den Chonradh ⁽³⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

(1) Ina Theachtaireacht an 15 Samhain 2005 chuig an gComhairle, chuig Parlaimint na hEorpa, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún dar teideal Cúraimí Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa a leathnú – clár don bhliain 2010, d'fhógair an Coimisiún go bhfuil sé ar intinn aige cúraimí Ghníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (an Ghníomhaireacht) a leathnú de réir a chéile, d'fhonn dul i dtreo 'cur chuige córais iomláin', maidir le sábháilteacht agus idir-inoibritheacht aeradróm/aerfort, Seirbhísí Aerloingseoireachta (SAL) agus Bainistiú Aerthráchta (BAT).

(2) Is iomaí dúshlán a eascraíonn as fás leanúnach na heitlíochta san Eoraip, go háirithe i ndáil le príomhthosca sábháilteachta aeradróm agus BAT/SAL. Is gá, dá bhrí sin, bearta maolaithe riosca a bhunú chun sábháilteacht a áirithiú trí chur chuige comhchuibhithe iomlánaíoch ar fud na mBallstát.

⁽¹⁾ IO C 182, 4.8.2009, lch. 50.

⁽²⁾ IO C 120, 28.5.2009, lch. 52.

⁽³⁾ Tuairim ó Pharlaimint na hEorpa an 25 Márta 2009 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus Cinneadh ón gComhairle an 7 Meán Fómhair 2009.

(3) Is gá an méid atá bainte amach tríd an tionscnamh 'aerspás Eorpach aonair' a chomhlánú tríd an ngné sábháilteachta comhchuibhithe a bheidh le cur i bhfeidhm maidir le haeradróm agus BAT/SAL. Chuige sin, ba cheart an creat rialála sábháilteachta cuí a fhorbairt freisin maidir le teicneolaíochtaí nua a úsáid sa réimse seo.

(4) Ba cheart don Chomhphobal, i gcomhréir leis na caighdeáin agus leis na cleachtais mholta a socraíodh leis an gCoinbhinsiún ar Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta, arna shíniú in Chicago an 7 Nollaig 1944 (Coinbhinsiún Chicago), ceanglais fhíor-riachtanacha a leagan síos a bheadh infheidhme maidir le táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, aeradróm agus soláthar BAT/SAL; ceanglais fhíor-riachtanacha a bheadh infheidhme maidir le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le haeradróm a oibriú agus BAT/SAL a sholáthar; agus ceanglais fhíor-riachtanacha a bheadh infheidhme maidir le pearsanra agus táirgí a bhfuil baint acu le hoiliúint rialtóirí aerthráchta agus le measúnú liachta a dhéanamh orthu. Ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún na rialacha riachtanacha gaolmhara cur chun feidhme a fhorbairt.

(5) Á chur san áireamh go bhfuil seirbhísí ina ndéantar tion-scnamh agus próiseáil sonraí agus formáidiú agus soláthar sonraí chun críche aerloingseoireachta éagsúil le seirbhísí SAL mar atá sainmhínithe i Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an creat-Rialachán) ⁽⁴⁾ ba cheart don Choimisiún ceanglais shonracha a fhorbairt agus iad oiriúnaithe do sheirbhísí den sórt sin.

(6) Níorbh iomchuí go mbeadh na haeradróm uile faoi réir rialacha comhchoiteanna. Ba cheart, go háirithe, maidir le haeradróm nach bhfuil ar oscailt i gcomhair úsáide poiblí agus aeradróm a úsáidtear go formhór i gcomhair eitilte áineasa nó chun fónamh d'aeriompar tráchtála seachas i gcomhréir le nósanna imeachta um eitilt ionstraimíochta agus ag a bhfuil rúidbhealaí pábháilte ar lú ná 800 méadar a bhfad, go bhfanfaidís faoi rialú rialála na mBallstát gan aon oibleagáid a bheith ar Bhallstáit eile faoin Rialachán seo aitheantas a thabhairt do shocrúithe náisiúnta den sórt sin. Ba cheart do na Ballstáit, áfach, bearta comhréireacha a dhéanamh chun leibhéal sábháilteachta na heitlíochta áineasa agus an aeriompar tráchtála uile a mhéadú i gcoitinne. Déanfaidh an Coimisiún, in am agus i dtráth, athscrúdú i dtaobh an raon feidhme a leathnú chuig aeradróm atá eisiata faoi láthair ar mhodh modúlach, agus tabharfaidh sé aird iomlán ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith aige sin ar aeradróm den sórt sin.

⁽⁴⁾ IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.

- (7) Agus an éagsúlacht mhór aeradróm agus leibhéal ard leithleachas a mbonneagar agus a dtimpeallacht á gcur san áireamh, ba cheart go ndéanfaí foráil leis na rialacha coiteanna sábháilteachta aeradróim maidir leis an tsolúbthacht atá riachtanach i ndáil le comhlíonadh saincheaptha, trí chothromaíocht chuí idir rialacha cur chun feidhme, sonraíochtaí deimhniúcháin agus modhanna inghlactha maidir le comhlíonadh. Ba cheart go mbeadh na rialacha sin comhréireach le méid, trácht, catagóir agus castacht an aeradróim agus le cineál agus líon na n-oibríochtaí a sheoltar ann, agus ar an gcaoi sin seachnófar ualaí maorlathacha agus eacnamaíocha nach bhfuil gá leo go háirithe aeradróim bheaga nach bhfuil ach trácht paisinéirí an-teoranta acu.
- (8) Ba cheart bonneagar agus oibríochtaí aeradróim a dheimhniú trí dheimhniú aonair. Féadfaidh Ballstáitbonneagar agus oibríochtaí aeradróim a dheimhniú go leithleach, áfach. Sa chás sin, ba cheart go soláthródh an t-údarás céanna na deimhnithe. Féadfaidh oibreoirí a oibríonn níos mó ná aeradróm amháin, agus a bhfuil oibríochtaí lárnaigh cuí bunaithe acu, deimhniú aonair a iarraidh lena gclúdófaí na hoibríochtaí agus an bhainistíocht ag na haeradróim go léir atá faoina bhfreagracht.
- (9) Ba cheart táirgí, páirteanna agus fearais aerloingseoireachta, aeradróim agus a dtrealamh, oibreoirí atá bainteach le haeriompar tráchtála agus le hoibriú aeradróm, córais agus soláthraithe BAT/SAL, chomh maith le píolótaí agus rialtóirí aerthrachta, agus pearsana, táirgí agus eagraíochtaí atá bainteach lena n-oiliúint agus lena gcur faoi mheasúnú liachta, a bheith deimhnithe nó ceadúnaithe a luaithe a shuifear go gcomhlíonann siad na ceanglais fhíor-riachtanacha a leagfaidh an Comhphobal síos i gcomhréir le caighdeáin agus cleachtais mholta a socraíodh le Coinbhinsiún Chicago. Ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún na rialacha cur chun feidhme a bhfuil gá leo a fhorbairt chun na coinníollacha maidir le heisiúint deimhnithe a bhunú nó chun na coinníollacha a bhunú maidir le dearbhú inniúlachta a chur in ionad an deimhnithe, agus na rioscaí a ghabhann leis na cineálacha éagsúla oibríochtaí nó seirbhísí á gcur san áireamh.
- (10) Níor cheart rialacha cur chun feidhme a bhaineann le dearadh, monarú agus cothabháil córas agus comhpháirteanna BAT/SAL, agus, chomh maith leis sin, a bhaineann le heagraíochtaí a dhéanann an dearadh, an monarú agus an chothabháil, a leagan síos ach amháin nuair a bhaineann siad le saincheisteanna is sonrach don tsábháilteacht arna sainathint tar éis staidéar mionsonraithe um measúnú tionchair a dhéanamh.
- (11) Tá sé beartaithe ag an gCoimisiún tús a chur, in am trátha, le scrúdú ar an bhfeidearthacht agus ar an riachtanas a bhaineann le comhlachtaí creidiúnaithe a thabhairt isteach chun córais BAT/SAL a dheimhniú agus le meastóireacht ar na roghanna agus ar na tionchair uile a d'fhéadfadh a bheith ann. D'fhéadfadh an Coimisiún, i gcás inarbh iomchuí, togra a dhéanamh chun an Rialachán seo a athbhreithniú tuilleadh ar bhonn measúnaithe tionchair iomláin.
- (12) Faoi chóras institiúideach an Chomhphobail, is ar na Ballstáit go príomha atá an fhreagracht maidir le dlí an Chomhphobail a chur chun feidhme. Dá bhrí sin, tá na cúraimí deimhniúcháin a éiltear faoin Rialachán seo agus faoi rialacha cur chun feidhme an Rialacháin seo le forghníomhú ar an leibhéal náisiúnta. I gcásanna áirithe a shaineofar go soiléir, áfach, ba cheart go gcumhachtófaí don Ghníomhaireacht cúraimí deimhniúcháin a sheoladh mar a shonraítear sa Rialachán seo. Ba cheart go mbeadh cead ag an nGníomhaireacht, ar an ábhar céanna, na bearta is gá a bhaineann leis na réimsí atá clúdaithe leis an Rialachán seo a ghlacadh i gcás inarb é sin an modh is fearr chun an aonfhoirmeacht a áirithiú agus chun oibriú an mhargaidh inmheánaigh a éascú.
- (13) Ba cheart na rialacha cur chun feidhme atá le forbairt ag an nGníomhaireacht i réimse BAT/SAL a ullmhú i gcomhréir le torthaí phróiseas comhairliúcháin na Gníomhaireachta ar bhonn ar cheart a chur in oiriúint do gheallsealbhoirí nua, agus ba cheart go gcuirfidís na forálacha Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le soláthar seirbhísí aerloingseoireachta san Aerspás Eorpach Aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí) ⁽¹⁾, Rialachán CE Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san Aerspás Eorpach aonair (an Rialachán aerspáis) ⁽²⁾, Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um Bainistiú Aerthrachta (an Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht) ⁽³⁾, agus go háirithe Ceanglais Rialála Eurocontrol um Shábháilteacht mar atá arna dtrasuí. Ba cheart don Choimisiún rialacha cur chun feidhme den sórt sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin a leagtar amach in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004. Ba cheart sásraí idir-thréimhseacha a cheapadh chun foráil a dhéanamh maidir le leanúnachas na bhformheasanna a deonaíodh cheana féin faoi rialacha na Rialachán sin.
- (14) Áirítear forálacha maidir le roinnt feidhmeanna rialála BAT i Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, i Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, i Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 agus i Rialachán (CE) Uimh. 552/2004, amhail idir-inoibritheacht agus bainistiú sreabh aerthrachta agus an aerspáis ach gan a bheith teoranta dóibh sin. Baineann na réimsí sin uile le gnéithe sábháilteachta ar gá aghaidh a thabhairt orthu go cuí. Dá bhrí sin, le linn rialáil a dhéanamh ar na hábhair seo, ba cheart do na Ballstáit agus don Choimisiún a áirithiú go gclúdófaí gnéithe sábháilteachta den sért seo go cuí trí chomhordú iomchuí a dhéanamh leis an nGníomhaireacht.
- (15) Is cuspóir ginearálta é go ndéanfaí aistriú feidhmeanna agus cúraimí ó na Ballstáit, lena n-áirítear na feidhmeanna agus na cúraimí sin a eascraíonn as an gcomhar idir na Ballstáit trí Choimisiún Rialála Sábháilteachta Eurocontrol, chuig an nGníomhaireacht a chur i gcrích ar bhealach éifeachtúil, gan aon laghdú ar na hardleibhéil sábháilteachta atá ann faoi láthair agus gan aon tionchar diúltach ar na sceidil deimhniúcháin. Ba cheart bearta iomchuí a ghlacadh chun foráil a dhéanamh maidir leis an athrú is gá. Ba cheart go mbeadh acmhainní leordhóthanacha ag an nGníomhaireacht maidir lena cúraimí nua agus ba cheart go mbeadh uainiú agus leithdháileadh na n-acmhainní sin bunaithe ar riachtanas sainmhínithe agus ar sceideal maidir le glacadh agus infheidhmeacht faoi seach na rialacha gaolmhara cur chun feidhme.

⁽¹⁾ IO L 96, 31.3.2004, lch. 10.

⁽²⁾ IO L 96, 31.3.2004, lch. 20.

⁽³⁾ IO L 96, 31.3.2004, lch. 26.

- (16) Le Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽¹⁾, bunaítear creat cuí cuimsitheach chun ceanglais theicniúla choiteanna agus nósanna imeachta riaracháin coiteanna i réimse na heitlíochta sibhialta a shainiú agus a chur chun feidhme. Ba cheart, dá bhrí sin, go n-aisghairfí Treoir 2006/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le ceadúnas Comhphobail i gcomhair rialtóirí aerthráchta ⁽²⁾, ach sin gan dochar do dheimhniú nó do cheadúnú táirgí, pearsan agus eagraíochtaí a rinneadh cheana féin i gcomhréir leis an dTreoir sin.
- (17) Maidir le gairmeacha nach bhfuil clúdaithe faoin Rialachán seo a rialáil, ba cheart go gcoinneofaí inniúlacht na mBallstát maidir le ceanglais deimhniúcháin nó ceadúnúcháin an pheasanra, inter alia, a bhunú nó a chothabháil dá rogha féin.
- (18) Ba cheart na rialacha cur chun feidhme atá le forbairt ag an nGníomhaireacht i réimse BAT/SAL a fhorbairt i gcomhthéacs athbhreithnithe chuimsithigh ar na ceanglais sábháilteachta sa reachtaíocht faoin aerspás Eorpach aonair, eadhon Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004. Chun dúblú i ndáil le ceanglais sábháilteachta atá infheidhme maidir le seirbhísí BAT/SAL a sheachaint agus, os a choinne sin, chun folús dlíthiúil gan ceanglais sábháilteachta infheidhme a sheachaint, ba cheart go mbeadh dáta theacht i bhfeidhm na leasuithe ar an reachtaíocht faoin aerspás Eorpach aonair i gcomhréir leis na leasuithe ar na bearta nua sábháilteachta a dhéantar faoin Rialachán seo.
- (19) Maidir leis na bearta is gá chun an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart go nglacfaí iad i gcomhréir le Cinneadh 1999/468/CE ón gComhairle an 28 Meitheamh 1999 ag leagan síos na nósanna imeachta maidir le feidhmiú na gcumhachtaí cur chun feidhme arna dtabhairt don Choimisiún. ⁽³⁾
- (20) Ba cheart, go háirithe, go gcumhachtófaí don Choimisiún rialacha cur chun feidhme a ghlacadh maidir le ceadúnú rialtóirí aerthráchta agus formheasanna gaolmhara, maidir le haeradróim agus oibríochtaí aeradróm, maidir le bainistiú aerthráchta agus seirbhísí aerloingseoireachta, agus maidir le deimhnithe gaolmhara, maoirseacht agus forfheidhmiú, agus go gcumhachtófaí dó rialachán a ghlacadh maidir le táill agus muirir na Gníomhaireachta. Os rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 a leasú, *inter alia* trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5a de Chinneadh 1999/468/CE.
- (21) Gan dochar d'inniúlachtaí na mBallstát, d'fhéadfadh an Coimisiún, más gá, moltaí a dhéanamh don Chomhairle

chun creat comhordúcháin a bhunú idir an Comhphobal agus an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) i ndáil le hiniúchtaí sábháilteachta, d'fhonn dúbailt a sheachaint agus ar mhaithe le hacmhainní a úsáid go héifeachtúil.

- (22) Agus rialacha sábháilteachta á ndréachtú, ba cheart don Gníomhaireacht rannpháirtíocht na bpáirtithe leasmhara uile a áirithiú. Ba cheart go mbeadh tuairimí ceaptha rialacha bunaithe ar chomhairliúchán lánsála leis na geallsealbhóirí go léir, lena n-áirítear na hoibreoirí is lú de chuid an tionscail, chomh maith lena mbunú ar mheasúnú cuí ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith acu ar na réimsí infheidhme. Mar a fhoráiltear i Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, ba cheart go rachadh an Gníomhaireacht i gcomhairle le comhlacht comhairleach na bpáirtithe leasmhara sula ndéanadh sí cinntí,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 216/2008 leis seo mar a leanas:

1. Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 1:

'Airteagal 1

Raon feidhme

1. Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis an méid seo leanas:

- (a) dearadh, táirgeadh, cothabháil agus oibriú táirgí, páirteanna agus fearas aerloingseoireachta, chomh maith le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le dearadh, táirgeadh agus cothabháil táirgí, páirteanna agus fearas den sórt sin;
- (b) an pearsanra agus na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le hoibriú aerárthaí;
- (c) dearadh, cothabháil agus oibriú aeradróm, chomh maith le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis na nithe sin agus, gan dochar do reachtaíocht Chomhphobail agus náisiúnta maidir leis an gcumhshaol agus maidir le pleanáil úsáide talún, coimirciú an limistéir thart ar aeradróim;
- (d) dearadh, táirgeadh agus cothabháil threalamh aeradróim, chomh maith le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis na nithe sin;
- (e) dearadh, táirgeadh agus cothabháil córas agus comhpháirteanna do bhainistiú aerthráchta agus seirbhísí aerloingseoireachta ("BAT/SAL"), chomh maith le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis na nithe sin;
- (f) BAT/SAL, chomh maith le pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu leis sin.

⁽¹⁾ IO L 79, 19.3.2008, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 114, 27.4.2006, lch. 22.

⁽³⁾ IO L 184, 17.7.1999, lch. 23.

2. Ní bheidh feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na nithe seo a leanas:

- (a) táirgí, páirteanna, fearais, pearsanra agus eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1(a) agus (b) agus iad ag gabháil do ghníomhaíochtaí nó do sheirbhísí míleata, custaim, póilíneachta, cuardaigh agus tarrthála, comhraic dóiteáin, garda cósta nó do ghníomhaíochtaí nó do sheirbhísí den tsamhail chéanna. Gabhfaidh na Ballstáit orthu féin a áirithiú go mbeidh aird chuí ag na gníomhaíochtaí nó na seirbhísí sin, a mhéid is indéanta, ar chuspóirí an Rialacháin seo;
- (b) aeradróim nó cuid díobh, mar aon le trealamh, pearsanra agus eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1(c) agus (d), atá faoi rialú agus á n-oibriú ag an arm;
- (c) BAT/SAL, lena n-áirítear córais agus comhpháirteanna, pearsanra agus eagraíochtaí dá dtagraítear i mír 1(e) agus (f), arna soláthar nó arna gcur ar fáil ag an arm; Gabhfaidh na Ballstáit orthu féin a áirithiú go ndéanfar aerárthaí dá dtagraítear i bpointe (a) den mhír seo, i gcás inarb iomchuí, a scaradh ó aerárthaí eile.

3. Áiritheoidh Ballstáit, a mhéid is indéanta, go gcuirfidh aon saoráidí míleata atá oscailte d'úsáid phoiblí agus dá dtagraítear i mír 2(b) nó seirbhísí a sholáthraíonn pearsanra míleata don phobal agus dá dtagraítear i mír 2(c), leibhéal sábháilteachta ar fáil atá chomh héifeachtach ar a laghad leis an leibhéal a éilítear leis na ceanglais bhunriachtanacha mar atá sainmhínithe in Iarscríbhinn Va agus in Iarscríbhinn Vb.;

2. Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (d):

‘(d) ciallóidh “páirteanna agus fearais” aon uirlis, aon trealamh, aon mheicníocht, aon pháirt, aon ghaireas, aon chomhghabhálas, aon bhogearra nó aon ghabhálas, lena n-áirítear trealamh cumarsáide, a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun aerárthach a oibriú nó a rialú le linn eitilte; áirítear leis sin páirteanna d’aerchabail, d’inneall nó de lián, nó trealamh a úsáidtear chun an t-aerárthach a ardú ón talamh;’

(b) cuirtear isteach an pointe seo a leanas:

‘(da) ciallóidh “comhpháirteanna BAT/SAL” aon chomhpháirt mar atá sainmhínithe in Airteagal 2(19) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 lena leagtar síos an creat chun an t-aerspás Eorpach aonair a chruthú (an Creat-rialachán) (*)

(*) IO L 96, 31.3.2004, lch. 1.;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (h):

‘(h) ciallóidh “oibreoir” aon duine dlítheanach nó aon duine nádúrtha a oibríonn aerárthach amháin nó níos mó, nó a oibríonn aeradróm amháin nó níos mó, nó a bheartaíonn aerárthach amháin nó níos mó nó aeradróm amháin nó níos mó a oibriú;’

(d) cuirtear na pointí seo a leanas leis:

‘(m) ciallóidh “aeradróm” limistéar sainithe (lena n-áirítear aon fhoirgnimh, suiteálacha agus trealamh) ar talamh nó ar uisce nó ar dhéanamhas fosaithe, ar dhéanamhas fosaithe amach ón gcósta nó ar dhéanamhas snámhach a bheartaítear a úsáid go hiomlán nó go páirteach i ndáil le teacht, imeacht agus gluaiseacht dromchla aerárthaí;

(n) ciallóidh “trealamh aeradróim” aon trealamh, aon ghaireas, aon chomhghabhálas, aon bhogearra nó aon ghabhálas, a úsáidtear nó a bheartaítear a úsáid chun rannchuidiú le hoibriú aerárthaí ag aeradróm;

(o) ciallóidh “naprún” limistéar sainithe atá beartaithe chun freastal ar aerárthaí chun críocha luchtaithe nó díluchtaithe paisinéirí, poist nó lasta, nó chun críocha breoslaithe, páirceála nó cothabhála;

(p) ciallóidh “seirbhís bainistíochta naprúin” seirbhís a sholáthraítear chun gníomhaíochtaí agus gluaiseacht aerárthaí agus feithiclí ar an naprún a bhainistiú;

(q) ciallóidh “BAT/SAL” na feidhmeanna bainistithe aerthrachta mar a shainítear iad in Airteagal 2(10) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, seirbhísí aerloingseoireachta mar a shainítear iad in Airteagal 2(4) den Rialachán sin agus seirbhísí arb é atá iontu sonraí a thionscnamh agus a phróiseáil agus sonraí a fhormáidiú agus a sholáthar d’aerthracht ginearálta chun críche aerloingseoireachta is sonrach don tsábháilteacht;

(r) ciallóidh “córas BAT/SAL” aon teaghlaim de threalamh a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta agus córais mar atá sainithe in Airteagal 2(39) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004.;

(s) ciallóidh “seirbhís faisnéise eitiltí” seirbhís a sholáthraítear ar mhaithe le comhairle agus faisnéis a thabhairt a bheidh úsáideach chun eitiltí a dhéanamh go sábháilte agus go héifeachtúil.;

3. in Airteagal 4, cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

‘3a. Maidir le haeradróim, lena n-áirítear trealamh, atá suite sa chríoch atá faoi réir fhorálacha an Chonartha, atá ar oscailt d’úsáid phoiblí agus a fhónann d’aeriompar tráchtála agus i gcás ina soláthraítear oibriúchtaí a úsáideann nósanna imeachta ionstraimíochta i ndáil le teacht agus imeacht, agus

(a) ag a bhfuil rúdbhealaí pábháilte ar 800 méadar nó níos mó a bhfad; nó

(b) a fhónann do héilecaptair amháin;

comhlíonfaidh siad an Rialachán seo. Comhlíonfaidh an pearsanra agus na heagraíochtaí a bhfuil baint acu le hoibriú na n-aeradróm sin an Rialachán seo.

3b. De mhaolú ar mhír 3a, féadfaidh Ballstáit cinneadh a dhéanamh aeradróm a dhíolmhú ó fhorálacha an Rialacháin seo, ar aeradróm é:

— a dhéileálann le líon paisinéirí nach mó ná 10 000 sa bhliain, agus

— a dhéileálann le líon gluaiseachtaí nach mó ná 850 in aghaidh na bliana ar gluaiseachtaí iad a bhaineann le hoibriúochtaí lasta.

Más rud é nach gcomhlíonfaidh díolúine den sórt sin ó Bhallstát cuspóirí sábháilteachta ginearálta an Rialacháin seo nó aon riail eile de chuid dhlí an Chomhphobail, glacfaidh an Coimisiún cinneadh i gcomhréir leis an nós imeachta coimirce dá dtagraítear in Airteagal 65(7) gan an díolúine i dtrácht a cheadú. I gcás den sórt sin, cúlghairfidh an Ballstát lena mbaineann an díolúine.

3c. Maidir le BAT/SAL a sholáthraítear in aerspás na críche a bhfuil feidhm ag an gConradh seo maidir leoleis, mar aon le haon aerspás eile ina ndéanann Ballstáit Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le heagrú agus úsáid aerspáis san Aerspás Eorpach aonair (an Rialachán aerspáis) (*) a chur i bhfeidhm, i gcomhréir le hAirteagal 1(3) den Rialachán sin, comhlíonfaidh siad an Rialachán seo. Maidir le córais agus comhpháirteanna, pearsanra agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le BAT/SAL den sórt seo a sholáthar, comhlíonfaidh siad an Rialachán seo.

(*) IO L 96, 31.3.2004, lch. 20.'

4. in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2, pointe (b) agus pointe (c):

'(b) féadfar ceanglas deimhniúcháin maidir le páirteanna agus fearais a leagan síos leis na bearta dá dtagraítear i mír 5. Déanfar na deimhnithe do pháirteanna agus d'fhearais a eisiúint nuair a bheidh sé léirithe ag an iarratasóir go gcomhlíonann na páirteanna agus na fearais na sonraíochtaí mionsonraithe aeracmhainneachta arna mbunú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha dá dtagraítear i mír 1;

(c) ní dhéanfar aon aerárthach a oibriú, mura bhfuil deimhniú bailí aeracmhainneachta aige. Eiseofar an

deimhniú nuair a bheidh sé léirithe ag an iarratasóir go bhfuil an t-aerárthach i gcomhréir leis an dearadh cineáil arna fhorhmeas ar a dheimhniú cineáil agus go dtaispeántar trí dhoiciméid ábhartha, imscrúduithe ábhartha agus tástálacha ábhartha go bhfuil an t-aerárthach i riocht a oibríthe go sábháilte. Beidh an deimhniú aeracmhainneachta sin bailí fad nach ndéanfar é a fhionraí, a chúlghairm ná a fhoirceannadh agus fad a dhéanfar an t-aerárthach a chothabháil i gcomhréir leis na ceanglais bhunriachtanacha i dtaca le haeracmhainneacht leantach agus a leagtar amach i bpointe 1.d d'Iarscríbhinn I, agus i gcomhréir leis na bearta arna nglacadh de bhun mhír 5.'

5. in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

'4. Beidh gá le deimhniú i gcás gach feiste oiliúna insamhalta eitle a úsáidfear chun píolótaí a oiliúint. Eiseofar an deimhniú nuair a bheidh sé léirithe ag an iarratasóir go gcomhlíonann an feiste na rialacha arna mbunú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn III.'

6. Leasaítear Airteagal 8 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Comhlíonfaidh oibriú aerárthaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(b) agus (c) na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn Vb.'

(b) leasaítear mír 5 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

'(a) na coinníollacha faoina ndéanfar aerárthach a oibriú i gcomhlíonadh na gceanglas bunriachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn Vb.'

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (g):

'(g) an chaoi a ndéanfaidh oibriúochtaí aerárthaí dá dtagraítear i bpointe (a)(ii), agus i bpointe (d) agus i bpointe (h) d'Iarscríbhinn II ceanglais bhunriachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn IV agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn Vb, a chomhlíonadh, nuair atá na haerárthaí á n-úsáid in aeriompar tráchtála.'

(c) i mír 6, cuirtear an fleasc seo a leanas leis:

'— cuirfidh siad na gnéithe sábháilteachta a bhaineann le BAT/SAL san áireamh';

7. cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

'Airteagal 8a

Aeradróim

1. Comhlíonfaidh aeradróim agus trealamh aeradróim, mar aon le hoibriú aeradróm, na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn Va, agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn Vb.

2. Déanfar comhlíonadh na gceanglas bunriachtanacha ag aeradróim, trealamh aeradróim agus oibriú aeradróm a shuíomh i gcomhréir leis an méid seo a leanas:

(a) beidh gá le deimhniú do gach aeradróm. Eiseofar an deimhniú agus deimhniúchán ar athruithe ar an deimhniú sin nuair a bheidh sé léirithe ag an iarratasóir go gcomhlíonann an t-aeradróm an bonn do deimhniúchán aeradróim a leagtar amach i bpointe (b), agus nuair nach bhfuil aon ghné nó tréith de chuid an aeradróim a fhágann nach bhfuil sé sábháilte é a oibriú. Clúdóidh an deimhniú an t-aeradróm, a chuid oibríochtaí agus an trealamh dá chuid a bhaineann le cúrsaí sábháilteachta;

(b) is é seo a leanas a bheidh mar bhonn do deimhniúchán aeradróim:

(i) na sonraíochtaí deimhniúcháin is infheidhme maidir leis an gcineál aeradróm;

(ii) na forálacha ar ina leith a glacadh le leibhéal coibhéiseach sábháilteachta, agus

(iii) na sonraíochtaí mionsonraithe speisialta teicniúla is gá nuair a fhágann gnéithe de dhearadh aeradróim áirithe nó an taithí oibríochta nach leor nó nach iomchuí aon cheann áirithe de na sonraíochtaí dá dtagraítear i bpointe (i) chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn Va;

(c) féadfar ceanglas deimhniúcháin maidir le trealamh aeradróim is sonrach don tsábháilteacht a leagan síos leis na bearta dá dtagraítear i mír 5. Déanfar an deimhniú don trealamh sin a eisiúint nuair a bheidh sé léirithe ag an iarratasóir go gcomhlíonann an trealamh na sonraíochtaí mionsonraithe arna mbunú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha dá dtagraítear i mír 1;

(d) léireoidh eagraíochtaí atá freagrach as aeradróim a oibriú a gcumas agus a n-acmhainn chun na freagrachtaí a ghabhann lena gcuid pribhléidí a chomhall. Déanfar an cumas agus an acmhainn sin a aithint trí dheimhniú dá dtagraítear i bpointe (a) a eisiúint. Féadfar iad a aithint freisin trí dheimhniú ar leithligh a eisiúint

má chinneann an Ballstát a bhfuil an t-aeradróm suite ann amhlaidh. Déanfar na pribhléidí a dheonaítear don eagraíocht dheimhnithe agus raon feidhme an deimhnithe, lena n-áirítear liosta aeradróm a bheidh le hoibriú, a shonrú ar an deimhniú;

(e) de mhaolú ar phointe (d), féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh cead ag soláthraithe seirbhísí bainistíochta napruin a gcumas agus a n-acmhainn a dhearbhu maidir leis na freagrachtaí a bhaineann leis na seirbhísí arna soláthar a chomhall.

3. Áiritheoidh na Ballstáit go bhfuil forálacha i bhfeidhm chun aeradróim a choimirciú i gcoinne gníomhaíochtaí agus forbairtí sa limistéar thart orthu a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le rioscaí neamh-inghlachta ar aerárthaí a úsáideann an t-aeradróm.

4. Déanfaidh oibreoirí aeradróim faireachán ar ghníomhaíochtaí agus ar fhorbairtí a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le rioscaí neamh-inghlachta ar an eitíocht sa limistéar thart ar aeradróim agus, laistigh dá n-inniúlacht, déanfaidh siad bearta maolaitheacha, de réir mar is iomchuí.

5. Maidir leis na bearta atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha de na ceanglais dá dtagraítear san Airteagal seo a leasú, trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 65(4).

Déanfar na nithe seo a leanas, go háirithe, a shonrú sna bearta sin:

(a) na coinníollacha faoina mbunófar an bonn don deimhniúchán a mbeidh feidhm aige maidir le haeradróm agus na coinníollacha faoina dtabharfar fógra don iarratasóir ina leith sin;

(b) na coinníollacha faoina mbunófar na sonraíochtaí mionsonraithe a mbeidh feidhm acu maidir le trealamh aeradróim agus na coinníollacha faoina dtabharfar fógra d'iarratasóir ina leith sin;

(c) na coinníollacha faoina ndéanfar deimhnithe aeradróim agus deimhnithe trealamh aeradróim, lena n-áirítear srianta oibríochta a bhaineann le dearadh sonrach an aeradróim, a eisiúint, a chothabháil, a leasú, a fhionraí nó a chúlghairm;

(d) na coinníollacha faoina ndéanfar aeradróm a oibriú i gcomhlíonadh na gceanglas bunriachtanach a leagtar síos in Iarscríbhinn Va, agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn Vb;

(e) na coinníollacha faoina ndéanfar na deimhnithe dá dtagraítear i mír 2(d) a eisiúint, a chothabháil, a leasú, a fhionraí nó a chúlghairm;

- (f) na freagrachtaí a bheidh ar shealbhóirí deimhnithe;
 - (g) na coinníollacha maidir le glacadh agus comhshó deimhnithe aeradróim arna n-eisiúint ag Ballstáit, lena n-áirítear bearta atá údaraithe cheana féin ag an mBallstát lena mbaineann ar bhonn claontaí fógartha ó fhorálacha Iarscríbhinn 14 a ghabhann le Coinbhinsiún Chicago roimh theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo;
 - (h) na coinníollacha maidir leis an gcinneadh gan díolúintí dá dtagraítear in Airteagal 4(3b) a cheadú, lena n-áirítear critéir maidir le haeradróim lasta, fógra a thabhairt d'aeradróim díolmhaithe agus maidir le hathbhreithniú a dhéanamh ar dhíolúintí deonaithe;
 - (i) na coinníollacha faoina dtoirmiscfear nó faoina dteorannófar oibríochtaí nó faoina mbeidh siad faoi réir coinníollacha áirithe ar mhaithe le sábháilteacht;
 - (j) na coinníollacha agus na nósanna imeachta don dearbhú a dhéanfaidh na soláthraithe seirbhísí dá dtagraítear i mír 2(e) agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta don mhaoirseacht a dhéanfar orthu.
6. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 5:
- (a) léireoidh siad an úrscothacht agus na cleachtais is fearr i réimse na n-aeradróm agus cuirfidh siad caighdeán agus cleachtais mholta ICAO atá infheidhme san áireamh;
 - (b) beidh siad comhréireach le méid, trácht, catagóir agus castacht an aeradróim agus le cineál agus líon na n-oibríochtaí ann;
 - (c) cuirfidh siad san áireamh an taithí in oibríocht aeradróim ar fud an domhain, agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil;
 - (d) fágfaidh siad go mbeifear in ann dul i ngleic láithreach leis na cúiseanna a cinneadh a bheith ann le tionóiscí agus le teagmhais thromchúiseacha.
 - (e) cuirfidh siad an tsolúbthacht riachtanach ar fáil maidir le comhlíonadh saincheaptha.

Airteagal 8b

BAT/SAL

1. Comhlíonfaidh soláthar BAT/SAL na ceanglais bhunriachtanacha a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb agus, a mhéid is indéanta, in Iarscríbhinn Va.
2. Beidh ceangal ar sholáthraithe BAT/SAL deimhniú a shealbhú. Eiseofar an deimhniú nuair a bheidh sé léirithe ag an soláthraí go bhfuil sé ar a chumas agus ar a acmhainn na freagrachtaí a ghabhann le príbléidí an tsoláthraí a

chomhall. Déanfar na príbléidí a dheonaítear agus raon feidhme na seirbhísí a sholáthrófar a shonrú ar an deimhniú.

3. De mhaolú ar mhír 2, féadfaidh na Ballstáit a chinneadh go mbeidh cead ag soláthraithe seirbhísí faisnéise eiltí a gcumas agus a n-acmhainn a dhearbhu maidir leis na freagrachtaí a bhaineann leis na seirbhísí a sholáthraítear a chomhall.

4. Féadfar, leis na bearta dá dtagraítear i mír 6, ceanglas deimhniúcháin a leagan síos maidir le heagraíochtaí a ghabhann do chórais agus do chomhpháirteanna BAT/SAL a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil, is córais agus comhpháirteanna is sonrach don tsábháilteacht. Eiseofar an deimhniú do na heagraíochtaí sin nuair a bheidh sé léirithe acu go bhfuil sé ar a gcumas agus ar a n-acmhainn na freagrachtaí a ghabhann lena gcuid príbléidí a chomhall. Déanfar na príbléidí a dheonaítear a shonrú ar an deimhniú.

5. Féadfar, leis na bearta dá dtagraítear i mír 6, ceanglas maidir le deimhniúcháin a leagan síos, nó de rogha air sin, ceanglas maidir le bailíochtú ag an soláthraí BAT/SAL, i ndáil le córais agus comhpháirteanna BAT/SAL is sonrach don tsábháilteacht. Eiseofar an deimhniú do na córais agus do na comhpháirteanna sin, nó bronnfar bailíochtú, nuair a bheidh sé léirithe ag an iarratasóir go gcomhlíonann na córais agus na comhpháirteanna na sonraíochtaí mionsonraithe arna mbunú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha dá dtagraítear i mír 1.

6. Maidir leis na bearta is gá chun an tAirteagal seo a chur chun feidhme, glacfad i gcomhreir leis an nós imeachta lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 5(3) de Rialachán (CE) Uimh. 549/2004.

Déanfar na nithe seo a leanas, go háirithe, a shonrú sna bearta sin:

- (a) na coinníollacha faoina soláthrófar BAT/SAL i gcomhlíonadh na gceanglas bunriachtanach a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn Va;
- (b) na coinníollacha faoina mbunófar na sonraíochtaí mionsonraithe a mbeidh feidhm acu maidir le córais agus comhpháirteanna BAT/SAL agus faoina dtabharfar fógra don iarratasóir ina leith sin;
- (c) na coinníollacha faoina ndéanfar na deimhnithe dá dtagraítear i mír 2 agus i mír 4 a eisiúint, a chothabháil, a leasú, a fhionraí nó a chúlghairm;
- (d) na freagrachtaí a bheidh ar shealbhóirí deimhnithe;

- (e) na coinníollacha agus na nósanna imeachta don dearbhú a dhéanfaidh na soláthraithe seirbhísí dá dtagraítear i mír 3 agus na coinníollacha agus na nósanna imeachta don mhaoirseacht a dhéanfar orthu;
 - (f) na coinníollacha faoina dtoirmiscfear nó faoina dteorannófar oibriúcháin nó faoina mbeidh siad faoi réir coinníollacha áirithe ar mhaithe le sábháilteacht.
7. Maidir leis na bearta dá dtagraítear i mír 6:
- (a) léireoidh siad an úrscothacht agus na cleachtais is fearr sa réimse BAT/SAL;
 - (b) beidh siad comhréireach le cineál agus castacht na seirbhísí a sholáthraítear;
 - (c) cuirfidh siad san áireamh an taithí BAT/SAL ar fud an domhain, agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil;
 - (d) forbrófar iad trí leas a bhaint, a mhéid is indéanta, as forálacha ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 549/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 550/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar san aerspás Eorpach aonair (an Rialachán maidir le soláthar seirbhísí (*), Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 agus Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Márta 2004 maidir le hidir-inoibritheacht an ghréasáin Eorpaigh um bainistiú aerthráchta (an Rialachán maidir le hidir-inoibritheacht (**)) agus déanfaidh siad foráil maidir le sásraí idirthréimhseacha chun leanúnachas a áirithiú i gcás deimhnithe a deonaíodh cheana faoi na Rialacháin sin; ar dtús, áireofar iontu forálacha sábháilteachta na Rialachán sin agus, nuair is iomchuí, i gcás leasuithe amach anseo, cuirfidh siad an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil is déanaí san áireamh;
 - (e) fágfaidh siad go mbeifear in ann dul i ngleic láithreach leis na cúiseanna a cinneadh a bheith ann le tionóiscí agus le teagmhais thromchúiseacha.

Airteagal 8c

Rialtóirí aerthráchta

1. Déanfaidh rialtóirí aerthráchta, chomh maith le daoine agus eagraíochtaí a bhfuil baint acu le hoiliúint, le tástáil, le seiceáil nó le measúnú liachta i dtaca le rialtóirí aerthráchta, na ceanglais bhunriachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb a chomhlíonadh.
2. Beidh de cheangal ar rialtóirí aerthráchta ceadúnas agus deimhniú liachta a shealbhú atá oiriúnach don tseirbhís a sholáthraítear.
3. Ní eiseofar an ceadúnas dá dtagraítear i mír 2 ach amháin nuair a bheidh sé léirithe ag an iarratasóir ar an gceadúnas go gcomhlíonann sé nó sí na rialacha a

bunaíodh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha maidir le heolas teoiriciúil, scil phraiticiúil, inniúlacht teanga agus taithí mar a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb iad.

4. Ní eiseofar an deimhniú liachta dá dtagraítear i mír 2 ach amháin nuair a chomhlíonann an rialtóir aerthráchta na rialacha a bunaíodh chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha maidir le feidhmiúlacht liachta mar a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb iad. Féadfaidh scrúdaitheoirí aerliachta nó ionaid aerliachta an deimhniú liachta a eisiúint.

5. Déanfar na pribhléidí a dheonófar don rialtóir aerthráchta agus raon feidhme an cheadúnais agus an deimhnithe liachta a shonrú ar an gceadúnas nó ar an deimhniú liachta sin.

6. Is trí dheimhniú a eisiúint a thabharfar aitheantas do chumas na n-eagraíochtaí a oiliúna rialtóirí aerthráchta, do chumas scrúdaitheoirí aerliachta agus do chumas ionad aerliachta na freagrachtaí a ghabhann lena gcuid pribhléidí a chomhall maidir le ceadúnais agus deimhnithe liachta a eisiúint.

7. Eiseofar deimhniú chuig eagraíochtaí oiliúna, chuig scrúdaitheoirí aerliachta agus chuig ionaid aerliachta i ndáil le rialtóirí aerthráchta a bhfuil léirithe acu go gcomhlíonann siad na rialacha arna mbunú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb. Déanfar na pribhléidí a dheonaítear leis an deimhniú a shonrú air.

8. Maidir le daoine atá freagrach as oiliúint phraiticiúil a sholáthar nó as scil rialtóirí aerthráchta a mheas, sealbhóidh siad deimhniú. Eiseofar an deimhniú nuair a bheidh sé léirithe ag an duine lena mbaineann go gcomhlíonann sé nó sí na rialacha arna mbunú chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais bhunriachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb. Déanfar na pribhléidí a dheonaítear leis an deimhniú a shonrú air.

9. Comhlíonfaidh feistí sintéiseacha oiliúna na ceanglais bhunriachtanacha ábhartha a leagtar amach in Iarscríbhinn Vb.

10. Maidir leis na bearta atá ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Airteagal seo a leasú trína fhorlíonadh, glacfar iad i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá dtagraítear in Airteagal 65(4).

Déanfar na nithe seo a leanas, go háirithe, a shonrú sna bearta sin:

- (a) na rátálacha agus na formhuinithe éagsúla do cheadúnais rialtóirí aerthráchta;

(b) na coinníollacha faoina ndéanfar ceadúnais, rátálacha agus formhuinthe do cheadúnais, deimhnithe liachta, formheasanna agus deimhnithe a eisiúint, a chothabháil, a leasú, a theorannú, a fhionraí nó a chúlghairm, agus na coinníollacha ar fúthu nach gá na deimhnithe sin ná na formheasanna sin a iarraidh, agus foráil á déanamh, ag an am céanna, maidir le sásraí idirthréimhseacha d'fhonn leanúnachas formheasanna agus deimhnithe a deonaíodh cheana a áirithiú;

(c) na pribhléidí a bheidh ag sealbhóirí ceadúnas, rátálacha agus formhuinthe do cheadúnais, deimhnithe liachta, formheasanna agus deimhnithe agus na freagrachtaí a bheidh orthu;

(d) na coinníollacha faoina nglacfar le ceadúnais rialtóirí aerthráchta agus faoina ndéanfar na ceadúnais sin a chomhshó chomh maith leis na coinníollacha faoina nglacfar le deimhnithe náisiúnta liachta agus faoina ndéanfar na deimhnithe sin a chomhshó ina ndeimhnithe liachta a bhfuil aitheantas acu i gcoitinne.

11. Léireoidh na bearta dá dtagraítear i mír 10 an úrscothacht, lena n-áirítear na cleachtais is fearr agus an dul chun cinn eolaíoch agus teicniúil, i réimse oiliúint na rialtóirí aerthráchta. Forbrófar i dtosach iad ar bhonn fhorálacha Treoir 2006/23/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Aibreán 2006 maidir le ceadúnas Comhphobail i gcomhair rialtóirí aerthráchta (**).

(*) IO L 96, 31.3.2004, lch. 10.

(**) IO L 96, 31.3.2004, lch. 26.

(***) IO L 114, 27.04.2006, lch. 22.;

8. Leasaítear Airteagal 9 mar seo a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Cloífidh na haerárthaí dá dtagraítear in Airteagal 4(1)(d), mar aon lena gcriúnna agus a n-oibríochtaí, leis na caighdeáin ICAO is infheidhme. A mhéid nach mbeidh aon chaighdeáin den sórt ar fáil, cloífidh na haerárthaí agus a n-oibríochtaí leis na ceanglais atá leagtha amach in Iarscríbhinn I, in Iarscríbhinn III agus in Iarscríbhinn IV agus, más infheidhme, in Iarscríbhinn Vb, fad agus nach bhfuil coinbhleacht ann idir na riachtanais seo agus cearta tríú tíortha i gcomhréir le coinbhinsiúin idirnáisiúnta.;

(b) cuirtear an pointe seo a leanas le mír 5:

'(e) go gcuirfear na gnéithe sábháilteachta a bhaineann le BAT/SAL san áireamh;

9. in Airteagal 10, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):

'1. Oibreoidh na Ballstáit, an Coimisiún agus an Ghníomhaireacht i gcomhar le chéile d'fhonn a áirithiú

go gcomhlíonfar an Rialachán seo agus a rialacha cur chun feidhme.'

10. Leasaítear Airteagal 11 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4 agus mhír 5:

'4. Go dtí go mbeidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 5(5), in Airteagal 7(6), agus in Airteagal 9(4) agus go dtí go rachaidh aon idirthréimhsí dá bhforáiltear leis na bearta sin in éag, agus gan dochar d'Airteagal 69(4), féadfar deimhnithe nach féidir a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo a eisiúint ar bhonn na rialachán náisiúnta is infheidhme.

5. Go dtí go mbeidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 8(5) agus go dtí go rachaidh aon idirthréimhsí dá bhforáiltear leis na bearta sin in éag, agus gan dochar d'Airteagal 69(4), féadfar deimhnithe nach féidir a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo a eisiúint ar bhonn na rialachán náisiúnta is infheidhme.;

(b) cuirtear isteach na míreanna seo a leanas:

'5a. Go dtí go mbeidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 8a(5) agus 8c(10) agus go dtí go rachaidh aon idirthréimhsí dá bhforáiltear leis na bearta sin in éag, agus gan dochar d'Airteagal 69(4), féadfar deimhnithe nach féidir a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo a eisiúint ar bhonn na rialachán náisiúnta is infheidhme.

5b. Go dtí go mbeidh feidhm ag na bearta dá dtagraítear in Airteagal 8b(6) agus go dtí go rachaidh aon idirthréimhsí dá bhforáiltear leis na bearta sin in éag, agus gan dochar d'Airteagal 69(4), féadfar deimhnithe féidir a eisiúint i gcomhréir leis an Rialachán seo a eisiúint ar bhonn na rialachán náisiúnta is infheidhme nó, más infheidhme, ar bhonn cheanglais ábhartha Rialachán (CE) Uimh. 2006/2005 ón gCoimisiún an 20 Nollaig 2005 lena leagtar síos ceanglais chomhchoiteanna maidir le seirbhísí aerloingseoireachta a sholáthar (*).

(*) IO L 335, 21.12.2005, lch. 13.'

11. cuirtear an mhír seo a leanas le hAirteagal 13:

'Ní dhéanfaidh eintitis cháilithe deimhnithe a eisiúint.;

12. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c) agus phointe (d) in Airteagal 18:

'(c) eiseoidh sí sonraíochtaí deimhniúcháin agus modhanna inghlachta comhlíonta, chomh maith le haon ábhar treorach, chun an Rialachán seo agus a rialacha cur chun feidhme a chur i bhfeidhm;

- (d) glacfaidh sí na cinntí iomchuí chun Airteagail 20, 21, 22, 22a, 22b, 23, 54 agus 55 a chur i bhfeidhm lena n-áirítear díolúintí a dheonú do shealbhóirí deimhnithe atá eisithe aici, ó na ceanglais shubstainteacha a leagtar síos sa Rialachán seo agus ina rialacha cur chun feidhme i gcás imthosca práinneacha oibríochtúla nach bhfuil súil leo nó riachtanais oibríochtúla ar feadh ré teoranta, fad agus nach gcuirfear isteach ar an leibhéal sábháilteachta, go ndéanfar iad ar feadh tréimhse nach faide ná dhá mhí, go gcuirfear in iúl don Choimisiún iad agus nach ndéanfar iad a athnuachan;

13. cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a) in Airteagal 19(2):

- ‘(a) sonraíochtaí deimhniúcháin agus modhanna inghlactha comhlíonta; agus’;

14. cuirtear isteach na hAirteagail seo a leanas:

‘Airteagal 22a

BAT/SAL

Maidir le BAT agus SAL dá dtagraítear in Airteagal 4(3c), déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) seolfaidh sí féin cigireachtaí agus iniúchtaí ar na heagraíochtaí a dheimhníonn sí, nó cuirfidh sí á seoladh iad trí údarais náisiúnta eitlíochta nó trí eintitis cháilithe náisiúnta;
- (b) eiseoidh sí deimhnithe eagraíochtaí atá lonnaithe lasmuigh den chríoch atá faoi réir fhorálacha an Chonartha, atá freagrach as seirbhísí a sholáthar in aerspás na críche a bhfuil feidhm ag an gConradh maidir leis;
- (c) eiseoidh sí agus athnuafaidh sí deimhnithe eagraíochtaí a sholáthraíonn seirbhísí pan-Eorpacha;
- (d) leasóidh sí, fionróidh sí nó cúlghairfidh sí an deimhniú ábhartha nuair nach mbeidh na coinníollacha faoinar eisíodh é á gcomhlíonadh a thuilleadh nó má mhainníonn sealbhóir an deimhnithe na hoibleagáidí a fhorchuirtear air leis an Rialachán seo nó lena chuid rialacha cur chun feidhme a chomhlíonadh.

Airteagal 22b

Deimhniúchán Rialtóirí Aerthráchta

Maidir leis na daoine agus leis na heagraíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 8c(1), déanfaidh an Ghníomhaireacht an méid seo a leanas:

- (a) déanfaidh sí féin imscrúduithe agus iniúchtaí ar na heagraíochtaí a dheimhníonn sí agus, nuair is iomchuí, ar a bpearsanra, nó cuirfidh sí á ndéanamh

iad trí údarais náisiúnta eitlíochta nó trí eintitis cháilithe náisiúnta;

- (b) eiseoidh sí agus athnuafaidh sí deimhnithe eagraíochtaí atá lonnaithe lasmuigh de chríoch na mBallstát agus a chuireann oiliúint ar rialtóirí aerthráchta agus, nuair is iomchuí, ar a bpearsanra;

- (c) leasóidh sí, fionróidh sí nó cúlghairfidh sí an deimhniú ábhartha nuair nach mbeidh na coinníollacha faoinar eisíodh é á gcomhlíonadh a thuilleadh, nó má mhainníonn an duine dlítheanach nó an duine nádúrtha a bhfuil an deimhniú ina sheilbh aige na hoibleagáidí a fhorchuirtear air leis an Rialachán seo nó lena rialacha cur chun feidhme a chomhlíonadh;

15. cuirtear an dáta ‘30 Samhain’ in ionad an dáta ‘30 Meán Fómhair’ in Airteagal 33(2)(c);

16. cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1 in Airteagal 44:

‘1. Féadfar achomharc a thionscnamh in aghaidh cinntí de chuid na Gníomhaireachta arna nglacadh de bhun Airteagail 20, 21, 22, 22a, 22b, 23, 55 nó 64.’;

17. cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2 in Airteagal 50:

‘2. Ní fhéadfar caingne chun neamhniú a dhéanamh ar chinntí de chuid na Gníomhaireachta, arna nglacadh de bhun Airteagail 20, 21, 22, 22a, 22b, 23, 55 nó 64, a thionscnamh os comhair Chúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach ach amháin tar éis úsáid a bheith bainte as na nósanna imeachta achomhairc uile laistigh den Ghníomhaireacht.’;

18. Leasaítear Airteagal 52 mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fomhíre i mír 1:

‘A luaite is féidir tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, bunóidh an Bord Bainistíochta nósanna imeachta trédhearcacha chun na tuairimí, na sonraíochtaí deimhniúcháin, na modhanna inghlactha comhlíonta agus an t-ábhar treorach dá dtagraítear in Airteagal 18(a) agus (c) a eisiúint.’;

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 2:

‘2. Nuair a dhéanann an Ghníomhaireacht tuairimí, sonraíochtaí deimhniúcháin, modhanna inghlactha comhlíonta agus ábhar treorach a bheidh le cur i bhfeidhm ag na Ballstáit a fhorbairt de bhun Airteagal 19, bunóidh sí nós imeachta chun dul i gcomhairle leis na Ballstáit. Féadfaidh sí, chuige sin, meitheal a bhunú a mbeidh gach Ballstát i dteideal saineolaí a ainmniú uirthi.’;

19. cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad abairte i mír 1 d'Airteagal 55:

Féadfaidh an Ghníomhaireacht féin na himscrúduithe uile is gá a dhéanamh ar ghnóthais i gcomhréir le hAirteagail 7, 20, 21, 22, 22a, 22b, 23 agus 24(2) a sheoladh nó féadfaidh sí iad a shannadh chuig údaráis náisiúnta eitlíochta nó ar eintitis cháilithe;

20. cuirtear isteach an tAirteagal seo a leanas:

'Airteagal 65a

Leasuithe

I gcomhréir le forálacha an Chonartha, molfaidh an Coimisiún go ndéanfar leasú ar Rialachán (CE) Uimh. 549/2004, ar Rialachán (CE) Uimh. 550/2004, ar Rialachán (CE) Uimh. 551/2004 agus ar Rialachán (CE) Uimh. 552/2004 chun ceanglais an Rialacháin seo a chur san áireamh;

21. cuirfear an méid seo a leanas in ionad theideal Iarscríbhinn V:

'Critéir le haghaidh eintiteas cáilithe dá dtagraítear in Airteagal 13 ("eintiteas cáilithe" nó "eintiteas");

22. Cuirtear isteach Iarscríbhinn Va agus Iarscríbhinn Vb mar a leagtar amach iad san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Aisghairtear leis seo Treoir 2006/23/CE.

Leanfaidh forálacha Threoir 2006/23/CE d'fheidhm a bheith acu, ar bhonn idirthréimhseach, go dtí dáta chur i bhfeidhm na mbearta dá dtagraítear in Airteagal 8c(10) de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, arna leasú leis an Rialachán seo.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an 20ú lá tar éis a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Déanfaidh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 8a(5) de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, arna leasú leis an Rialachán seo, a ghlacadh roimh an 31 Nollaig 2013. Beidh feidhm ag Airteagal 8a ó na dátaí a shonraítear sna bearta sin.

Déanfaidh an Coimisiún na bearta dá dtagraítear in Airteagal 8b(6) agus in Airteagal 8c(10) de Rialachán (CE) Uimh. 216/2008, arna leasú leis an Rialachán seo, a ghlacadh roimh an 31 Nollaig 2012. Beidh feidhm ag Airteagal 8b agus ag Airteagal 8c ó na dátaí a shonraítear sna bearta sin.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 21 Deireadh Fómhair 2009.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa

An tUachtarán

J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán

C. MALMSTRÖM

IARSCRÍBHINN

IARSCRÍBHINN Va

CEANGLAIS FHÍOR-RIACHTANACHA MAIDIR LE HAERADRÓIM

A — Saintréithe fisiceacha, bonneagar agus trealamh

1. *Limistéar gluaiseachta*

- (a) Beidh limistéar ainmnithe i ngach aeradróm ina bhféadfaidh aerárthaí tuirlingt agus éirí de thalamh, is limistéar a chomhlíonfaidh na coinníollacha seo a leanas:
- (i) beidh de thoisí agus de thréithe ag gabháil leis an limistéar seo a bheidh oiriúnach do na haerárthaí a bhfuil sé beartaithe go n-úsáidfí siad an tsaoráid sin;
 - (ii) beidh neart iompair sa limistéar seo, i gcás inarb iomchuí, ar leor é chun oibríochtaí atriallacha na n-aerárthaí atá beartaithe a iompar. Maidir leis na limistéir sin nach bhfuil oibríochtaí atriallacha beartaithe dóibh, ní gá go mbeadh sé d'acmhainn iontu ach an t-aerárthach féin a iompar;
 - (iii) beidh an limistéar seo deartha sa chaoi is go ndéanfar uisce a dhraenáil agus nach mbeidh uisce bodhar ina riosca do-ghlactha d'oibríochtaí na n-aerárthaí;
 - (iv) ní chruthóidh an fána ná na hathruithe i bhfána ar an limistéar seo riosca do-ghlactha d'oibríochtaí na n-aerárthaí;
 - (v) beidh saintréithe dromchla an limistéir tuirlingthe agus éirí de thalamh oiriúnach chun críocha úsáide na n-aerárthaí atá beartaithe.
 - (vi) beidh an limistéar seo saor ó nithe a d'fhéadfadh riosca do-ghlactha a chruthú d'oibríochtaí aerárthaí.
- (b) Sa chás go mbeidh níos mó ná limistéar ainmnithe amháin tuirlingthe agus éirí de thalamh ann, beidh siad leagtha amach sa chaoi is nach gcruthófar riosca do-ghlactha d'oibríochtaí na n-aerárthaí.
- (c) Beidh an limistéar ainmnithe tuirlingthe agus éirí de thalamh mórtimpeallaithe ag limistéir shainithe. Is éard atá beartaithe leis na limistéir seo aerárthaí a bheidh ag eitilt os a gcionn a chosaint le linn oibríochtaí éirí de thalamh nó oibríochtaí tuirlingthe nó na hiarmhairtí a mhaolú i gcás gearrthuirlingthe, nó i gcás imeacht ó thaobh nó imeacht ó dheireadh an limistéir éirí de thalamh agus tuirlingthe, agus comhlíonfaidh na limistéir sin na coinníollacha seo a leanas:
- (i) beidh toisí ag gabháil leis na limistéir seo a bheidh oiriúnach do na hoibríochtaí aerárthaí réamh-mheasta;
 - (ii) ní chruthóidh an fána ná na hathruithe i bhfána ar na limistéir seo riosca do-ghlactha d'oibríochtaí na n-aerárthaí.
 - (iii) coinneofar na limistéir seo saor ó nithe a d'fhéadfadh riosca do-ghlactha a chruthú d'oibríochtaí na n-aerárthaí. Níor chóir go gciallódh sé seo nach bhféadfaí trealamh sobhrise a lonnú sna limistéir sin, sa chás go mbeadh gá leis chun cuidiú le hoibríochtaí na n-aerárthaí.
 - (iv) maidir le gach ceann de na limistéir seo, beidh neart iompair acu atá dóthanach chun fónamh dá chuspóir.
- (d) Déanfar na limistéir sin in aeradróm, mar aon lena ngarthimpeallachtaí, a bheidh in úsáid ag aerárthaí agus iad á n-innliú nó á bpáirceáil, a dhearadh ionas go bhféadfar na haerárthaí a bhfuiltear ag súil ina leith go n-úsáidfí siad an tsaoráid áirithe lena mbaineann a oibriú go sábháilte faoi na dálaí go léir a bhfuil pleanáil déanta ina leith agus sásóidh siad na coinníollacha seo a leanas:
- (i) beidh neart iompair sna limistéir seo atá dóthanach chun oibríochtaí atriallacha na n-aerárthaí atá beartaithe a iompar, cé is moite de limistéir a mheastar nach n-úsáidfear iad ach go hócáideach agus nach gá go mbeidh sé d'acmhainn iontu ach an t-aerárthach féin a iompar.
 - (ii) déanfar na limistéir sin a dhearadh sa chaoi is go ndéanfar uisce a dhraenáil agus nach mbeidh uisce bodhar ina riosca do-ghlactha d'oibríochtaí na n-aerárthaí.

- (iii) ní chruthóidh an fána agus na hathruithe i bhfána ar na limistéir seo riosca do-ghlactha d'oibríochtaí na n-aerárthaí.
- (iv) beidh saintréithe dromchla na limistéar seo oiriúnach chun críocha úsáide na n-aerárthaí atá beartaithe;
- (v) déanfar na limistéir seo a choimeád saor ó nithe a d'fhéadfadh riosca do-ghlactha a chruthú do na haerárthaí. Níor chóir go gcuirfí cosc ar threalamh páirceála, a mbeadh gá leis don limistéar sin, a lonnú i suíomhanna sainaitheanta nó i gcriosanna sainaitheanta.
- (e) Déanfar bonneagar eile atá beartaithe chun críocha úsáide na n-aerárthaí a dhearadh sa chaoi is nach gcruthóidh úsáid an bhonneagair sin riosca do-ghlactha do na haerárthaí a bheidh á n-úsáid.
- (f) Beidh déanmhais, foirgnimh, limistéir threalaimh nó réimsí stórála lonnaithe agus deartha sa chaoi is nach gcruthófar riosca do-ghlactha d'oibríochtaí na n-aerárthaí.
- (g) Déanfar meáin oiriúnacha a sholáthar ionas nach bhféadfaidh daoine neamhúdaraith, feithiclí neamhúdaraith ná ainmhithe atá mór a ndóthain chun riosca do-ghlactha a chruthú d'oibríochtaí aerárthaí dul isteach sa limistéar gluaiseachta, ach sin gan dochar d'fhorálacha náisiúnta agus idirnáisiúnta a bhaineann le cosaint ainmhithe.

2. Glanspásanna ó chonstaicí

- (a) Déanfar bealaí nó limistéir isteach agus amach a bhunú chun aerárthaí atá ar tí tuirlingt in aeradróm, nó ar tí imeacht ó aeradróm a chosaint. Déanfaidh na bealaí nó na limistéir sin an glanspás riachtanach ó chonstaicí atá lonnaithe sa cheantar timpeall ar an aeradróm a sholáthar agus lánaírd á tabhairt ar na saintréithe fisiciúla áitiúla.
- (b) Beidh na glanspásanna sin ó chonstaicí oiriúnach don chéim den eitilt agus don chineál oibríochta atá á cur i gcrích. Déanfar an trealamh atá á úsáid chun suíomh an aerárthaigh a dhéanamh amach a chur san áireamh freisin.

3. Áiseanna amhairc agus neamhamhairc agus trealamh aeradróim

- (a) Beidh na háiseanna oiriúnach don chuspóir atá beartaithe dóibh, beidh siad inaitheanta agus déanfaidh siad faisnéis gan athbhrí a sholáthar d'úsáideoirí faoi na dálaí oibríochta go léir atá beartaithe.
- (b) Beidhmeoidh an trealamh aeradróim mar a bheidh beartaithe faoi na dálaí oibríochta réamh-mheasta. Ní dhéanfaidh trealamh aeradróim riosca do-ghlactha a chruthú do shábháilteacht eitlíochta faoi dhálaí oibríochta ná i gcás teipe.
- (c) Déanfar na háiseanna agus a gcóras soláthair cumhachta leictreachais a dhearadh sa chaoi is nach mbeidh sé mar thoradh orthu, i gcás teipe, go dtabharfar faisnéis mhí-oiriúnach, mhíthreorach nó uireasach d'úsáideoirí ná go gcuirfear isteach ar sheirbhís fhíor-riachtanach.
- (d) Déanfar meáin oiriúnacha cosanta a sholáthar chun damáiste d'áiseanna den sórt sin, nó cur isteach orthu, a sheachaint.
- (e) Ní chuirfidh foinsí radaíochta ná nithe gluaiseachta ná nithe seasta isteach ar fheidhmíocht na gcóras cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais aerloingseoireachta.
- (f) Déanfar faisnéis faoi oibriú agus faoi úsáid trealamh aeradróim a chur ar fáil don fhoireann ábhartha, lena n-áireofar cur síos soiléir ar na dálaí a d'fhéadfadh rioscaí do-ghlactha a chruthú maidir le sábháilteacht eitlíochta.

4. Sonraí aeradróim

- (a) Déanfar sonraí ábhartha maidir leis an aeradróm agus leis na seirbhísí atá ar fáil a bhunú agus a choimeád cothrom le dáta.
- (b) Beidh na sonraí cruinn, inléite, iomlán agus gan athbhrí. Déanfar leibhéil chuí sláine a choimeád.
- (c) Déanfar na sonraí a chur ar fáil do na húsáideoirí agus do na soláthraithe ábhartha ANS ar shlí thráthúil, agus modh cumarsáide atá slán agus gasta á úsáid.

B — Oibríochtaí agus bainistiú

1. Is é an t-oibreoir aeradróim atá freagrach as oibriú an aeradróim. Seo a leanas freagrachtaí an oibreora aeradróim:

- (a) beidh an acmhainn is gá ag an oibreoir aeradróim, go díreach nó faoi chonarthaí, chun oibriú sábháilte na n-aerárthaí ag an aeradróm a áirithiú. Áireofar ar na hacmhainní sin saoráidí, pearsanra, trealamh agus ábhar, doiciméadacht cúraimí, freagrachtaí agus nósanna imeachta, rochtain ar shonraí ábhartha agus coimeád taifead, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin;

- (b) déanfaidh an t-oibreoir aeradróim a fhíorú go mbeidh ceanglais Roinn A á gcomhlíonadh i gcónaí nó glacfaidh sé bearta iomchuí chun na rioscaí a bhaineann le neamhchomhlíonadh a mhaolú. Déanfar nósanna imeachta a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun na húsáideoirí go léir a chur ar an eolas ar shlí thráthúil maidir le bearta den sórt sin;
- (c) bunóidh an t-oibreoir aeradróim clár oiriúnach aeradróim maidir le bainistiú riosca ar fhiadhúlra agus cuirfidh sé an clár sin chun feidhme;
- (d) áiríteoidh an t-oibreoir aeradróim go ndéanfar gluaiseacht feithiclí agus gluaiseacht daoine sa limistéar gluaiseachta agus i limistéir eile oibríochta a chomhordú i gcomhar le gluaiseachtaí aerárthaí d'fhonn imbhuailtí nó damáiste d'aerárthaí a sheachaint;
- (e) áiríteoidh an t-oibreoir aeradróim go mbunófar nósanna imeachta, más iomchuí, chun go maolófar na rioscaí a bhaineann le hoibríochtaí aeradróim a tharlaíonn sa gheimhreadh, le linn drochaimsire, nuair a bhíonn laghdú ar léargas agus ar infheictheacht nó san oíche, agus go gcuirfear na nósanna imeachta sin chun feidhme;
- (f) déanfaidh an t-oibreoir aeradróim socruithe le heagraíochtaí ábhartha eile chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha seo a bhaineann le haeradróim ar bhonn leanúnach. Beidh ar áireamh i measc na neagraíochtaí seo, ach gan a bheith teoranta dóibh, oibreoirí aerárthaí, soláthraithe seirbhísí aerloingseoireachta, soláthraithe seirbhísí láimhseála ar an talamh agus eagraíochtaí eile a bhféadfadh a ngníomhaíochtaí nó a dtáirgí difear a dhéanamh do shábháilteacht aerárthaí;
- (g) áiríteoidh an t-oibreoir aeradróim, bíodh sin uaidh féin nó trí chonarthaí le tríú páirtithe, go mbeidh nósanna imeachta ann chun breosla nach bhfuil éillithe agus atá ceart de réir na sonraíochta a sholáthar d'aerárthaí;
- (h) cuirfear lámhleabhair maidir le cothabháil trealamh aeradróim ar fáil, beidh na lámhleabhair sin i bhfeidhm i gcleachtas agus clúdófar iontu treoracha cothabhála agus deisiúcháin, faisnéis maidir le seirbhísí, fabhtcheartú agus nósanna imeachta cigireachta;
- (i) bunóidh an t-oibreoir aeradróim plan éigeandála don aeradróm, lena gclúdófar cásanna éigeandála a d'fhéadfadh titim amach ag an aeradróm nó ina thimpeallacht, agus cuirfidh sé an plan sin chun feidhme. Déanfar an plan sin a chomhordú, de réir mar is cuí, i gcomhar le plan éigeandála an phobail áitiúil;
- (j) áiríteoidh an t-oibreoir aeradróim go soláthrófar seirbhísí tarrthála agus dóiteáin aeradróim leormhaithe. Déanfaidh na seirbhísí sin freagairt do theagmhais nó do thionóisc go pras agus cuimseoidh siad, ar a laghad, trealamh, oibreáin mhúchta dóiteáin agus líon dóthanach pearsanra;
- (k) déanfaidh an t-oibreoir aeradróim pearsanra cuícháilithe agus cuí-oilte, agus iad sin amháin, a fhostú i gcomhair oibríochtaí aeradróim agus oibríochtaí cothabhála agus déanfaidh sé clár oiliúna agus seiceála a chur chun feidhme agus a chothabháil chun a áirithiú go leanfaidh an pearsanra ábhartha uile de bheith inniúil;
- (l) áiríteoidh an t-oibreoir aeradróim go mbeidh aon duine a gceadaítear rochtain gan tionlacan dó ar limistéar gluaiseachta nó ar limistéir oibríochta eile cuí-oilte agus cuícháilithe le haghaidh na rochtana sin;
- (m) beidh an pearsanra tarrthála agus an pearsanra comhraic dóiteáin cuí-oilte agus cuícháilithe chun oibriú i dtimpeallacht aeradróim. Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim clár oiliúna agus seiceála a chur chun feidhme agus a chothabháil chun a áirithiú go leanfaidh an pearsanra seo de bheith inniúil; agus
- (n) déanfaidh an pearsanra tarrthála agus an pearsanra comhraic dóiteáin go léir, a bhféadfadh sé go mbeadh gá leo gníomhú in éigeandálaí eitlíochta, a bhfeidhmiúlacht liachta chun a bhfeidhmeanna a fheidhmiú go sásúil a léiriú go tráthrialta, agus cineál na gníomhaíochta á chur san áireamh. Sa chomhthéacs seo, ciallaíonn feidhmiúlacht liachta, lena gcuimsítear feidhmiúlacht fhisiceach agus mheabhrach, nach bhfuil aon ghalar ná aon mhíchumas ar an duine seo den pearsanra a d'fhágfadh nach mbeadh sé in ann:
 - (i) na cúraimí is gá chun oibriú i gcásanna éigeandála eitlíochta a chur i gcrích;
 - (ii) na dualgais a shanntar dó tráth ar bith a fheidhmiú; nó
 - (iii) a thimpeallacht a bhrath i gceart.

2. Córais bhainistíochta

- (a) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim córas bainistíochta a chur chun feidhme agus a chothabháil chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha seo le haghaidh aeradróm agus beidh sé mar aidhm ag an gcóras sin feabhas leanúnach agus forghníomhach a chur ar shábháilteacht. Áireofar struchtúir eagrúcháin, cuntasacht, freagrachtaí, beartaí agus nósanna imeachta sa chóras bainistíochta.

- (b) Áireofar clár um chosc ar thionóiscí agus ar theagmhais, lena n-áirítear scéim thuairiscithe agus anailísithe teagmhais, sa chóras bainistíochta. Beidh na páirtithe atá liostaithe i bpointe 1(f) thuas, de réir mar is cuí, i gceist san anailís sin.
- (c) Déanfaidh an t-oibreoir aeradróim lámhleabhar a fhorbairt don aeradróim agus oibreoidh sé i gcomhréir leis an lámhleabhar sin. Beidh sna lámhleabhair sin na teoracha, an fhaisnéis agus na nósanna imeachta uile is gá don aeradróim, don chóras bainistíochta agus chun gur féidir leis an bpearsanra oibríochtaí a gcuid dualgas a chomhlíonadh.

C — Timpeallachtaí aeradróim

1. Déanfar an t-aerspás timpeall ar limistéir gluaiseachta aeradróim a chosaint ó chonstaicí ionas go bhféadfar na hoibríochtaí aerárthaí atá beartaithe a dhéanamh ag na haeradróim gan riosca do-ghlactha a chruthú mar thoradh ar chonstaicí a thiocfadh chun cinn mórthimpeall an aeradróim. Déanfar dromchlaí faireacháin constaicí a fhorbairt agus a chur chun feidhme, dá bhrí sin, agus déanfar faireachán orthu go leanúnach chun aon chur isteach ar na dromchlaí sin a shainaithint.
 - (a) Beidh gá le measúnú chun a shuíomh an gcruthaíonn aon chur isteach ar na dromchlaí sin riosca do-ghlactha. Bainfear amach aon ní is ionann agus riosca do-ghlactha nó glacfar gníomhaíocht mhaolaithe chuí chun na haerárthaí a úsáideann an t-aeradróim a chosaint.
 - (b) Déanfar aon chonstaicí den sórt sin a fhanfaidh ar an dromchla a chur in iúl i bhfoilseachán agus, ag brath ar an riachtanas, a mharcáil agus, nuair is gá, cuirfear faoi deara go mbeidh sé infheicthe trí bhíthin soilse.
2. Déanfar faireachán ar ghluaiseacha a bhaineann le gníomhaíochtaí an duine agus le húsáid talún, amhail na míreanna ar an liosta seo a leanas, ach gan a bheith teoranta dóibh sin amháin. Déanfar an riosca a chruthóidh siad a mheasúnú agus a mhaolú de réir mar is iomchuí:
 - (a) aon fhorbairt ar úsáid talún nó aon athrú ar úsáid talún i limistéar an aeradróim;
 - (b) aon suaiteacht a d'fhéadfadh teacht chun cinn i ngeall ar chonstaicí;
 - (c) úsáid soilse guaiseacha, mearbhallacha agus míthreoracha;
 - (d) dallraitheacht i ngeall ar dhromchlaí móra ard-fhrithchaiteacha;
 - (e) cruthú limistéar a d'fhéadfadh gníomhaíochtaí fiadhúlra a spreagadh mórthimpeall limistéar gluaiseachta an aeradróim;
 - (f) foinsí radaíochta dofheicthe nó nithe gluaiseachta nó nithe seasta a d'fhéadfadh cur isteach ar fheidhmíocht na gcóras cumarsáide, loingseoireachta agus faireachais aerloingseoireachta, nó a bhféadfadh drochthionchar a bheith acu ar an bhfeidhmíocht sin.
3. Déanfar plean éigeandála an phobail áitiúil a bhunú i gcomhair cásanna éigeandála eitlíochta a d'fhéadfadh teacht chun cinn i limistéar áitiúil an aeradróim.

D — Eile

Ní bhainfidh aerárthaí nach bhfuil dearadh agus nósanna imeachta oibríochta an aeradróim sin beartaithe dóibh i gcoitinne úsáid as aeradróim ná codanna den aeradróim céanna ach amháin i gcásanna éigeandála aerárthaigh, nuair a chuirtear aerárthach ar mhalairt slí chuig aeradróim eile, nó faoi dhálaí eile a bheidh sonraithe i ngach cás ar leith.

—
IARSCRÍBHINN Vb

CEANGLAIS FHÍOR-RIACHTANACHA MAIDIR LE BAT/SAL AGUS RIALTÓIRÍ AERTHRÁCHTA

1. Úsáid an Aerspáis

- (a) Déanfar gach aerárthach, seachas na haerárthaí sin atá ag gabháil do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a), le linn gach céim den eitilt nó le linn dóibh a bheith ar limistéar gluaiseachta aeradróim, a oibriú i gcomhréir le comhrialacha ginearálta oibríochta agus i gcomhréir le haon nós imeachta infheidhme a bheidh sonraithe maidir le húsáid an aerspáis sin.
- (b) Beidh gach aerárthach, seachas na haerárthaí sin atá ag gabháil do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 1(2)(a), feistithe leis na comhpháirteanna is gá agus oibreofar dá réir iad. Comhlíonfaidh na comhpháirteanna a úsáidtear sa chóras BAT/SAL na ceanglais i bpointe 3 freisin.

2. Seirbhísí

(a) Faisnéis aerloingseoireachta agus sonraí d'úsáideoirí aerspáis chun críche aerloingseoireachta

- (i) Beidh na sonraí a úsáidfear mar fhoinse faisnéise aerloingseoireachta de cháilíocht leordhóthanach, iomlán agus cothrom le dáta agus soláthrófar iad ar shlí thráthúil.
- (ii) Beidh an fhaisnéis aerloingseoireachta cruinn, iomlán, cothrom le dáta, gan athbhrí agus slán a dhóthain agus beidh sí i bhformáid a bheidh oiriúnach d'úsáideoirí.
- (iii) Déanfar faisnéis aerloingseoireachta den sórt sin a scaipeadh ar úsáideoirí aerspáis ar shlí thráthúil agus bainfear úsáid as modh cumarsáide a bheidh iontaofa agus gasta a dhóthain, ar modh é a bheidh cosanta ó chur isteach agus ó éilliú.

(b) Faisnéis mheitéareolaíochta

- (i) Beidh na sonraí a úsáidfear mar fhoinse faisnéise meitéareolaíochta aerloingseoireachta de cháilíocht leordhóthanach, iomlán agus cothrom le dáta.
- (ii) A mhéid is féidir, beidh an fhaisnéis mheitéareolaíochta aerloingseoireachta cruinn, iomlán, cothrom le dáta, slán a dhóthain agus gan athbhrí d'fhonn riachtanais úsáideoirí an aerspáis a chomhlíonadh.
- (iii) Déanfar faisnéis mheitéareolaíochta aerloingseoireachta den sórt sin a scaipeadh ar úsáideoirí aerspáis ar shlí thráthúil agus bainfear úsáid as modh cumarsáide iontaofa a dhóthain agus gasta a bheidh cosanta ó chur isteach agus ó éilliú.

(c) Seirbhísí aerthrachta

- (i) Beidh na sonraí a úsáidfear mar fhoinse chun seirbhísí aerthrachta a sholáthar ceart, iomlán agus cothrom le dáta;
- (ii) Beidh na seirbhísí aerthrachta cruinn, iomlán, cothrom le dáta agus gan athbhrí a ndóthain chun riachtanais sábháilteachta na n-úsáideoirí a chomhlíonadh.
- (iii) Déanfar uirlisí uathobrithe a thugann faisnéis nó comhairle d'úsáideoirí a dhearadh, a mhonarú agus a chothabháil go cuí chun a áirithiú go mbeidh siad oiriúnach don sprioc atá leo;
- (iv) Forálfaidh seirbhísí rialaithe aerthrachta agus próisis ghaolmhara do spás leormhaith idir aerárthaí agus, i gcás ionarb iomchuí, cabhróidh siad lena gcosaint ar chonstaicí agus ar ghuaiseanna aerbheirthe eile agus áirítheoidh siad go ndéanfar comhordú pras agus tráthúil i gcomhar leis na húsáideoirí ábhartha go léir agus leis na méideanna aerspáis cóngaracha go léir;
- (v) Beidh an chumarsáid idir na seirbhísí aerthrachta agus aerárthaí agus idir na haonaid ábhartha seirbhísí aerthrachta tráthúil, soiléir, ceart agus gan athbhrí agus beidh siad cosanta ó chur isteach agus beidh siad sothuigte gan dua agus, más infheidhme, aitheanta ag na gníomhairí go léir lena mbaineann;
- (vi) Beidh modhanna ann chun cásanna éigeandála a d'fhéadfadh a bheith ann a bhrath agus, nuair is cuí, chun gníomhaíocht chuardaigh agus tarrthála éifeachtach a chur ar bun. Cuimseoidh na modhanna sin, ar a laghad ar bith, meicníochtaí cuí rabhaidh, bearta agus nósanna imeachta comhordaithe, modhanna agus pearsanra chun an réimse freagrachta a chuimsiú go héifeachtúil;

(d) Seirbhísí cumarsáide

Déanfaidh na seirbhísí cumarsáide feidhmíocht leordhóthanach a bhaint amach agus a chothabháil chomh fada agus a bhaineann lena n-infhaighteacht, lena sláine, lena leanúnachas agus lena dtráthúlacht. Beidh siad gasta agus cosanta ó éilliú.

(e) Seirbhís aerloingseoireachta

Déanfaidh an tseirbhís aerloingseoireachta leibhéal leordhóthanach feidhmíochta a bhaint amach agus a chothabháil maidir le treoir, aimsiú suímh agus, nuair atá sé ar fáil, faisnéis uainiúcháin. Áirítear ar na critéir feidhmíochta beachtas, sláine, infhaighteacht agus leanúnachas na seirbhíse.

(f) Seirbhís faireachais

Déanfaidh na seirbhísí faireachais amach cá bhfuil suímh na n-aerárthaí faoi seach atá san aer, mar aon le suímh aerárthaí eile agus feithiclí talún ar dhromchla an aeradróim, agus déanfaidh siad an méid sin ar leibhéal feidhmíochta leordhóthanach chomh fada agus a bhaineann le beachtas, sláine, leanúnachas agus dóchúlacht brathadóireachta na suíomh sin.

(g) Bainistiú na sreibhe aerthráchta

Úsáidfidh agus soláthróidh an bainistiú oirbheartaíochta ar shreabha aerthráchta ar leibhéal an Chomhphobail faisnéis atá beacht a dhóthain agus cothrom le dáta faoi mhéid agus faoi chineál an aerthráchta bheartaithe a dhéanfaidh difear do sholáthar seirbhísí agus déanfaidh sé comhordú agus caibidlíocht ar athróid nó moilliú na sreabh aerthráchta d'fhonn an riosca go dtarlódh ró-ualú san aer nó sna haeradróim a laghdú;

(h) Bainistiú an aerspáis

Maidir le méideanna sonracha aerspáis a ainmniú chun críche usáide áirithe, déanfar faireachán ar an ainmniú sin agus déanfar é a chomhordú agus a fhógairt ar shlí thráthúil d'fhonn go ndéanfaí an riosca go gcaillfí aon spás idir aerárthaí i ngach uile chúinse a laghdú;

(i) Dearadh an aerspáis

Déanfar struchtúir aerspáis agus nósanna imeachta eitleirí a dhearadh go cuí agus déanfar suirbhéireacht go cuí orthu agus déanfar iad a bhailíochtú go cuí sula bhféadfar iad a imlonnú agus sula bhféadfaidh aerárthaí iad a úsáid.

3. Córais agus comhpháirteanna

(a) Ginearálta

Maidir leis na córais agus na comhpháirteanna BAT/SAL a sholáthraíonn faisnéis ghaolmhar don aerárthach agus ón aerárthach agus ar an talamh, beidh siad deartha, monaraithe, suiteáilte, cothabháilte agus oibríte go cuí chun a áirithiú go mbeidh siad oiriúnach don chuspóir atá beartaithe dóibh.

(b) Sláine, feidhmíocht agus iontaofacht na gcóras agus na gcomhpháirteanna

Maidir le sláine na gcóras agus na gcomhpháirteanna agus maidir lena bhfeidhmíocht ó thaobh na sábháilteachta de, cibé ar aerárthach, ar an talamh nó sa spás, beidh siad oiriúnach don chuspóir atá beartaithe dóibh. Déanfaidh siad an leibhéal feidhmíochta oibríochta is gá maidir lena gcoinníollacha intuartha oibríochta go léir agus maidir lena saol oibríochta iomlán a chomhlíonadh.

(c) Córais agus comhpháirteanna a dhearadh

(i) Déanfar córais agus comhpháirteanna a dhearadh chun go gcomhlíonfaidh siad na ceanglais sábháilteachta is infheidhme;

(ii) Maidir le córais agus le comhpháirteanna, arna mbreithniú i dteannta a chéile, ar leithligh agus ag féachaint don ghaol atá eatarthu, déanfar iad a dhearadh sa chaoi is go mbeidh gaol inbheartach ann idir an dóchúlacht gur cliseadh ar an gcóras iomlán a d'fhéadfadh a bheith mar thoradh ar aon chliseadh agus déine a éifeachta ar shábháilteacht na seirbhísí;

(iii) Déanfar na teorainneacha a bhaineann le hinniúlachtaí agus feidhmíocht an duine a chur san áireamh agus na córais agus na comhpháirteanna, arna mbreithniú ar leithligh agus i gcomhcheangal lena chéile, á ndearadh;

(iv) Déanfar na córais agus na comhpháirteanna a dhearadh sa chruth agus go gcosnófar iad ó idirghníomhaíochtaí dochracha neamhbheartaithe le gnéithe seachtracha;

(v) Déanfar faisnéis atá riachtanach chun na córais agus na comhpháirteanna a mhonarú, a shuiteáil, a oibriú agus a chothabháil, mar aon le faisnéis maidir le coinníollacha neamhsábháilte, a chur ar fáil do phearsanra ar bhealach soiléir, comhsheasmhach agus gan athbhrí;

(d) Leibhéal leanúnach seirbhíse

Déanfar leibhéal sábháilteachta na gcóras agus na gcomhpháirteanna a chothabháil le linn seirbhíse agus tráth a ndéantar aon mhodhnuithe ar an tseirbhís;

4. Cáilíochtaí rialtóirí aerthráchta

(a) Ginearálta

Beidh duine a bhfuil oiliúint á chur air mar rialtóir aerthráchta nó mar ábhar rialtóra aerthráchta chomh haibí ó thaobh oideachais, coirp agus meabhrach de chun go mbeidh sé in ann an t-eolas ábhartha teoiriciúil agus an scil phraiticiúil a shealbhú, a choimeád agus a léiriú.

(b) Eolas teoiriciúil

- (i) Déanfaidh rialtóir aerthrachta leibhéal eolais a shealbhú agus a chothabháil, ar leibhéal eolais é a oirfidh do na feidhmeanna a dhéanfar agus a bheidh i gcomhréir leis na rioscaí a bhaineann leis an gcineál seirbhíse a shealbhú agus a chothabháil;
- (ii) Léireofar go bhfuil eolas teoiriciúil á shealbhú agus á choimeád trí mheasúnú leanúnach le linn na hoiliúna, nó trí scrúduithe iomchuí;
- (iii) Déanfar leibhéal iomchuí eolais theoiriciúil a chothabháil. Léireofar go bhfuil sé sin á chomhlíonadh trí mheasúnuithe rialta nó trí scrúduithe rialta. Beidh rialtacht na scrúduithe i gcomhréir leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an gcineál seirbhíse i dtrácht;

(c) Scil phraiticiúil

- (i) Gheobhaidh agus cothabhálfadh rialtóir aerthrachta na scileanna praiticiúla is iomchuí chun a chuid feidhmeanna nó a cuid feidhmeanna a chur i gcrích. Beidh na scileanna sin i gcomhréir leis na rioscaí a bhaineann leis an gcineál seirbhíse agus déanfaidh siad, más iomchuí i gcás na bhfeidhmeanna a fheidhmeofar, an méid seo a leanas a chumhdach:
 - i. nósanna imeachta oibríochta;
 - ii. sainghnéithe a bhaineann leis an gcúram;
 - iii. cásanna neamhghnácha agus cásanna éigeandála; agus
 - iv. tosca a bhaineann leis an duine.
- (ii) Léireoidh rialtóir aerthrachta go bhfuil sé ar a chumas na nósanna imeachta agus na cúraimí gaolmhara a chur i gcrích de réir leibhéil inniúlachta is iomchuí do na feidhmeanna a fheidhmítear.
- (iii) Déanfar leibhéal sásúil inniúlachta i scil phraiticiúil a chothabháil. Fíordheimhneofar go bhfuil sé sin á chomhlíonadh trí mheasúnuithe rialta. Beidh minicíocht na measúnuithe seo i gcomhréir leis an gcastacht agus leis an leibhéal riosca a bhaineann leis an gcineál seirbhíse agus leis na cúraimí a chomhlíontar.

(d) Inniúlacht teanga

- (i) Léireoidh rialtóir aerthrachta go bhfuil sé ar a chumas Béarla a labhairt agus a thuiscint a dhóthain chun go mbeidh sé nó sí ábalta cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i gcásanna guthchumarsáide amháin (guthán/ raidió-theileafón) agus i gcásanna cumarsáide 'duine le duine' i dtaobh ábhar nithiúil agus ábhar a bhaineann leis an obair, lena n-áirítear cásanna éigeandála.
- (ii) Sa chás go mbíonn gá leis chun seirbhís rialaithe ATS a sholáthar, beidh ar chumas rialtóra aerthrachta an teanga náisiúnta nó na teangacha náisiúnta a labhairt agus a thuiscint go dtí an leibhéal a bhfuil tuairisc tugtha thuas air.

(e) Feistí sintéiseacha (STD)

Nuair a bhaintear úsáid as STD chun oiliúint phraiticiúil a thabhairt san fheasacht ar dhálaí éagsúla agus i dtosca an duine nó chun a léiriú go bhfuil scileanna faighte nó cothabháilte, beidh leibhéal feidhmíochta ag an bhfearas sin le go bhféadfar samhaltú leordhóthanach a dhéanamh ar an timpeallacht oibre agus ar na dálaí oibríochta atá oiriúnach don oiliúint atá á soláthar.

(f) Cúrsa oiliúna

- (i) Tabharfar an oiliúint i bhfoirm cúrsa oiliúna, ina bhféadfar teagasc teoiriciúil agus teagasc praiticiúil a chuimsiú, lena n-áirítear oiliúint ar STD, más infheidhme.
- (ii) Déanfar cúrsa a shainiú agus a fhormheas i gcomhair gach cineál oiliúna.

(g) Teagascóirí

- (i) Is teagascóirí cuícháilithe amháin a thabharfaidh teagasc teoiriciúil. Maidir leis na teagascóirí seo:
 - i. beidh eolas cuí acu sa réimse lena mbaineann an teagasc atá le tabhairt; agus

- ii. beidh sé léirithe acu go bhfuil sé ar a gcumas modhanna teagaisc iomchuí a úsáid.
- (ii) Is teagascóirí cuícháilithe, a mbeidh na cáilíochtaí seo a leanas acu, a dhéanfaidh scileanna praiticiúla a theagasc:
 - i. comhlíonfaidh siad na ceanglais iomchuí maidir le heolas teoiriciúil agus taithí de réir an teagaisc atá á thabhairt;
 - ii. beidh sé léirithe acu go bhfuil sé ar a gcumas teagasc a dhéanamh agus modhanna teagaisc iomchuí a úsáid;
 - iii. beidh taithí acu ar theicnící teagaisc sna nósanna imeachta sin ina mbeartaítear teagasc a chur ar fáil; agus
 - iv. cuirfear oiliúint athnuachana rialta orthu chun a áirithiú go gcothabhálfaidh siad na hinniúlachtaí teagaisc.
- (iii) Beidh teagascóirí i scileanna praiticiúla i dteideal gníomhú mar rialtóirí aerthráchta freisin, nó ní mór go raibh siad i dteideal gníomhú amhlaidh tráth.
- (h) Measúnóirí
 - (i) Maidir leis na daoine a bheidh freagrach as measúnú a dhéanamh ar scil na rialtóirí aerthráchta:
 - i. beidh sé léirithe acu go bhfuil siad ábalta feidhmíocht na rialtóirí aerthráchta a mheasúnú, agus scrúduithe agus seiceálacha a dhéanamh orthu; agus
 - ii. cuirfear oiliúint athnuachana rialta orthu chun a áirithiú go gcoimeádfar na caighdeáin measúnaithe cothrom le dáta.
 - (ii) Beidh measúnóirí ar scileanna praiticiúla i dteideal gníomhú mar rialtóirí aerthráchta sna réimsí ina bhfuil an measúnú le déanamh, nó ní mór go raibh siad i dteideal gníomhú amhlaidh tráth.
- (i) Feidhmiúlacht liachta rialtóra aerthráchta
 - (i) Critéir liachta
 - i. Beidh ar gach rialtóir aerthráchta a fheidhmiúlacht liachta chun a fheidhmeanna a fheidhmiú go sásúil a léiriú go tráthrialta. Déanfar comhlíonadh a léiriú trí mheasúnú iomchuí trína gcuirfear an meath meabhrach agus fisiceach a d'fhéadfadh a bheith ann de bharr aoise san áireamh;
 - ii. Maidir le feidhmiúlacht liachta a léiriú, arb éard atá ann feidhmiúlacht fhisiceach agus mheabhrach, áireofar ann gur léiríodh nach bhfuil aon ghalar ná aon mhíchumas ar an duine a sholáthraíonn seirbhís aerthráchta (ATC), a d'fhágfadh nach mbeadh sé in ann:
 - na cúraimí is gá chun seirbhís BAT a sholáthar a chur i gcrích go cuí,
 - dualgais a shanntar dó a fheidhmiú, tráth ar bith, nó
 - a timpeallacht nó a thimpeallacht a bhrath i gceart.
 - (ii) I gcás nach féidir feidhmiúlacht liachta a léiriú go hiomlán, féadfar bearta maolaithe a chur i bhfeidhm lena gcuirfear sábháilteacht choibhéiseach ar fáil.

5. Soláthraithe seirbhísí agus eagraíochtaí oiliúna

- (a) Ní rachfar i mbun soláthair seirbhísí mura rud é go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) beidh an acmhainn is gá le haghaidh scála agus raon na seirbhíse ag an soláthraí seirbhíse, go díreach nó go hindíreach trí chonarthaí. Ar na hacmhainní sin, beidh na hacmhainní seo a leanas, cé nach mbeidh siad teoranta dóibh sin amháin: córais, saoráidí, lena n-áirítear soláthar cumhachta, struchtúr bainistíochta, pearsanra, trealamh agus cothabháil an trealamh sin, doiciméadacht ar chúraimí, ar fhreagrachtaí agus ar nósanna imeachta, rochtain ar shonraí ábhartha agus coimeád taifead;

- (ii) déanfaidh an soláthraí seirbhíse lámhleabhair bhainistíochta agus lámhleabhair oibríochtaí a fhorbairt agus a choimeád cothrom le dáta maidir le soláthar a chuid seirbhísí agus beidh air oibriú i gcomhréir leis na lámhleabhair sin. Beidh sna lámhleabhair sin na teoracha uile, an fhaisnéis uile agus na nósanna imeachta uile is gá do na hoibríochtaí, don chóras bainistíochta agus chun gur féidir leis an bpearsanra oibríochtaí a gcuid dualgas a chomhlíonadh;
 - (iii) déanfaidh an soláthraí seirbhíse córas bainistíochta riosca-bhunaithe a chur chun feidhme agus a chothabháil chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha atá san Iarscríbhinn seo agus beidh sé mar aidhm ag an soláthraí feabhsúchán leanúnach gníomhach a chur ar an gcóras sin;
 - (iv) is pearsanra cuícháilithe agus cuí-oilte, agus iad sin amháin, a úsáidfí an soláthraí seirbhíse agus déanfaidh sé clár oiliúna agus seiceála a chur chun feidhme agus a chothabháil don phearsanra;
 - (v) déanfaidh an soláthraí seirbhíse idirphléití foirmiúla a bhunú leis na rannpháirtithe eile go léir a chuidíonn leis an tseirbhís a sholáthar chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha seo;
 - (vi) bunóidh an soláthraí seirbhíse plean teagmhasach ina gcuimseofar cásanna éigeandála agus dálaí neamhghnácha a d'fhéadfadh titim amach maidir lena sheirbhísí, agus cuirfidh sé an plean sin chun feidhme;
 - (vii) bunóidh agus cothabhálfaidh an soláthraí seirbhíse clár coiscithe tionóiscí agus tarluithe mar aon le clár sábháilteachta, lena n-áirítear clár tuairiscithe agus anailísithe teagmhas, agus bainfidh an córas bainistíochta feidhm as chun cur leis an aidhm feabhsú leanúnach a dhéanamh ar shábháilteacht; agus
 - (viii) déanfaidh an soláthraí seirbhíse socruithe chun a fhíorú go bhfuil ceanglais feidhmíochta sábháilteachta aon chórais agus aon chomhpháirt a oibríonn sé á gcomhlíonadh tráth ar bith.
- (b) Ní rachfar i mbun soláthair seirbhíse ATC mura rud é go gcomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:
- (i) trí chóras uainchláir, déanfar bainistiú ar chosc tuirse an phearsanra sin a sholáthraíonn seirbhís ATC. Caithfidh an córas uainchláir sin déileáil le tréimhsí dualgais, am dualgais agus tréimhsí scíthe oiriúnaithe. Maidir leis na srianta a bhunaítear laistigh den chóras uainchláir, tabharfar lánaird ar na tosca ábhartha a chuireann le tuirse amhail, go háirithe, easpa codlata, cur isteach ar thimthriallta laethúla, uaireanta oíche, am dualgais carnach ar feadh tréimhsí ama áirithe agus cúraimí leithdháilte a roinntear ar phearsanra;
 - (ii) trí chlár oideachais agus trí chlár um chosc, déanfar bainistiú ar chosc struis an phearsanra sin a sholáthraíonn seirbhís ATC;
 - (iii) beidh nósanna imeachta curtha i ngníomh ag an soláthraí seirbhíse ATC chun a fhíorú nach lagaítear breithiúnas cognaíoch an phearsanra sin a sholáthraíonn seirbhísí ATC nó nach bhfuil siad easpach ó thaobh feidhmiúlacht liachta de;
 - (iv) mar chuid den phleanáil agus de na hoibríochtaí, déanfaidh an soláthraí seirbhíse ATC srianta oibríochtúla agus teicniúla, mar aon le príonsabail a bhaineann le tosca an duine, a chur san áireamh.
- (c) Ní rachfar i mbun soláthair seirbhíse cumarsáide, loingseoireachta agus/nó faireachais (S) mura rud é go gcomhlíontar an coinníoll seo a leanas:
- Déanfaidh an soláthraí seirbhíse úsáideoirí ábhartha an aerspáis agus na haonaid ATS a choimeád ar an eolas ar bhonn tráthúil maidir le stádas oibríochta a sheirbhísí (agus aon athruithe ar an stádas sin) a sholáthraítear chun críocha ATS.
- (d) Eagraíochtaí oiliúna
- Déanfaidh eagraíocht oiliúna a chuireann oiliúint ar phearsanra a sholáthraíonn seirbhís ATC na ceanglais seo a leanas a chomhlíonadh:
- (i) beidh gach acmhainn is gá aici maidir le raon na bhfreagrachtaí a bhaineann lena gníomhaíocht. Ar na hacmhainní sin, beidh na hacmhainní seo a leanas, cé nach mbeidh siad teoranta dóibh seo amháin: saoráidí, pearsanra, trealamh, modheolaíocht, doiciméadacht ar chúraimí, ar fhreagrachtaí agus ar nósanna imeachta, rochtain ar shonraí ábhartha agus coimeád taifead;
 - (ii) córas bainistíochta a bhaineann le sábháilteacht agus le caighdeán na hoiliúna a chur chun feidhme agus a chothabháil agus féachaint leis an gcóras seo a fheabhsú go leanúnach; agus
 - (iii) socruithe le heagraíochtaí ábhartha eile a bhunú, de réir mar is gá, chun a áirithiú go gcomhlíonfar na ceanglais fhíor-riachtanacha seo ar bhonn leanúnach.'

CEARTÚCHÁN**Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I)**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 177 an 4 Iúil 2008)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge 51, an 4 Iúil 2008, lch. 6)

Leathanach 16, Airteagal 28

In ionad: 'Airteagal 28

Cur i bhfeidhm i dtaca le ham

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le conarthaí a dhéanfar tar éis an 17 Nollaig 2009.'

Léitear: 'Airteagal 28

Cur i bhfeidhm i dtaca le ham

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le conarthaí a dhéanfar amhail ón 17 Nollaig 2009.'

Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 211, an 14 Lúnasa 2009)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge)

Leathanach 49, Airteagal 27(1), an abairt dheireanach:

In ionad: 'Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin nach gcomhfhreagraíonn d'fhorálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 faoin 3 Meán Fómhair 2009 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.'

Léitear: 'Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin nach gcomhfhreagraíonn d'fhorálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 faoin 3 Márta 2011 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.'

Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 444/2009 an 28 Bealtaine lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 142 an 6 Meitheamh 2009)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán speisialta Gaeilge)

An clúdach agus leathanach 1, an teideal:

in ionad: 'Rialachán (CE) Uimh. 444/2009 an 28 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do mhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit',

léitear: 'Rialachán (CE) Uimh. 444/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do mhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit',

Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 1166/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le suirbhéanna ar struchtúr feirmeacha agus an suirbhé ar mhodhanna táirgeachta talmhaíochta agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 571/88 ón gComhairle

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 321 an 1 Nollaig 2008)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh Eagrán Speisialta Gaeilge)

Leathanach 14, aithris (6):

In ionad: '(6) Tá ganntanas faisnéise staidrimh ar na modhanna difriúla táirgeachta talmhaíochta ag leibhéal gabháltas aonair. (...)'

Léitear: '(6) Tá ganntanas faisnéise staidrimh ar na modhanna difriúla táirgeachta talmhaíochta ar leibhéal gabháltas aonair. (...)'

Leathanach 15, aithris (20), an dara habairt:

In ionad: 'Os rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus gur le haghaidh eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú a cheapfar iad, trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ba cheart iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5(a) de Chinneadh 1999/468/CE.'

Léitear: 'Ós rud é go bhfuil raon feidhme ginearálta ag na bearta sin agus go bhfuil siad ceaptha chun eilimintí neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, trína fhorlíonadh le heilimintí nua neamhriachtanacha, ní mór iad a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta rialúcháin lena ngabhann grinnscrúdú agus dá bhforáiltear in Airteagal 5(a) de Chinneadh 1999/468/CE.'

Leathanach 18, Airteagal 12, mír 1, pointe (a):

In ionad: '(a) an teagar agus an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm;'

Léitear: '(a) an t-eagar agus an mhodheolaíocht a cuireadh i bhfeidhm;'

Leathanach 20, Iarscríbhinn I, an chéad mhír:

In ionad: '(d'fhéadfadh sé gur gníomhaíochtaí príomhúla nó tánaisteacha bheadh i gceist)'

Léitear: '(d'fhéadfadh sé gur gníomhaíochtaí príomhúla nó tánaisteacha a bheadh i gceist)'

Leathanach 20, Iarscríbhinn I, an tábla, an chéad cholún:

In ionad: 'Gníomhaíochtaí tacaíochta don talmhaíocht agus do ghníomhaíochtaí barr iar-bhuainte'

Léitear: 'Gníomhaíochtaí tacaíochta don talmhaíocht agus do ghníomhaíochtaí barr iarbhuite'

Leathanach 21, Iarscríbhinn II, an tábla, an tríú colún, 'Táirseach':

In ionad: '10 gCeann

50 Ceann

10 gCeann

20 Ceann

20 Ceann

1 000 Ceann'

Léitear: '10 gCloigne

50 Cloigeann

10 gCloigne

20 Cloigeann

20 Cloigeann

1 000 Cloigeann'

Leathanach 24 go 28, Iarscríbhinn III, Ceannteideal an dara colún:

In ionad: 'AONAIÐ/AICMÍ'

Léitear: 'AONAIÐ/CATAGÓIRÍ'

Leathanach 31, Iarscríbhinn IV, an Ceannteideal:

In ionad: 'Aicmí beachtais'

Léitear: 'Catagóirí beachtais'

Leathanach 32, leathanach 33 agus leathanach 34, Iarscríbhinn V, Ceannteideal an tríú colún:

In ionad: 'Aonaid/aicmí'

Léitear: 'Aonaid/catagóirí'

CEARTÚCHÁN**Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 593/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 2008 maidir leis an dlí is infheidhme ar oibleagáidí conarthacha (An Róimh I)**

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 177 an 4 Iúil 2008)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge 51, an 4 Iúil 2008, lch. 6)

Leathanach 16, Airteagal 28

In ionad: 'Airteagal 28

Cur i bhfeidhm i dtaca le ham

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le conarthaí a dhéanfar tar éis an 17 Nollaig 2009.'

Léitear: 'Airteagal 28

Cur i bhfeidhm i dtaca le ham

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le conarthaí a dhéanfar amhail ón 17 Nollaig 2009.'

Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 715/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Iúil 2009 maidir le coinníollacha le haghaidh rochtana ar na gréasáin gáis nádúrtha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 211, an 14 Lúnasa 2009)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán Speisialta Gaeilge)

Leathanach 49, Airteagal 27(1), an abairt dheireanach:

In ionad: 'Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin nach gcomhfhreagraíonn d'fhorálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 faoin 3 Meán Fómhair 2009 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.'

Léitear: 'Tabharfaidh siad fógra don Choimisiún maidir leis na rialacha sin nach gcomhfhreagraíonn d'fhorálacha a leagtar síos i Rialachán (CE) Uimh. 1775/2005 faoin 3 Márta 2011 agus tabharfaidh siad fógra gan mhoill don Choimisiún maidir le haon leasú ina dhiaidh sin a dhéanfaidh difear dóibh.'

Ceartúchán ar Rialachán (CE) Uimh. 444/2009 an 28 Bealtaine lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do bhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L 142 an 6 Meitheamh 2009)

(Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh L Eagrán speisialta Gaeilge)

An clúdach agus leathanach 1, an teideal:

in ionad: 'Rialachán (CE) Uimh. 444/2009 an 28 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do mhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit',

léitear: 'Rialachán (CE) Uimh. 444/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Bealtaine 2009 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 2252/2004 ón gComhairle maidir le caighdeáin do ghnéithe slándála agus do mhithmhéadracht i bpasanna agus i ndoiciméid taistil arna n-eisiúint ag Ballstáit',

COSTAS SÍNTIÚIS 2009 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 000 sa bhliain (*)
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 100 sa mhí (*)
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 700 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 70 sa mhí
Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 400 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 40 sa mhí
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 500 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 360 sa bhliain (=EUR 30 sa mhí)
Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

(*) Á díol de réir uimhreach: suas go 32 leathanach: EUR 6
ó 33 go 64 leathanach: EUR 12
níos mó ná 64 leathanach: Praghas socraithe i ngach cás.

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlónadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-íomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Díolacháin agus síntiúis

Tá na foilseacháin a eisíonn an Oifig Foilseachán, agus a gcaithfear íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>



Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA